# 12. Tírdhreach agus Saincheisteanna Amhairc

## 12.1 Réamhrá

Mar a leagtar amach i gCaibidil 1 den TMTT nuashonraithe seo, is nuashonrú é seo ar Chaibidil 12 den TMTT a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2018 mar chuid den iarratas ar cheadú don N6 GCRR atá beartaithe de bhun Alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú) ("Iarratas Alt 51"). Is cuid den fhreagairt í ar an iarraidh a rinne an Bord Pleanála ar thuilleadh faisnéise i mí na Nollag 2023 tráth ar iarr sé (in éineacht le roinnt iarrataí eile) ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an "*Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Nuashonrú"*. Sa chaibidil seo cuirtear i láthair breithmheas ar an Tionscadal faoin gceannteideal tírdhreach agus amharc. I gcás ina ndearnadh athruithe nó nuashonrú ar an measúnacht ó TMTT 2018 i leith, leagadh iad sin amach sa chaibidil nuashonraithe seo.

Leagtar amach ag tús na caibidle seo an mhodheolaíocht a leantar agus an breithmheas á chur i gcrích don nuashonrú (Cuid 12.2), déantar cur síos inti ar an timpeallacht tírdhreacha agus amhairc atá ann faoi láthair agus aon athrú suntasach ó TMTT 2018 á thabhairt faoi deara (Cuid 12.3), agus déantar achoimre inti ar phríomh-shaintréithe an Tionscadail atá ábhartha do ghnéithe tírdhreacha agus amhairc (Cuid 12.4). Déantar cur síos ar an measúnú ar thionchair an Tionscadail ar an timpeallacht tírdhreacha agus amhairc (Cuid 12.5), ar na bearta atá molta chun na tionchair sin a mhaolú (Cuid 12.6), agus ar na tionchair iarmharacha (Cuid 12.7). Tá tionchair charnacha leagtha amach i gCuid 12.8. Ag deireadh na caibidle, tá achoimre (Cuid 12.9) agus rannán tagartha (Cuid 12.10).

Sa chaibidil seo úsáideadh an fhaisnéis a bailíodh le linn na staidéar ar shrianta agus roghnuithe bealaí don N6 GCRR atá beartaithe, le linn na staidéar lenar múnlaíodh TMTT 2018, don Fhreagairt ar Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise in 2019 agus don éisteacht ó bhéal in 2020, chomh maith le sonraí a bailíodh le linn cuairteanna suímh a rinneadh in 2023/2024 leis an mbreithmheas tírdhreacha agus tionchair amhairc don TMTT nuashonraithe seo. Breithníodh i gCodanna 4.7, 6.5.5 agus 7.6.5 den Tuarascáil ar Roghnú Bealaí don N6 GCRR atá beartaithe na baic thírdhreacha agus amhairc a bhí laistigh de limistéar staidéir na scéime, agus cuireadh i gcomparáid na tionchair thírdhreacha agus amhairc a d'fhéadfadh a bheith acu leis na conairí bealaigh beartaithe faoi seach. Chuidigh na measúnachtaí agus na ranna sin den Tuarascáil ar Roghnú Bealaigh le dearadh an Tionscadail ar a ndéantar measúnú sa chaibidil seo.

Baineann na príomhathruithe ar an gcaibidil ó TMTT 2018 leis an méid seo a leanas a nuashonrú:

- an cur síos ar an timpeallacht ghlactha agus ar na measúnachtaí tionchair chun athruithe, forbairt nua, etc. a chur san áireamh
- an cur síos ar an tírdhreach glactha agus ar an timpeallacht pleanála amhairc le Pleananna Forbartha Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe atá i bhfeidhm faoi láthair a chur san áireamh, agus athruithe ar na Pleananna Ceantair Áitiúil (PCÁ), etc.
- Tá athruithe, forbairtí nua, etc. (lena n-áirítear iad siúd thuas), san áireamh in Aguisín A12.1 agus i bhFíoracha sraith 12.1, sraith 12.2 agus sraith 12.3
- leis na pointí a tarraingíodh anuas ón Achoimre Fianaise a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ó Thuarascáil Chigire ABP dar dáta Meitheamh 2021 a chur san áireamh

## 12.2 Modheolaíocht

### 12.2.1 Réamhrá

Tá dhá ghné ar leithligh ag baint le tírdhreach ach tá dlúthbhaint acu le chéile. Is é an **tionchar amhairc** an chéad cheann, i. cé chomh feiceálach a bheidh an fhorbairt nua sa tírdhreach. Is é an **tionchar ar nádúr an tírdhreacha** an dara ceann, is é sin le rá, tionchair na forbartha nua ar chreatlach nó ar struchtúr an tírdhreacha.

Sa mheasúnacht tionchair amhairc déantar gabhdóirí amhairc feadh an Tionscadail a mheas. Is ionann gabhdóir amhairc agus na daoine a bheidh ag breathnú ar an bhforbairt atá beartaithe agus na maoine óna mbeidh radharc le fáil ar an bhforbairt. Is maoine cónaithe iad formhór na ngabhdóirí ach cuirtear maoine cultúrtha agus oidhreachta agus áiseanna pobail san áireamh freisin m.sh. eaglaisí, áiseanna agus áiseanna caitheamh aimsire, spásanna oscailte, siúlbhealaí, agus áiteanna féachana eile sa timpeallacht.

Eascraíonn nádúr an tírdhreacha as cuma na talún, agus cuirtear san áireamh ann gnéithe nádúrtha agus de dhéantús an duine amhail topagrafaíocht, tírghnéithe, fásra, úsáidí talún agus timpeallacht thógtha, agus an idirghníomhú eatarthu chun patrúin shonracha a chruthú atá sainiúil do cheantair ar leith. Dá bhrí sin, déantar gnéithe mar nádúr tírdhreacha agus ainmniú tírdhreacha a mheas sa tuairisc ar an tírdhreach ina bhfuil an bóthar le tógáil.

### 12.2.2 Reachtaíocht agus Treoirlínte

Féachtar leis an modheolaíocht d'Ailt 50(2) agus 50(3) d'Acht na mBóithre 1993 arna leasú, agus do na foilseacháin threoracha seo a leanas lena n-áirítear treoraíocht nua ó TMTT 2018 i leith, atá fós ábhartha uile don mheasúnacht nuashonraithe seo:

- *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Assessment Reports.* An GCC, 2022
- *Guidelines for Landscape and Visual Impact Assessment,* an 3ú hEagrán. LI / IEMA, 2013
- *A Guide to Landscape Treatments for National Road Schemes in Ireland.* An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006
- *Guidelines on the Implementation of Landscape Treatments on National Road Schemes in Ireland.* An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2012
- *Guidelines for Protection and Preservation of Trees, Hedgerows and Scrub Prior to, during and Post Construction of National Road Schemes.* An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006
- *Design and Delivery of Soft Landscape Treatments in Urban Transport Environments (GE-ENV-03002).* BIÉ, 2024
- *TII Landscape Character Assessment (LCA) and Landscape and Visual Impact Assessment (LVIA) of Specified Infrastructure Projects - Overarching Technical Document (PE-ENV-01101).* BIÉ, 2020
- *Landscape Character Assessment (LCA) and Landscape and Visual Impact Assessment (LVIA) of Proposed National Roads – Standard (PE-ENV-01102).* BIÉ, 2020

### 12.2.3 Foinsí Sonraí agus Comhairliúcháin

Rinneadh breithniú chomh maith ar thorthaí agus ar mholtaí chaibidlí eile den TMTT nua shonraí seo agus an measúnú seo á ullmhú. Chuathas i mbun idirchaidreamh agus comhairliúchán ar leith leis na speisialtóirí ábhartha i bhfoireann an tionscadail ó thaobh an dearaidh don Tionscadal, agus le béim faoi leith ar ghnéithe amhail Seandálaíocht, Ailtireacht agus Oidhreacht Chultúrtha, Bithéagsúlacht, Torann agus Creathadh, Daoine agus Gníomhaíochtaí Tógála.

### 12.2.4 Limistéar staidéir na scéime agus Bailiú Sonraí Bonnlíne

Leis an suíomh tírdhreacha don Tionscadal cuimsítear conair leathan atá comhdhéanta de thírdhreach a bhfuil cuid de ina thírdhreach tuaithe, cuid eile ina thírdhreach imuirbeach agus cuid eile ina thírdhreach fo-bhaile ag síneadh siar ó Bhearna timpeall thuaisceart agus oirthear Chathair na Gaillimhe chun nascadh leis an N6 atá ann faoi láthair idir Dabhach Uisce agus Cúil Each-Cnoc Mhaoil Drise. Leathnaítear an chonair agus í ag dul trí cheantair ar leith le gnéithe a chur san áireamh amhail limistéir plandaithe maolaithe ag Mionlach agus na stáblaí ag Ráschúrsa na Gaillimhe.

Mar chuid de bhailiú sonraí bunlíne rinneadh athbhreithniú ar eolas deisce lena n-áirítear cáipéisí pleanála reachtúla, measúnuithe ar nádúr tírdhreacha agus foilseacháin agus foinsí eile maidir le cúrsaí tírdhreacha agus amhairc le go bhféadfaí tírdhreacha suntasacha agus íogaire agus gabhdóirí amhairc a aithint.

Rinneadh torthaí na céime bailithe sonraí deisce a mhéadú, a bheachtú agus a fhíorú le linn sraith cuairteanna suíomh, a rinneadh ag tráthanna difriúla den bhliain, lena n-áirítear le linn 2024, chuig conair tírdhreacha an Tionscadail. Leis an méid sin bhíothas in ann gabhdóirí amhairc, gné thírdhreacha agus fásra a shainaithint, agus anailís a dhéanamh ar an tírdhreach áitiúil agus ar an nádúr amhairc.

### 12.2.5 Modheolaíocht don Mheasúnacht Tionchair

Is iad na critéir shuntasachta mar a leagtar amach i dTreoirlínte GCC a úsáideadh chun críche na measúnachta sin, féach Tábla 12.1 Critéir Mheasúnachta Tírdhreacha agus Tionchair Amhairc.

Déantar tábhacht na dtírdhreach a mheas i bhfianaise an chaoi a bhfuil siad ainmnithe (i. tábhacht náisiúnta, contae, áitiúil, srl.). I gcás nach bhfuil siad ainmnithe ná cosanta ar shlí eile, meastar go bhfuil tábhacht áitiúil ag tírdhreacha. Dá bhrí sin, cuirtear san áireamh i measúnuithe tírdhreacha an timpeallacht ina bhfuil rud le cur nó le tógáil, an nádúr agus na gnéithe a bhaineann leis an áit chomh maith le sonrúcháin agus liostú pleanála tírdhreacha.

Déantar amhairc ó mhaoine a mheas ar bhonn comhionann gan céimeanna éagsúla tábhachtacha ná íogaireachta a chur san áireamh. Déantar gach réadmhaoin atá suite laistigh de 200m ó lárlíne an N6 GCRR atá beartaithe a mheas, in éineacht le haon réadmhaoin atá lasmuigh de 200m, a mheastar go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu de bharr cúiseanna suímh atá ábhartha don Tionscadal, don oscailteacht amhairc nó ar bhealach eile. Den chuid is mó, is amhlaidh nár áiríodh leis an measúnacht na réadmhaoine atá lasmuigh de 200m ó lárlíne an N6 GCRR atá beartaithe agus nach bhféadfadh aon tionchar a bheith orthu. Cé go bhféadfaí amharc ar an Tionscadal ó na réadmhaoine sin, is amhlaidh de bharr meascáin faid, comhthéacs, airde nó na topagrafaíochta atá idir eatarthu, arb ionann an Tionscadal agus cuid bheag den radharcra foriomlán, agus nach mbeidh aon drochthionchar ann dá bharr. Déantar thionchar radhairc ó mhaoine eile seachas áiteanna cónaithe a mheas freisin agus ar an ábhar sin tá scoileanna, áiseanna pobail agus áiseanna áineasa agus taitneamhachtaí eile san áireamh.

Déantar measúnachtaí amhairc ar na réadmhaoine a chlárú sna Táblaí den Sceideal Tionchar Amhairc (STA) in Aguisín A.12.1 agus tá siad léirithe ar na fíoracha Tírdhreacha agus Amhairc (Féach ar Fhíoracha 12.1.01 go 12.1.15). Tá na réadmhaoine uimhrithe le tagairtí seicheamhacha atá bunaithe ar shlabhra in ord neas-tíreolaíoch aniar agus soir feadh an Tionscadail.

Déantar na tionchar amhairc a mheas ag trí phríomhchéim:

**Céim na Tógála:** ina meastar tréimhse na tógála gníomhaí den Tionscadal suas go dtí críochnú na n-oibreacha.

**Céim réamhbhunaithe:** ina meastar tréimhse oibriú tosaigh an Tionscadail nach dócha go ndéanfar maolú éifeachtach leis na bearta tírdhreacha nua. Beidh na hoibreacha go léir, lena n-áirítear teorainneacha nua, bacainní, scáileáin, síolchur, srl. críochnaithe ach cé go mbeidh plandáil déanta, bheidh tréimhse ama ag teastáil chun go bhfásfadh siad agus go gcuirfidh siad maolú éifeachtach ar fáil. Déantar an tionchar a mheas sa bhliain ina n-osclófaí an N6 GCRR atá beartaithe.

**An Chéim Iarbhunaithe:** déantar an tionchar a mheas tar éis a leithéid de thréimhse ama nuair a bheidh cibé plandáil atá beartaithe déanta, na plandaí ag fás agus maolú éifeachtach tírdhreacha agus amhairc á sholáthar aici. Bíonn tréimhse ó cúig go seacht mbliana i ndiaidh na plandála riachtanach chuige sin de ghnáth. Déantar an tionchar a mheas tuairim is 15 bliana tar éis oscailt an N6 GCRR atá beartaithe don trácht.

**Tábla 12.1 Rangú ar Shuntasacht na dTionchar**

| | | **An Timpeallacht atá ann faoi láthair**<br>**Díol Suntais / Íogaireacht** | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Ard** | **Meánmhéide** | **Íseal** | **Ní fiú trácht air** |
| **Tuairisc ar an Tionchar**<br>**Nádúr / Méid / Fad / Dóchúlacht / Iarmhairtí** | **Ard** | Mór | An-Suntasach | Suntasach / Measartha | Measartha / Beagán |
| | **Meánmhéide** | An-Suntasach / Suntasach | Suntasach / Measartha | Measartha | Beagán / Níl Suntasach |
| | **Íseal** | Suntasach / Measartha | Measartha / Beagán | Beagán / Níl Suntasach | Níl Suntasach / Do-airithe |
| | **Ní fiú trácht air** | Beagán / Níl Suntasach | Níl Suntasach | Níl Suntasach / Do-airithe | Do-airithe |

Déantar an cur síos a leanas ar na tionchair sin[1], a bhféadfadh cáilíocht dhearfach, neodrach nó dhiúltach a bheith leo:

- **Do-airithe:** Is ionann é sin agus éifeacht ar féidir í a thomhas ach nach bhfuil iarmhairtí suntasacha aici
- **Níl Suntasach:** Éifeacht a dhéanann athruithe suntasacha ar nádúr na timpeallachta ach gan aon iarmhairtí suntasacha a bheith aici
- **Beagán:** Éifeacht a dhéanann athruithe suntasacha ar nádúr na timpeallachta ach gan tionchar a imirt ar a íogaireacht
- **Measartha:** Éifeacht a athraíonn nádúr na timpeallachta ar bhealach atá ag teacht le treochtaí atá ann cheana agus treochtaí atá ag teacht chun cinn
- **Suntasach:** Éifeacht a athraíonn gné íogair den timpeallacht de bharr a nádúir, a méid, an fad a mhaireann sí nó a déine
- **An-Suntasach:** Éifeacht a dhéanann athrú suntasach ar an chuid is mó de ghné íogair den timpeallacht de bharr a nádúir, a méid, an fad a mhaireann sí nó a déine
- **Mór:** Tionchar a scriosann tréithe íogaire

Ó thaobh **fad ama** de, meastar tionchair thírdhreacha agus amhairc de bheith mar a leanas:

- **Gearr:** maireann suas le lá amháin
- **Sealadach:** maireann suas le bliain amháin
- **Gearrthéarmach:** maireann suas le seacht mbliana
- **Meántéarmach:** maireann idir seacht agus cúig bliana déag
- **Fadtéarmach:** maireann idir cúig bliana déag agus seasca bliain
- **Buan:** maireann os cionn seasca bliain

1 Ba cheart a thabhairt faoi deara ó thús deireadh na caibidle seo den TMTT nuashonraithe seo, go n-úsáidtear na téarmaí tionchar agus éifeacht mar chomhchiallaigh, agus ba cheart iad a léamh mar sin.

Déantar gnéithe breise a mheas, lena n-áirítear beart ar bith, an cás is measa, tionchair charnacha, idirghníomhacha, indíreacha agus iarmharacha, i gcás inarb iomchuí, sa mheasúnacht.

## 12.3 An Timpeallacht Ghlactha

### 12.3.1 Comhthéacs agus Saintréithe an Tírdhreacha

#### *12.3.1.1 Ginearálta*

Go ginearálta, cuirtear an forbhreathnú tírdhreacha i láthair in TMTT 2018. Tá Cathair na Gaillimhe suite ar Abhainn na Gaillimhe, abhainn ghearr thart faoi 6km ar fad a shileann ó Loch Coirib ó thuaidh go Bá na Gaillimhe ó dheas. Tá an chathair stairiúil agus croílár na cathrach suite ar thaobh theas nó ag béal na habhann ach tá an chathair tar éis leathnú amach go suntasach soir i dtreo Órán Mór agus siar go Bearna. Cé gur chuir Loch Coirib srian le leathnú na cathrach ó thuaidh, tá forbairtí déanta ar feadh chonairí na mbóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla éagsúla a shíneann amach siar, siar ó thuaidh, soir ó thuaidh agus soir ó lár na cathrach.

Tá an tírdhreach ar fud an Tionscadail roinnte ina dhá chuid ar leithligh ag Abhainn na Gaillimhe ag An Daingean / Mionlach. Is í an taobh thiar de ghleann na habhann (ar feadh Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59) an teorainn shoiléir gheografach idir bunsraith eibhir ar an taobh thiar agus bunsraith aolchloiche ar an taobh thoir.

Tríd is tríd, bíonn páirceanna droimineacha iata de chruth neamhrialta le feiceáil sa tírdhreach ar an taobh thiar den abhainn agus claíocha de chloch eibhir timpeall orthu. Tá réimsí Bratphortaigh coitianta ann agus tá scrobarnach agus driseacha ag leathnú amach níos mó is níos ina lán páirceanna, go háirithe i bpáirceanna gar do Bhearna.

Is iad patrún páirceanna níos mó, iad cearnógach de ghnáth, d’fhéarach feabhsaithe atá mar shaintréithe an tírdhreach soir, agus limistéar mór féaraigh oscailte atá iniata le Ráschúrsa na Gaillimhe agus leis na Seastáin chomhbhainteacha ag Baile an Bhriotaigh. Cé go bhfuil sé níos oscailte den chuid is mó, is eisceachtaí suntasacha iad an tírdhreach diméine fásta coillearnaí ag Caisleán Mhionlaigh, na stráicí pábhála aolchloiche agus dlúthscrobarnach coill mórthimpeall orthu, agus cairéil mhóra aolchloiche ina dtimpeall ag Cúil Each (Cairéal Leacaigh) agus ag Baile an Gharráin / An Poll Caoin (Cairéal Roadstone, le slí isteach chuige ón N83 ag Claí an Dá Mhíle).

Tírdhreach íseal atá laistigh den chathair agus ó thuaidh ar feadh chonair níos leithne Abhainn na Gaillimhe de ghnáth agus is iondúil go mbíonn sé níos lú na 30m os cionn an tagra léarscáilíochta náisiúnta (OD). Laistigh den chathair níos leithne, éiríonn an tírdhreach níos airde de réir a chéile ar an taobh thoir go dtí thart ar 70m OD ag Cnoc Mhaoil Drise (Dabhach Uisce) áit a bhfuil taiscumar tógtha ar ardphointe an cheantair. Siar ón N6 / Bóthar na dTreabh, tá ocht n-eastát tithíochta cónaithe le fáil i nDabhach Uisce (Garrán Ard, Maigh Rua, Garrán Íseal, Sraith Fhada, An Sean-Bhaile) – a bhfuil roinnt mhaith acu os cionn an N6 / Bóthar na dTreabh atá ann faoi láthair. Ar an taobh thoir tá tírdhreach oscailte, tuaithe atá ag éirí níos comhréidhe agus tá ballaí aolchloiche ann. Tá sráidbhaile Chúil Each-Cnoc Mhaoil Drise díreach ó thuaidh den N6 mar atá isteach sa chathair.

Ar an taobh thoir thuaidh tá an talamh ag ardú agus ag ísliú thar ghleannta éadoimhne agus dromanna ísle i dtreo Loch Coirib. Tá cairéil aolchloiche agus pábháil aolchloiche le fáil ag barr na ndromanna ag Baile an Gharráin / An Poll Caoin agus ag Baile an Dúlaigh / Cúil Each, agus tá ballaí aolchloiche le fáil mar ghné freisin den mhórlimistéar idir Baile an Dúlaigh agus Mionlach. Tá cuid mhaith den limistéar seo clúdaithe le scrobarnach choill agus is beag crann atá ann. Tá saintréithe suaithinseacha an tsráidbhaile fós le fáil i sráidbhailte an Chaisleáin Ghearr agus ag Cúil Each-Mionlach in ainneoin fhormhéadú na cathrach ina bhfoisceacht.

Is gné mhealltach séadchomhartha é an fothrach agus Caisleán Mhionlaigh, ar glanadh an t-eidhneán de in 2022/2023, agus na tailte máguaird, ar bhruach thoir na habhann gar dá béal ó Loch Coiribe. Tá Sráidbhaile Mhionlaigh suite ar an taobh thoir den abhainn agus tá líonra deas stairiúil de bhóithre caola tuaithe ann, mar a bhfuil líonra de réadmhaoin chónaithe aonair agus chnuasta.

Ar an taobh ó thuaidh den chathair tá Abhainn na Gaillimhe mar shruthchúrsa tarraingteach atá suite i dtírdhreach mósáice féaraigh agus féaraigh mheath-thorthúil, limistéir spórt (*e.g.* Campas Spórt Ollscoil na Gaillimhe agus Galfchúrsa Glenlo Abbey) agus limistéir bhogaigh / réisc (go háirithe ag an gcuid is tuaisceartaí den abhainn ag druidim le Loch Coiribe) agus scrobarnach agus fáschoillte. Tá an gleann iomlán íseal agus tá an gleann le taobh na habhann faoi bhun 10m OD.

Siar ó Abhainn na Gaillimhe ardaíonn an tírdhreach siar ó thuaidh den chathair, áit a bhfuil ardphointe áitiúil ag Tóin na Brocaí (111m OD), é marcáilte le crainn teileachumarsáide. Ó Thóin na Brocaí téann an tírdhreach le fána ó dheas agus siar ó dheas go dtí conair an chósta ar gach aon taobh de Bhearna.

Tá loch mór, ar a dtugtar Loch Inse, suite timpeall 1.5 km siar ó thuaidh ó Bhearna. Tá limistéir mhóra portaigh / tailte portaigh suite siar / siar ó thuaidh ó Bhearna, lena n-áirítear timpeall ar Loch Inse agus Portach Thóin na Brocaí níos faide ó thuaidh.

Tá forbairtí cónaithe leanúnacha mar ghné ar leith feadh Bhóthar an Chósta an R336 agus feadh na mbóithre áitiúla eile sa mhórcheantar timpeall ar Bhearna agus siar ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe.

Tá mórfhorbairtí cónaithe, pobail agus mórfhorbairtí measctha feadh chonair Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ag síneadh siar ó thuaidh den chathair. Áirítear leo sin forbairtí amhail Páirc Ghnó an Daingin, Campas Spórt Ollscoil na Gaillimhe agus an t-ionad saoire óstáin agus galfchúrsa ag Glenlo Abbey.

#### *12.3.1.2 An Tírdhreach feadh an Tionscadail*

Is ionann fad iomlán an N6 GCRR atá beartaithe agus tuairim is 17.5km, agus áirítear leis nascbhóithre nua agus athailínithe eile agus stráicí athailínithe de na bóithre atá ann faoi láthair, chomh maith le os cionn 2.2km de Bhóthar Ceangail an N59 ó Pháirc na Sceach ar bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 atá ann faoi láthair ó thuaidh, go dtí Bóthar Rathúin ó dheas. Féach ar Chaibidil 5, Cur Síos ar an Tionscadal le tuilleadh sonraí a fháil.

Cé is moite de na mionathruithe a sainaithníodh i gCaibidil 5 – Cur Síos ar an Tionscadal faoin TMTT nuashonraithe seo, tá ailíniú an N6 GCRR atá beartaithe mar an gcéanna lenar cuireadh i láthair in TMTT 2018, agus tá an tírdhreach foriomlán mar a chéile lenar tuairiscíodh roimhe seo in TMTT 2018. Téann an bealach timpeall ar thírdhreach imuirbeach atá le fáil idir na bruachbhailte forbartha ar an taobh thiar, thuaidh agus thoir den chathair agus an cúlchríoch talmhaíochta tuaithe máguaird. Tá roinnt mhaith stráicí den bhealach don N6 GCRR atá beartaithe fásta le draighean, aiteann agus scrobarnach coill agus driseacha.

Tá an tírdhreach feadh na stráice tosaigh thiar den N6 GCRR atá beartaithe ina thírdhreach garbh ísealchríche lán de pháirceanna beaga, féarach meath-thorthúil, limistéir leathana agus mhéadaitheacha scrobarnaigh, ballaí cloiche eibhir agus cuma éagsúil orthu, agus forbairt chónaithe atá suite den chuid is mó feadh na bpríomhbhóithre agus na mbóithre áitiúla ar fud an cheantair.

Gabhann bealach an N6 GCRR atá beartaithe siar ó thuaidh tríd an gCeapach, Mionchluain, Leitreach, agus Barr na Crannaí ar na fánaí sceirdiúla níos ísle den talamh a ardaíonn de réir a chéile i dtreo Chnoc Thóin na Brocaí.

Ó thuaidh ón gcathair, imíonn an bealach don N6 GCRR atá beartaithe ón talamh ard ag an Daingean, ina bhfuil limistéir fhairsinge forbairtí cónaithe agus áineasa / spórt le fáil, agus trasnaíonn sé gleann ísealchríoch leathan Abhainn na Gaillimhe sula mbogann sé ar aghaidh chuig talamh a éiríonn de réir a chéile soir ó Chaisleán Mhionlaigh. Is séadchomhartha suntasach feadh chonair na habhann é fothrach an chaisleáin, atá suite ó thuaidh ón suímh trasnaithe.

Soir ó thuaidh ó bhealach an N6 GCRR atá beartaithe trasnaítear tírdhreach réchnocach agus gleannta idir Cúil Each (agus Cairéal Leacaigh), Baile an Phoill agus an Caisleán Gearr. Téann an bealach díreach ó dheas de Loch Bhaile an Dúlaigh agus trí limistéar cónaithe ag an gCaisleán Gearr. Tá an bealach ó thuaidh ón limistéar lonnaíochta sainithe - Sráidbhaile an Chaisleáin Ghearr, mar a aithníodh ar an Léarscáil um Chriosú Talamhúsáide agus Sainchuspóirí i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029. Is gné shuntasach í an fhorbairt chónaithe sa tírdhreach mar atá sé faoi láthair, ag an áit a dtrasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe Bóthar Áth Cinn an N84 ag Baile an Dúlaigh agus ag an áit a ngabhann sé tríd an gCaisleán Gearr.

Soir ón gCathair féin, gabhann bealach an N6 GCRR atá beartaithe thar imeall thoir Ráschúrsa na Gaillimhe sula gcasann sé ó dheas agus soir timpeall an tsráidbhaile ag Cúil Each-Cnoc Mhaoil Drise le bheith ina chraobh-bhóthar leis an N6 atá ann faoi láthair agus leis an R446 Bóthar na dTreabh ó dheas ón sráidbhaile agus soir ó Dhabhach Uisce.

I measc na bpríomhghnéithe tírdhreacha feadh an N6 GCRR atá beartaithe tá éagsúlacht limistéar éiceolaíochta / tírdhreacha agus cultúrtha, mósáic d'fhéarach oscailte, pábháil aolchloiche, riasc, bogach, conair abhann / bruach locha, scrobarnach / agus fáschoillte fánacha; tailte suntasacha áineasa agus spóirt (lena n-áirítear Ráschúrsa na Gaillimhe agus Campas Spórt Ollscoil na Gaillimhe) agus spásanna oscailte eile nach iad; agus cáilíocht ard trí chéile an tírdhreacha – go háirithe feadh chonair Abhainn na Gaillimhe agus soir trí Bhaile an Dúlaigh. Cuireann na gnéithe sin le héagsúlacht agus le spéis an tírdhreacha ina iomláine chomh maith leis an íogaireacht agus leis an suntas a bhaineann leis.

Mar a tugadh faoi deara tá limistéir fhairsinge scrobarnaí le fáil ann, lena n-áirítear aiteall agus draighean siar agus coll agus draighean soir ó thuaidh, ní mórán fáschoillte atá le fáil ann, agus is minic an tírdhreach a bheith oscailte agus ar bheagán cur crann agus fáschoillte ar fud an Tionscadail. Is díol suntais iad crainn aibí agus seastáin crann a bheith le fáil i ngleann féin Abhainn na Gaillimhe, lena n-áirítear timpeall ar shaoráidí cónaithe agus spórt ar bhruach thiar na habhann agus ar an talamh a ardaíonn soir ó Chaisleán Mhionlaigh.

I bhfianaise an tsuímh ag imeall na cathrach, is gné amhairc shuntasach agus shuaithinseach iad réadmhaoine cónaithe a bheith le fáil feadh an Tionscadail ina iomláine. Ina theannta sin, tá éagsúlacht fóntas pobail, áineasa agus sóisialta le fáil ann, chomh maith le sráidbhailte tuaithe / ar imeall na cathrach atá suite gar don Tionscadal. Tá suntasacht amhairc le sonrú freisin i gcás gnéithe seandálaíochta, ailtireachta agus oidhreachta cultúrtha, *e.g.* Caisleán Mhionlaigh, Teach Pháirc na Sceach, *etc.,* faoi mar atá cur síos le fáil air faoi Chaibidil 13, Seandálaíocht, Ailtireacht agus Oidhreacht Chultúrtha.

#### *12.3.1.3 Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha*

Rinneadh an cur síos seo ar nádúr tírdhreacha a nuashonrú ó TMTT 2018 chun na hathruithe ar an tuiscint / cur síos ar nádúr an tírdhreacha a léiriú faoi mar atá le fáil i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 atá i bhfeidhm faoi láthair. Sa Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha do Chontae na Gaillimhe[2] (2021) fo-roinntear an contae ina 10 gcineál nádúir tírdhreacha (LCTanna) agus 30 aonad nádúir tírdhreacha (ANTanna) (29 tírdhreach agus 1 uirbeach amháin). Tá íogaireacht tírdhreacha curtha i bhfeidhm freisin ar gach ceann de na LCTanna.

Tá codanna beaga den Tionscadal atá cóngarach d'Acomhal Bhóthar Thuama an N83, Acomhal Eastát Tionsclaíoch na Páirce Móire agus Bóthar Mhuine Mheá taobh amuigh de theorainn na cathrach. Mar sin féin, tá siad laistigh de LCU 6b ar bhonn teicniúil. Abhantrach Theas Abhainn an Chláir de chuid LCT 6 Coimpléasc Lár na Gaillimhe, tá an limistéar cóngarach agus teorantach le limistéar na cathrach agus eascraíonn a nádúr as an nádúr uirbeach. Tá an chuid thiar den Tionscadal – siar ó theorainn na cathrach – suite in aonad nádúir tírdhreacha do Chontae na Gaillimhe: i.e. LCU 1b. Cois Fharraige laistigh de LCT 1: Ceantar cois cósta, a ndéantar cur síos air mar a leanas:

| Cineál an Nádúir Tírdhreacha (LCT) | Aonad Nádúir Tírdhreacha (LCU) | Carachtar | Íogaireacht |
|---|---|---|---|
| 1. Cois cósta | 1b. Cois Fharraige | Machaire cúng cois cósta atá seanbhunaithe agus faoi dhlúthháitíocht - agus is beag athruithe atá le fáil ar an líne chladaigh ann. Tá imfhálú le fáil ann ón bhfásra scrobarnaí. | 3. Speisialta |

Tá fuílleach an Tionscadail suite laistigh de theorainneacha Chathair na Gaillimhe agus níl difríocht ó thaobh aonaid nádúir de le fáil i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 atá i bhfeidhm faoi láthair ón bplean forbartha roimhe seo dá ndearnadh tagairt in TMTT 2018.

[2] Faoi iamh mar Aguisín 4 le Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 (https://consult.galway.ie/system/files/materials/17/Appendix%204%20Landscape%20Character%20Assessment.pdf)

Cé go bhfuil siad beagáinín scartha amach ó gharchonair an Tionscadail féin, meastar Loch Coiribe agus Cuan na Gaillimhe ina n-uiscí is díol suntais náisiúnta ó thaobh na turasóireachta de araon[3].

Chun críocha na measúnachta seo táthar tar éis an tírdhreach feadh bhealach an Tionscadail a fhoroinnt a thuilleadh ina Aonaid Áitiúla Nádúir Tírdhreacha (LLCUnna), ina gcuirtear i dtábhacht saintréithe níos sonraí agus níos sainiúla den tírdhreach, laistigh de Chathair na Gaillimhe san áireamh. Déantar cur síos ar na LLCUnna i dTábla 12.2, agus is i bhFíoracha 12.2.01 and 12.2.02 Nádúr an Tírdhreacha a léirítear iad, agus léirítear leo sin na nuashonruithe ar an tuiscint ar nádúr an tírdhreacha ó 2018 i leith.

[3] *Determination of Waters of National Tourism Significance and Associated Water Quality Status*, Fáilte Éireann (2009)

**Tábla 12.2 Cineálacha Nádúir Tírdhreacha (LCTanna) agus Aonaid Nádúir Tírdhreacha (LCUnna) agus Aonaid Áitiúla Nádúir Tírdhreacha (LLCUnna)**

| Limistéar Nádúir Tírdhreacha, Neas-Slabhraíocht & Fad | Limistéar Nádúir Tírdhreacha (LCA) Tuairisc, Luach agus Íogaireacht | Aonaid Nádúir Tírdhreacha Áitiúil (LLCU) | LLCU Tuairisc, Luach agus Íogaireacht an Tírdhreacha |
|---|---|---|---|
| **LCT 1: Cois cósta**<br>**LCU 1b.: Cois Fharraige**<br>Ch. 0+000 go Ch. 4+100 ón N6 GCRR atá beartaithe<br><br>(tuairim is 4.1km) | **Cósta Chuan na Gaillimhe:** Tá roinnt limistéar le fáil sa tírdhreach seo atá suaithinseach ó thaobh cultúir de, agus a bhfuil seanlonnaíochtaí le fáil iontu ar dhlús fíorard foirgneamh beag – rud a leanann ar aghaidh sa lá inniu ann – atá láraithe ar roinnt lonnaíochtaí ar leithligh lena n-áirítear Bearna, Na Forbacha, An Spidéal, Indreabhán, Ros an Mhíl, Casla agus An Cheathrú Rua. Tá ardmheas ar na cineálacha tírdhreacha sin mar shócmhainní éiceolaíochta, scéimhe agus áineasa. Taobh amuigh de theorainneacha na lonnaíochtaí, is iondúil nach mbíonn imfhálú timpeall ar na tírdhreacha sin. Is iad an fharraige agus an spéir atá i gceannas ó thaobh na n-amharc de - agus amhairc fhairsinge le fáil ar an spéir iontu.<br>Is cósta comhréidh é, le carraigeacha agus gaineamh ag meascadh le chéile le féarach nádúrtha, i dtreo an R336. Tá amhairc iontacha ar Chontae an Chláir agus ar Oileáin Árann ón imeallbhord.<br>Níos faide isteach sa tír ó bhealach an R336, tá na limistéir forbairtí cónaithe agus roinnt forbairtí tionsclaíocha éadroma tar éis luach scéimhe an cheantair sin a ísliú.<br>**Luach Ard Tírdhreacha agus Íogaireacht Ard Tírdhreacha maille le stráice cois cósta lena mbaineann Íogaireacht Speisialta.** | **Imeall an Chósta - Bearna**:<br>Ch. 0+000 go Ch. 0+250 ón N6 GCRR atá beartaithe (c.0.25km) | Féarach oscailte ina bhfuil ballaí cloiche eibhir agus amhairc ar an bhfarraige. Féarach imeallach garbhghráinneach agus scrobarnach fhairsing ó thuaidh ón R336.<br>**Luach Measartha agus Íogaireacht Ard ó thuaidh ón R336. Luach Ard agus Íogaireacht ar Leith ó dheas ón R336.** |
| | | **Ísealchríocha Réchnocacha an Iarthair**:<br>Ch. 0+250 go Ch. 4+100 ón N6 GCRR atá beartaithe (c.3.85km) | Féarach garbh meath-thorthúil / talamh portaigh ina bhfuil scrobarnach le fáil go fairsing agus ballaí cloiche eibhir fásta.<br>**Luach Measartha agus Íogaireacht Mheasartha.** |
| **NEAMHBHAINTEACH**<br>Ch. 4+100 go Ch. 6+300 ón N6 GCRR atá beartaithe<br><br>(c.2.2km) | **Tírdhreacha an Chósta Thuaidh:** Taobh amuigh de theorainneacha na lonnaíochtaí, is iondúil nach mbíonn imfhálú timpeall ar na tírdhreacha sin. Ardaíonn an tírdhreach go réidh / bíonn sé réchnocach agus féarach garbh, scrobarnach agus carraigeacha / lomáin chreagacha le fáil ann. Is suaithinseach í an | **Ísealchríocha Réchnocacha an Iarthair**:<br>Ch. 4+100 go Ch. 6+300 ón N6 GCRR atá beartaithe (c.2.2km) | Féarach garbh meath-thorthúil / talamh portaigh ina bhfuil scrobarnach le fáil go fairsing agus ballaí cloiche eibhir fásta agus forbairt chónaithe le fáil go suaithinseach ann.<br>**Luach Measartha agus Íogaireacht Mheasartha.** |

| Limistéar Nádúir Tírdhreacha, Neas-Slabhraíocht & Fad | Limistéar Nádúir Tírdhreacha (LCA) Tuairisc, Luach agus Íogaireacht | Aonaid Nádúir Tírdhreacha Áitiúil (LLCU) | LLCU Tuairisc, Luach agus Íogaireacht an Tírdhreacha |
|---|---|---|---|
| | fhorbairt chónaithe feadh na mbóithre áitiúla agus in aice leo.<br><br>**Luach Meánach Tírdhreacha agus tuairim is Íogaireacht Leathard Tírdhreacha agus Íogaireacht Leathspeisialta.** | | |
| **NEAMHBHAINTEACH**<br>Ch. 6+300 go<br>Ch. 8+000 an N6 GCRR atá beartaithe<br><br>(c.1.7km) | **Na Bunchnoic ó dheas ar Shléibhte Chonamara thoir**: Ar na bunchnoic tá fraochmhá réchnocach agus scrobarnach le lomáin chreagacha rialta. Is ceantar neamhfhorbartha den chuid is mó é, agus tá amhairc fhairsinge le fáil ann ó dheas trasna Chuan na Gaillimhe i dtreo Chontae an Chláir.<br><br>**Luach Meánach Tírdhreacha agus tuairim is Íogaireacht Leathard Tírdhreacha agus Íogaireacht Leathspeisialta.** | **Ardtailte Oscailte an Iarthair**:<br><br>Ch. 6+300 go Ch. 8+000 ón N6 GCRR atá beartaithe (c.1.7km) | Tírdhreach oscailte ard ar fhánaí a théann in airde. Roinnt ballaí cloiche eibhir agus méid áirithe fálta sceach.<br><br>**Luach Ard agus Íogaireacht Ard.** |
| **NEAMHBHAINTEACH**<br>Ch. 8+000 go<br>Ch. 11+200 ón N6 GCRR atá beartaithe<br><br>(c.3.2km) | **Loch Coirib agus an Ceantar Máguaird**: Is fairsinge leathan dhrámatúil d'uisce é Loch Coirib ina bhfuil a lán oileán ar a bhfásann coillearnach dhuillsilteach. Is portach fraoigh réchnocach agus foraoiseacht bhuaircíneach atá le fáil sa cheantar timpeall ar chuid thuaidh an locha, agus tá an talamh timpeall ar an gcuid thuas ina thalamh comhréidh oscailte. Tá tírdhreach ardscéimhe le fáil i dtírdhreach an locha agus mórthimpeall air, agus tá roinnt mhaith saoráidí do chuairteoirí le fáil ann.<br><br>Sárluach Tírdhreacha agus Íogaireacht Uathúil Tírdhreacha maille le píosaí beaga Íogaireachta Airde agus Speisialta. | **Bruachbhailte Ghaillimh Thiar**:<br><br>Ch. 8+000 go Ch. 8+800 ón N6 GCRR atá beartaithe (c.0.8km) | Tailte arda ina bhfuil an fhorbairt chónaithe (agus forbairt eile) ina gné shuntasach.<br><br>**Luach Measartha agus Íogaireacht Mheasartha.** |
| | | **Tailte Institiúide sa Chathair**:<br><br>Ch. Ch. 8+800 go Ch. 9+100 ón N6 GCRR atá beartaithe (c.0.3km) | Tailte taitneamhachta, áineasa agus spóirt - agus rochtain oscailte ag an bpobal.<br><br>**Luach Ard agus Íogaireacht Speisialta**. |
| | | **Gleann Abhainn na Gaillimhe**:<br><br>Ch. 9+100 go Ch. 9+900 ón N6 GCRR atá beartaithe (c.0.8km) | Abhainn leathan ísealchríche le dlús mór uisce a shníonn go mall agus ar an imeall tá tírdhreach mósáice de bhogach, thaitneamhachtaí, d'fhéarach agus de choilllearnach. Cuireann fothrach suntasach an chaisleáin go mór leis an gceantar.<br><br>**Luach Ard agus Íogaireacht Uathúil.** |

| Limistéar Nádúir Tírdhreacha, Neas-Slabhraíocht & Fad | Limistéar Nádúir Tírdhreacha (LCA) Tuairisc, Luach agus Íogaireacht | Aonaid Nádúir Tírdhreacha Áitiúil (LLCU) | LLCU Tuairisc, Luach agus Íogaireacht an Tírdhreacha |
|---|---|---|---|
| | | **Ísealchríocha Aolchloiche**:<br>Ch. 9+900 go Ch. 11+200 ón N6 GCRR atá beartaithe (c.1.3km) | Limistéir de phábháil aolchloiche clúdaithe le scrobarnach, féarach agus ballaí cloiche.<br>**Luach Ard agus Íogaireacht Speisialta**. |
| **NEAMHBHAINTEACH**<br>Ch. 11+200 go<br>Ch. 14+100 ón N6 GCRR atá beartaithe<br>(c.2.9km) | **Gaillimh Thoir Thuaidh**: Tírdhreach comhréidh, ina bhfuil talamh thorthúil feirmeoireachta agus fálta sceach sna teorainneacha. Is beag foraois bhuaircíneach nó coillearnach dhuillsilteach atá sa limistéar seo. Níl limistéir le luach scéimhe ar leith anseo.<br>**Luach Íseal Tírdhreacha agus Íogaireacht Íseal Tírdhreacha maille le píosaí beaga Íogaireachta Measartha.** | **Ísealchríocha Réchnocacha Aolchloiche**:<br>Ch. 11+200 go Ch. 14+100 ón N6 GCRR atá beartaithe (c.2.9km) | Dromanna suntasacha le droimníní réchnocacha agus féarach gleanna le fálta sceach. Cairéil mhóra aolchloiche ar dhromanna oscailte agus loch timpeallaithe ag bogach sa ghleann.<br>**Luach Ard agus Íogaireacht Ard.** |
| **NEAMHBHAINTEACH**<br>Ch. 14+100 go<br>Ch. 17+540 ón N6 GCRR atá beartaithe<br>(3.44km) | **Gaillimh Láir Thoir**: Tá féarach garbh comhréidh le fáil sa tírdhreach, agus mothair fhánacha foraoiseachta buaircíní le fáil ann ar mhéid 1–3km$^2$ , agus na páirceanna á sainiú le ballaí cloiche den chuid is mó. Níl limistéir le luach scéimhe anseo ach is gné ar leith iad na ballaí cloiche.<br>**Luach Íseal Tírdhreacha agus Íogaireacht Íseal Tírdhreacha maille le píosaí beaga Íogaireachta Measartha.** | **Bruachbhailte Ghaillimh Thoir**:<br>Ch. 14+100 go Ch. 14+500 & Ch. 15+400 go Ch. 16+000 ón N6 GCRR atá beartaithe<br>(c.0.4km + c.0.6km) | Tailte ina bhfuil an fhorbairt chónaithe agus forbairt pháirc ghnó suntasach.<br>**Luach Measartha agus Íogaireacht Mheasartha.** |
| | | **Ráschúrsa na Gaillimhe:**<br>Ch. 14+500 go Ch. 15+400 ón N6 GCRR atá beartaithe (c.0.9km) | Tírdhreach comhréidh oscailte le taitneamhachtaí suntasacha cathrach agus réigiúin.<br>**Luach Ard agus Íogaireacht Speisialta**. |
| | | **Ísealchríocha Réchnocacha Aolchloiche**:<br>Ch. 16+000 go Ch. 17+540 ón N6 GCRR atá beartaithe (c.1.54km). | Tírdhreach le féarach comhréidh oscailte le ballaí aolchloiche agus crainn fhásta anseo is ansiúd.<br>**Luach Ard agus Íogaireacht Mheasartha.** |

### *12.3.1.4 Plean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2023-2029*

Tá soláthar an N6 GCRR atá beartaithe ina chuid dhílis de Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG). Táthar tar éis an SIG, agus an N6 GCRR atá beartaithe freisin dá réir, a chorprú freisin i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 atá tugtha cothrom le dáta ó TMTT 2018 i leith. Cé go bhfuil an Plean Forbartha Cathrach nuashonraithe anois, coinnítear agus athuimhrítear na beartais agus na cuspóirí mar a leagtar amach in TMTT 2018 iad sa mhéid seo a leanas le bheith ag teacht leis an uimhriú sa Phlean Forbartha Cathrach atá i bhfeidhm faoi láthair.

Is cuspóir sainráite de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe é soláthar an N6 GCRR atá beartaithe mar chuid den SIG comhtháite. Tá tacaíocht ar leith ann don chuspóir sin ó Bheartais 3.3, 4.1, 4.3, 4.4, agus 4.6 chomh maith leis na Cuspóirí Sonracha mar a dtugtar breac-chuntas orthu faoi Chuid 4.8 den Phlean. Tá conair an N6 GCRR atá beartaithe léirithe freisin ar Léarscáil um Chriosú Talamhúsáide agus Cuspóirí Sonracha de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe agus ar a gcuirtear síos mar 'Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (N6 GCRR)'.

I dtéarmaí tírdhreacha agus ceisteanna amhairc, i gCaibidil 3 de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe tugtar aghaidh ar **Tithíocht agus Comharsanachtaí Inbhuanaithe**, agus leagtar amach inti beartais agus cuspóirí sonracha éagsúla chun na limistéir chónaithe atá ann faoi láthair agus atá beartaithe a fhorbairt, a fheabhsú, a chosaint agus a athghiniúint, lena n-áirítear iad siúd laistigh de na bruachbhailte seachtracha (Cuid 3.5) agus de na bruachbhailte bunaithe (Cuid 3.6). I gCuid 3.8 de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe tugtar aghaidh ar **Imchlúdaigh / Limistéir Sráidbhailte**, agus aithnítear ceithre limistéar lonnaíochta sráidbhailte maille le saintréithe stairiúla ar leith laistigh de limistéar an Phlean. Is iad sin Mionlach, An Caisleán Gearr, Cúil Each-Cnoc Mhaoil Drise agus Cúil Each-Mionlach mar a thaispeántar ar Fhíoracha 12.3.01 agus 12.3.02 den TMTT cothrom le dáta seo. Féachtar le Beartas 3.9 chun nádúr na sráidbhailte sin a threisiú agus chun a n-aitheantas taitneamhachta agus stairiúil a chosaint agus a fheabhsú.

Is i gCaibidil 5 de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe a leagtar amach na beartais agus cuspóirí i ndáil le **Oidhreacht Nádúrtha, Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht**. Sainaithnítear sa Phlean gréasán glas na cathrach agus na spásanna a chuimsítear sa ghréasáin sin (féach Tábla 5.1 den Phlean agus Pláta 12.1 den chaibidil seo den TMTT nuashonraithe). Tá an gréasán á chur chun cinn agus á thacú le Beartas 5.1.

Áirítear leis an líonra glas **spásanna faoi chosaint** (i.e. Limistéir Chaomhantais Speisialta, Limistéir faoi Chosaint Speisialta, Limistéir Oidhreachta Náisiúnta, Limistéir Oidhreachta Náisiúnta atá molta agus Limistéir Bhithéagsúlachta Áitiúla); **spásanna gorma** (limistéar cois cósta, Abhainn na Gaillimhe, canálacha agus uiscebhealaí eile, Loch Coirib agus lochanna, limistéir mhuirí iniata agus bogaigh); **spásanna glasa** (ar fud na cathrach agus páirceanna lár na cathrach agus páirceanna comharsanachta); **spásanna pobail** (glasbhealaí, saoráidí áineasa agus clóis súgartha, agus amhairc faoi chosaint lena mbaineann luach agus leas taitneamhachta ar leith); agus **spásanna oscailte** (lena n-áirítear spás oscailte institiúideach, tailte áineasa taitneamhachta criosaithe agus tailte talmhaíochta agus ardtaitneamhachta).

Áirítear leis an ngréasán glas sin Abhainn na Gaillimhe, tailte ag Caisleán Mhionlaigh, Ráschúrsa na Gaillimhe, Campas Spórt Ollscoil na Gaillimhe, Páirc na Ceapaí, Páirc Bhaile an Phoill, Loch Bhaile an Dúlaigh chomh maith le tailte atá criosaithe don talmhaíocht agus ardtaitneamhacht.

I bPláta 12.1 agus Pláta 12.2 tá forleagan den Tionscadal ar an ngréasán glas agus na spásanna glasa / gréasán páirceanna faoi seach. Áirítear leis an Líonra Glas (Pláta 12.1) talamh atá criosaithe le haghaidh spás oscailte, páirceanna, áineasa agus taitneamhachta, talmhaíochta agus ardtaitneamhachta laistigh de Limistéar na Cathrach. Tugtar tuilleadh sonraí freisin ar Fhíoracha 12.3.01 agus 12.3.02: Gnéithe i leith Pleanáil Tírdhreacha.


I gCuid 5.6 de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe pléitear **Spásanna Glasa** agus sainaithnítear i bhFíor 5.3 den Phlean (féach Pláta 12.1 thíos) méid na bpáirceanna (i.e. páirceanna, spás oscailte, spásanna agus caitheamh aimsire agus limistéir fóntais) laistigh d'achar na cathrach.

Siar ó thuaidh agus ó thuaidh, tá an chuid is mó den talamh lasmuigh den chathair fhorbartha sainaitheanta mar chuid den ghréasán glas. Tá tromlach an Tionscadail suite laistigh de na ceantair sin.


Taispeántar iad sin freisin ar Fhíoracha 12.3.01 agus 12.3.02: Gnéithe Pleanála Tírdhreacha, lena dtugtar le fios go dtrasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe tailte atá criosaithe le haghaidh 'úsáid áineasa agus taitneamhachta' feadh Shruthán Bhearna (Ch. 5+230 - idir Bóithre na Ceapaí agus Bhaile an Mhóinín) agus ag Campas Spórt Ollscoil na Gaillimhe (Ch. 8+900) ar an taobh thiar d'Abhainn na Gaillimhe. Trasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe limistéar mór talún freisin atá criosaithe don talmhaíocht agus ardtaitneamhacht ar thaobh thoir Abhainn na Gaillimhe.

Féachtar le Cuid 5.6.1 **Páirceanna agus Crainn Choillearnaí Uirbí** agus Beartas 5.4 le crainn agus fálta sceach atá ann cheana a bhainistiú, a fhorbairt agus a chomhtháthú, lena n-áirítear ar na suíomhanna forbartha.

I gCuid 5.7.1 cuirtear chun cinn in **Glasbhealaí, Bóithríní agus Cearta Slí Poiblí** nascálacha den sórt sin a fhorbairt, lena n-áirítear trí champas Ollscoil na Gaillimhe ar bhruach thiar Abhainn na Gaillimhe, áit a bhfuil cosáin le fáil cheana féin. Thrasnódh an N6 GCRR atá beartaithe na cosáin atá ann faoi láthair agus glasbhealach a d'fhéadfadh a bheith ann agus naisc eile den sórt sin le hiarthuaisceart na cathrach (féach ar Fhíoracha 12.3.01 agus 12.3.02).




**Pláta 12.1 Geasán Glas (laistigh de Limistéar na Cathrach) arna fhorleagan leis an N6 GCRR atá beartaithe** ***(foinse: Fíor 5.1 ó Phlean Forbartha na Cathrach agus an N6 GCRR atá beartaithe forleagtha air i ndath dubh)***




**Pláta 12.2 Geasán Páirceanna (laistigh de Limistéar na Cathrach) arna fhorleagan leis an N6 GCRR atá beartaithe *(foinse: Fíor 5.3 ó Phlean Forbartha na Cathrach agus an N6 GCRR atá beartaithe forleagtha air i ndath dubh)***

Cuid 5.7.3: In **Amhairc le Luach agus Spéis ar Leith**- aithnítear amhairc lánléargais (V.1 go V.9) agus amhairc líneacha chosanta (V.10 go V.19). Taispeántar suíomh na n-amharc atá ábhartha don Tionscadal ar Fhíoracha 12.3.01 agus 12.3.02 agus liostaítear i Tábla 12.3 iad.

**Tábla 12.3 Amhairc Líneacha Chosanta agus Amhairc Lánléargais Chosanta Roghnaithe**

| Amhairc Lánléargais Chosanta | |
|---|---|
| V.1 | Amhairc lánléargais ar an gcathair agus ar Abhainn na Gaillimhe ón gCuarbhóthar |
| V.2 | Amhairc ó Bhóthar na Díge agus ó Bhóthar Chúil Each a chuimsíonn Abhainn na Gaillimhe agus eanach Chúil Each |
| V.6 | Amhairc lánléargais ar an gcathair, agus ar Ghleann Thír Oileáin ó phointí ar Bhóthar An Chaisleáin Ghearr-Baile an Dúlaigh |
| V.7 | Amhairc a chuimsíonn Loch Coirib ó phointí ar Bhóthar an Chairéil agus ar Bhóthar an Leachta |
| **Amhairc Líneacha Chosanta** | |
| V.10 | Amhairc ar Abhainn na Gaillimhe ó Bhóthar Ghaillimh-Maigh Cuilinn (N59) |
| V.14 | Amhairc ó thuaidh a chuimsíonn Abhainn na Gaillimhe agus na tailte taobh leis, ó Dhroichead na gCúig Chéad |
| V.19 | Amhairc a chuimsíonn Loch Bhaile an Dúlaigh ó phointí ar Bhóthar Áth Cinn |

Cuid 5.9: Pléitear in **Tailte Talmhaíochta** tailte talmhaíochta ginearálta (criosaithe 'A') agus tailte talmhaíochta ardtaitneamhachta (criosaithe 'G'). Tá na limistéir dheiridh sin léirithe ar Fhíoracha 12.3.01 agus 12.3.02 agus tugtar le tuiscint leo go dtrasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe an t-ainmniúchán ardscéimhe sin ar an taobh thoir d'Abhainn na Gaillimhe. Tá sé d'aidhm ag Beartas 5.10 forbairt a chosc óna dtiocfadh truailliú comhshaoil nó díobháil ar thaitneamhachtaí ginearálta, agus cuirtear srian ann freisin ar shuíomh déanmhas (seachas déanmhais lena mbaineann naisc bhunriachtanacha don uiscebhealach nó fóntais phoiblí) laistigh de dheich méadar ó Abhainn na Gaillimhe, sna tailte atá criosaithe le 'G'.


I gCaibidil 5.10 den phlean leagtar amach cuspóirí sonracha breise i ndáil le **hOidhreacht Nádúrtha, Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht**, lena n-áirítear:

- Cuspóir meántéarmach / fadtéarmach chun an fhéidearthacht de thailte a fhorbairt cóngarach do Chaisleán Mhionlaigh lena n-áirítear Coillte Mhionlaigh mar pháirc a phlé
- Cuspóir meántéarmach / fadtéarmach chun siúlóid a fhorbairt feadh thaobh thiar Abhainn na Gaillimhe ó Bhóthar na Díge go dtí an ché ag Mionlach

I gCuid 9.9 de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe tugtar aghaidh ar **Thruailliú Soilse** agus féachtar i mBeartas 9.7 lena chinntiú go n-íoslaghdaítear le dearadh an tsoilsithe sheachtraigh an méid truaillithe, dallraithe agus sceite soilse sa cheantar mórthimpeall, agus féachtar go cuí ann do thaitneamhacht amhairc agus chónaithe na gceantar mórthimpeall.

#### *12.3.1.5 Plean Limistéir Áitiúil na nArdán 2018-2024*

Luíonn an chuid thiar de Mhótarbhealach an M6 / N6 atá ann cheana ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath agus ceann thoir an Tionscadail laistigh den limistéar atá cumhdaithe i nDréachtphlean Ceantair Áitiúil (PCÁ) na nArdán. Aithnítear an méid seo a leanas sa PCÁ: '*N6 Galway City Ring Road route corridor reservation traverses the north-western section of the area'* (féach Cuid 4 de Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán, leathanach 8) agus ní áirítear leis na tograí forbartha laistigh de chonair an N6 GCRR atá beartaithe. Beartaítear mórfhorbairt don cheantar sa Dréachtphlean Ceantair Áitiúil, lena n-áirítear forbairtí nua cónaithe agus tráchtála ar c.81 heicteár d'achar foriomlán PCÁ ina bhfuil c. 164 heicteár san iomlán. Sa Dréachtphlean Ceantair Áitiúil samhlaítear athruithe suntasacha ar thírdhreach agus timpeallacht amhairc an cheantair, a chuirfear i gcrích ar bhonn céimnithe thar thréimhse fhada ama, féach Pláta 12.3.




**Pláta 12.3 PCÁ na nArdán – Criosú Talamhúsáide** ***(foinse: Fíor 23 ó Phlean Ceantair Áitiúil an Ardáin 2018-2024)***

### *12.3.1.6 Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028*

Áirítear Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) agus an N6 GCRR atá beartaithe le Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe atá i bhfeidhm faoi láthair, a nuashonraíodh ó TMTT 2018, agus pléitear go sonrach iad i gCodanna 6.3.3 agus 6.5 den Phlean faoi seach. Cé go ndearnadh an Plean Forbartha Cathrach a nuashonrú, leasaítear agus cuirtear friotal nua ar roinnt de na beartais agus na cuspóirí mar a leagtar amach in TMTT 2018, ach tá siad comhchosúil go bunúsach leo siúd sa Phlean roimhe seo. Rinneadh gach tagairt do chuspóirí agus beartais sa Phlean atá i bhfeidhm faoi láthair a nuashonrú don TMTT nuashonraithe seo.

Tacaítear leis an SIG agus leis an N6 GCRR atá beartaithe i bhfoirm Cuspóirí Beartais le haghaidh Staidéar Iompair & Pleanála Chontae na Gaillimhe agus le haghaidh Straitéis Iompair na Gaillimhe GCTPS 1, GCPTS 2, GCTPS 7, GCTPS 8, GCTPS 9. Baineann ábharthacht leis an SIG agus an N6 GCRR atá beartaithe freisin do Chuspóirí Beartais le haghaidh Talamhúsáid Chomhtháthaithe agus Pleanáil Iompair ILUTP 2 agus ILUTP 3 agus do Chuspóirí Beartais le haghaidh Tionscadail Bóithre Tosaíochta PRP 1. Tugtar dá aire an SIG agus an N6 GCRR atá beartaithe freisin i gCuspóirí Beartais le haghaidh Bhóithre Náisiúnta NR1 agus NR2.

Is i gCaibidil 8 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe a leagtar amach na beartais agus cuspóirí i ndáil le **Turasóireacht agus Tírdhreach**. I measc aidhmeanna straitéiseacha an Phlean tá na cinn seo a leanas:

- Cineálacha éagsúla tírdhreacha laistigh den chontae a chosaint agus drochthionchair ar an timpeallacht nádúrtha a sheachaint

I gCuid 8.13 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe leagtar amach Beartais agus Cuspóirí i ndáil le **Caomhantas agus Bainistíocht Tírdhreacha** agus i dtaca le haird a thabhairt ar nádúr an tírdhreacha, agus i gcás inarb iomchuí, do chaomhnú agus feabhsú an nádúir, na n-amharc agus na léargas, taitneamhachtaí áiteanna agus gnéithe áilleachta nó spéise nádúrtha.

Tugtar dá aire i gCuid 8.13.1 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe go bhfuil Contae na Gaillimhe foroinnte i dtrí réigiún tírdhreacha agus an cósta. Táthar tar éis na réigiúin tírdhreacha sin a mhiondealú a thuilleadh i ndeich **Limistéar Nádúir Tírdhreacha** ar leithligh (féach Léarscáil 8.1 den Phlean Forbartha Contae) a bhfuil luachanna tírdhreacha agus rátálacha íogaireachta curtha i leith gach ceann acu. Táthar tar éis an Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha ó Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 a nuashonrú sa Phlean Forbartha Contae 2022-2028 atá i bhfeidhm faoi láthair, agus pléitear an méid sin go sonrach i gCuid 12.3.1.3 den chaibidil seo.

Déantar tagairt i gCuid 8.13.3 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe do **Amhairc agus Bealaí Scéimhe faoi Chosaint** agus do Chuspóir PVSR 1 ina bhféachtar le hamhairc agus bealaí scéimhe faoi chosaint a chaomhnú mar a mhionsonraítear i Léarscáileanna 8.3 agus 8.4 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe. Is amhlaidh arís atá roghnú agus uimhriú na n-amharc faoi chosaint nuashonraithe sa Phlean atá ann faoi láthair. Comhcheanglaítear an N6 GCRR atá beartaithe leis an R336 siar ó Bhearna agus aibhsítear an R336 siar ó Chathair na Gaillimhe mar 'Bhealach Scéimhe Chuan na Gaillimhe'. Moltar cothromaíocht idir an gá le bonneagar bunúsach a fhorbairt chun aidhmeanna straitéiseacha an Phlean a chur i gcrích agus aird a choinneáil ar na spriocanna criosaithe a bhaineann le talamh sheirbhísithe forbraíochta laistigh de Cheantar Uirbeach na Gaillimhe.

Léarscáil 8.4 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe ina léirítear **Amhairc faoi Chosaint**. Ní bhaineann aon cheann díobh seo le conair an N6 GCRR atá beartaithe. Is é an t-amharc is gaire (Uimh. 30) an ceann ar an gcósta ó Bhearna, soir ón N6 GCRR atá beartaithe (Féach Fíoracha 12.3.01 agus 12.3.02).

I gCaibidil 10 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe leagtar amach réimse Beartas agus Cuspóirí maidir leis an **Oidhreacht Nádúrtha, Bithéagsúlacht agus Bonneagar Glas / Gorm**, ina bhféachtar le hoidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlacht na láithreán ainmnithe agus neamhainmnithe, na ngréasán éiceolaíochta agus na ngnéithe líneacha amhail fálta sceach, ballaí cloiche, acmhainní uisce, córais gheolaíocha agus gheomoirfeolaíocha, ialtóga agus gnáthóga ialtóg, eascracha, an crios cósta, uiscebhealaí intíre, criosanna bruachánacha agus ithir agus screamhuisce a chosaint agus a fheabhsú; bonneagar glas a chur chun cinn; pleananna oidhreachta náisiúnta agus contae agus pleananna bithéagsúlachta a chur chun feidhme; tacú le bearta um chosc, taifeadadh, agus díothú na speiceas ionracha; úsáid speiceas dúchasach a chur chun cinn; agus Pleananna Bainistíochta a chur san áireamh arna n-ullmhú le haghaidh láithreáin Eorpacha ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS).

I gCuspóir TWHS 1 '**Crainn, Coillearnach, Teorainneacha Nádúrtha agus Ballaí Cloiche**' féachtar leis an méid a leanas a dhéanamh: crainn thábhachtacha, mothair crann, agus teorainneacha crannda, coillearnach ársa, teorainneacha nádúrtha lena n-áirítear ballaí cloiche, fálta sceach atá ann faoi láthair go háirithe na cinn ar mhórán speiceas cois bóthair agus fálta sceach ag teorainn na mbailte fearainn a chosaint agus a choinneáil i gcás inar féidir, agus iad a athsholáthar le cineál comhchosúil leis an teorainn atá ann faoi láthair.

I gCaibidil 12 **Oidhreacht Ailtireachta, Seandálaíochta agus Chultúrtha** de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe leagtar amach na Cuspóirí Beartais don Oidhreacht Ailtireachta (12.5.8), Oidhreacht Seandálaíochta (12.6.12), agus Oidhreacht Chultúrtha (12.7.5), lena n-áirítear:

- Tacaíonn Cuspóir AH 9 – 'Measúnacht Tírdhreacha Áitiúil agus Áite' le tograí ó phobail áitiúla agus grúpaí cónaitheoirí chun anailís a dhéanamh ar nádúr a n-áite agus chun a hathbheochan a chur chun cinn dá n-úsáid agus dá dtaitneamh féin agus do na cuairteoirí chuig an gceantar
- Clúdaíonn Sprioc AH 10 - 'Tírdhreacha Deartha' na tírdhreacha deartha a mhaireann agus moltar bun-nádúr na timpeallachta tógtha agus nádúrtha a chaomhnú

Tugadh aghaidh roimhe seo in PCÁ Bhearna (2007-2017) ar fhorbairt Bhearna agus ar an gceantar mórthimpeall air. Bunaíodh Mórcheantar Uirbeach na Gaillimhe faoin gCreat Náisiúnta Pleanála in 2018, agus síneann sé ó Bhearna thiar, agus Cathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte ann, agus soir go dtí Baile Chláir agus Órán Mór. I gCuid 2 d'Imleabhar 2 den Phlean Forbartha Contae atá i bhfeidhm faoi láthair 2022-2028 leagtar amach an fhís do lonnaíocht chathrach Bhearna, agus tagann sé in ionad an PCÁ a bhí ann roimhe. Níl an tírdhreach mór timpeall ar lonnaíocht Bhearna curtha san áireamh i gceantar mórchathrach na lonnaíochta mar a leagtar amach i gCuid 2 d'Imleabhar 2 den Phlean Forbartha. Dá réir sin, déantar an tírdhreach níos leithne mórthimpeall orthu a mheas faoi fhorálacha ginearálta an Phlean Forbartha do thírdhreach an chontae ina iomláine.

Táthar tar éis cuspóirí Phlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta, 2008–2018 a áireamh le Caibidil 13 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe, 2022–2028.

### *12.3.1.7 Gairdíní Stairiúla agus Tírdhreacha Deartha*

Cláraíonn An Fardal Náisiúnta Oidhreacht Ailtireachta (NIAH) Gairdíní Stairiúla agus Tírdhreacha Deartha.

Tá na réadmhaoine a liostaítear i Tábla 12.4 ar nó gar don Tionscadal, agus tá gach ceann a liostaítear mar a chéile leis na cinn de réir TMTT 2018. Mar sin féin, rinneadh an cur síos ar na réadmhaoine sa NIAH a nuashonrú ó TMTT 2018, agus léirítear na hathruithe sin sa mhéid seo a leanas. Níl tionchar díreach ná indíreach fiú le sonrú ar gach aon cheann de na réadmhaoine stairiúla sin, *e.g.* ó thaobh an tionchair ar a suíomh de. Rinneadh measúnacht ar na diméinte stairiúla maille lena dtithe ar a bhféadfaí tionchar amhairc dul i bhfeidhm, in éineacht le gach réadmhaoin eile, laistigh de sceideal na dtionchar amhairc in Aguisín A.12.1 agus laistigh de Chuid 12.5.3.6 agus Cuid 12.5.4.6 den chaibidil seo. Tugtar plé níos mionsonraithe ar gach gné den oidhreacht ailtireachta agus chultúrtha faoi Chaibidil 13, Oidhreacht Chultúrtha.

**Tábla 12.4 Gairdíní Stairiúla agus Tírdhreacha Deartha atá suite feadh an Tionscadail**

| Tagairt Fíorach. | Ainm agus suíomh i gcoibhneas leis an Tionscadal: | Ráitis an NIAH & Príomhghnéithe Coinnithe |
|---|---|---|
| P008-043<br>(Fíor 12.1.12) | Diméin Theach Pháirc na Sceach.<br><br>Príomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe thar 600m+ ó theach. Ceanglaítear Bóthar Ceangail Thuaidh an N59 atá beartaithe le Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 mar atá taobh le teorainn dheas na diméine. | Ráitis an NIAH: Lorg suímh, príomhfhoirgneamh, gairdín cistine/garraí daingean agus teorainn shainithe fós le fáil.<br>Tá roinnt mhaith de lorg struchtúrach an tírdhreacha dheartha le feiceáil sa ghrianghrafadóireacht ón aer, ach tá bail dhíghrádaithe ar na gnéithe de.<br>Tá an príomhstruchtúr, 'Teach Pháirc na Sceach', ar marthain fós agus liostaithe mar struchtúr faoi chosaint. Tá roinnt forbairtí cónaithe tar éis tarlú laistigh de na tailte diméine. |
| N/A | Diméin Pháirc Ashley.<br><br>300m+ ón Tionscadal. | Ráitis an NIAH: Tógadh tithe ar an suíomh seo.<br>Is beag gné ón tírdhreach deartha a léiríodh ar léarscáil OS 1836 - 1846 atá infheicthe in aerfótaghraif. |
| P009-001<br>(Teach an Daingin – Léarscáiliú 2ú hEagrán) | Teachín an Daingin, Teach an Daingin, Clochar an Daingin, Diméin Mary Ville.<br><br>(Go bunúsach tírdhreach cónasctha amháin atá ann). | Ráitis an NIAH: Is beag gné sho-aitheanta atá fós ann. Tógadh áiseanna tionsclaíochta agus spóirt ar an suíomh seo.<br>Níl aon ghné inaitheanta fágtha.<br>I suirbhé gairdíní an NIAH níl aon iontráil do Theach an Daingin, a bhí suite, mar aon leis an gClochar, ar bhruach Abhainn na Gaillimhe, de réir an chéad eagrán den léarscáil. |

| Tagairt Fíorach. | Ainm agus suíomh i gcoibhneas leis an Tionscadal: | Ráitis an NIAH & Príomhghnéithe Coinnithe |
|---|---|---|
| (Fíor 12.1.07) | Gabhann an N6 GCRR atá beartaithe tríd an gcuid thuaidh de na tailte comhtheagmhálacha bunaidh den diméin. | Níl ceachtar den dá fhoirgneamh ann anois agus níl siad léirithe ar an dara heagrán den léarscáil.<br>Tá Teachín an Daingin le feiceáil ar an dá eagrán den léarscáil. Mar sin féin, níl an réadmhaoin i láthair a thuilleadh, agus tá páirc imeartha spórt tógtha ar an suíomh.<br>Níor léiríodh Mary Ville ar an gcéad eagrán den léarscáil, ach tá sé ar an dara heagrán, le tagairt do Theach an Daingin ar shuíomh difriúil ón gceann a bhí sa chéad eagrán den léarscáil. |
| P009-003<br><br>(Fíor 12.1.07) | Diméin Chaisleán Mhionlaigh.<br><br>Gabhann an N6 GCRR atá beartaithe tríd an gcuid thoir theas den diméin bhunaidh – c.150m ó fhothrach an Chaisleáin. | Suite taobh le hAbhainn na Gaillimhe.<br>Na príomhghnéithe do-aitheanta - na gnéithe imeallacha infheicthe.<br>Tá cuid mhaith den fhearann páirce a léiríodh ar léarscáil OS 1836 -1846 roinnte i bpáirceanna beaga.<br>Maireann an príomhstruchtúr caisleáin mar fhothrach drámatúil ar imeall na habhann (P009-003). Is struchtúr faoi chosaint an príomhstruchtúr agus an bealach isteach. |
| PG14-016 (suíomh)<br><br>(Fíor 12.1.14) | Diméin Theach Bhaile an Bhriotaigh.<br>1km+ ón Tionscadal. Páirc Ghnó Chathair Thoir- oibreacha acomhail laistigh den diméin. | Ráitis an NIAH: Limistéar faoi bhóthar an N6 atá ann faoi láthair.<br>Tá an diméin ar fad clúdaithe anois le forbairt tionsclaíochta agus chónaithe agus tá suíomh an tí faoi Bhóthar na dTreabh (N6). |

### *12.3.1.8 Suntasacht agus Íogaireacht Tírdhreacha agus Amharc*

Tá na príomhghnéithe suntasachta agus íogaireachta sa tírdhreach glactha den Tionscadal (in ord ginearálta aniar agus soir) mar a liostaítear in TMTT 2018:

- Nádúr breacnádúrtha an tírdhreacha sna féarthailte meath-thorthúla, planduithe scrobarnaí, gleannta beaga sruthán agus ballaí cloiche siar agus ó thuaidh ó Bhearna
- Bainistíocht Comhshaoil, agus Limistéir Spáis Oscailte, amhairc agus radhairc faoi chosaint, agus glasbhealaí agus ceangail atá beartaithe siar agus ó thuaidh ó Bhearna
- An tírdhreach oscailte atá ag ardú, lena n-áirítear tailte oscailte ar an taobh thiar ó thuaidh de Chathair na Gaillimhe
- Conair Abhainn na Gaillimhe agus an tírdhreach mórthimpeall, lena n-áirítear fothracha feiceálacha Chaisleán Mhionlaigh, chomh maith le mósáic de thírdhreacha breac-nádúrtha agus tírdhreacha faoi thionchar daonna, plandáil ínsí, tailte féaraigh, scrobarnach agus coillearnach. Amhairc faoi chosaint agus tailte ar an mbruach thoir atá sainithe mar Limistéar Ard Talmhaíochta
- Na tailte caithimh aimsire, spórt agus taitneamhachta de chuid Champas Spórt Ollscoil na Gaillimhe agus an ceantar máguaird. Tailte ar bhruach thiar Abhainn na Gaillimhe atá sainithe mar Spás Oscailte Áineasa
- An tírdhreach aolchloiche, féaraigh agus scrobarnaí le ballaí cloiche ar an taobh thoir thuaidh de Chathair na Gaillimhe
- An tírdhreach droimníní agus gleannta ina bhfuil amhairc faoi chosaint timpeall ar Loch Bhaile an Dúlaigh
- Tailte oscailte áineasa Ráschúrsa na Gaillimhe agus na limistéir mórthimpeall

Tá na príomhghnéithe suntasachta amhairc agus íogaireachta sa tírdhreach glactha (in ord ginearálta aniar agus soir) mar a liostaítear in TMTT 2018:

- Tá réadmhaoin chónaithe agus forbairt ghinearálta, atá feiceálach ann agus tá taitneamhachtaí fisiúla i gceist, go háirithe:
- taobh thiar agus ó thuaidh de Bhearna, ag Bóthar Fhoraí Maola, ag Bóthar Throscaigh agus ag Ann Gibbons agus Bearna go dtí Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59
  - siar / siar ó thuaidh ón gcathair, ag Bóthar na hAille, Bóthar na Ceapaí, agus Baile an Mhóinín
  - siar ó thuaidh ón gcathair, ag Bóthar Rathúin agus Bóthar an Chlaí Bháin, Bóthar Leitrí agus ag Cloch Scoilte
  - ar gach aon taobh de Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ó thuaidh den chathair, ag Cnoc na Fosca, Barr na Crannaí, An Daingean Uachtair agus Achadh an Churraigh agus ag An Bealach agus Páirc na Sceach
  - ó thuaidh / soir ó thuaidh ón gcathair, ag Bóthar Nua, Seanbhóthar
  - taobh thoir ó thuaidh den chathair, ag Bóthar Áth Cinn an N84 agus ag Bóithrín Uí Eidhin, Bóithrín Uí Spealáin agus Bóithrín na Scoile agus ag Sráidbhaile An Chaisleáin Ghearr
  - taobh thoir den chathair, ag Bóthar Thuama an N83, Ascaill an Ráschúrsa, Corrán Bhaile an Bhriotaigh, agus ag sráidbhaile Chúil Each-Cnoc Mhaoil Drise
- Suíomh na radharc agus na n-amharc faoi chosaint
- An taitneamhacht amhairc a bhaineann le Campas Spórt Ollscoil na Gaillimhe
- An taitneamhacht amhairc a bhaineann le conair Abhainn na Gaillimhe, lena n-áirítear suíomh Chaisleán Mhionlaigh
- An taitneamhacht amhairc a bhaineann le Ráschúrsa na Gaillimhe

## 12.4 Saintréithe an Tionscadail

Tá cur síos mionsonraithe ar an Tionscadal agus ar ghníomhaíochtaí tógála le fáil i gCaibidil 5, Cur Síos ar an Tionscadal agus Caibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála.

Tá cúig chéim sa Tionscadal mar a leagtar amach thíos. Le cuimsiú na stáblaí sealadacha a athshuíodh sa pháirc istigh ag Ráschúrsa na Gaillimhe agus na n-oibreacha coimhdeacha sa mheasúnacht ar an Tionscadal don TMTT nuashonraithe seo, méadaíodh Teorainn na Measúnachta i gcóngaracht Ráschúrsa na Gaillimhe. Tugtar breac-chuntas ar phríomh-shaintréithe an Tionscadail atá ábhartha don mheasúnacht tírdhreacha agus amhairc faoi na céimeanna tógála agus oibríochta i gCodanna 12.4.2 agus 12.4.3 faoi seach. Cuimsítear le Céim 2 an tsaintréith is suntasaí den Tionscadal.

#### *12.4.1.1 Céim 1*

Áirítear le Céim 1 clós sealadach stáblaí a thógáil lena n-áirítear carrchlós do leantóirí capall, seid innealra, seid cothabhála, fostáisiún BSL, dhá thobar, fáinne paráide agus puball nua ar thailte Ráschúrsa na Gaillimhe (Ar thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead pleanála ina leith i mí na Nollag 2024 Uimhir Thagartha. Pleanála.:24/60279).

#### *12.4.1.2 Céim 2*

Cuimsítear le Céim 2 tógáil agus oibriú an N6 GCRR atá beartaithe.

#### *12.4.1.3 Céim 3*

Cuimsítear le Céim 3 den tógáil clós stáblaí nua buan a thógáil lena n-áirítear carrchlós do bhoscaí capall tar éis tabhairt ar lámh an N6 GCRR atá beartaithe (Ar thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead pleanála ina leith i mí na Nollag 2024 Uimh. Thagartha. Pleanála.:24/60279).

#### 12.4.1.4 Céim 4

Cuimsítear le Céim 4 scartáil na stáblaí sealadacha a tógadh i gCéim 1 (Ar thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead pleanála ina leith i mí na Nollag (Uimh. Pleanála.:24/60279).

#### 12.4.1.5 Céim 5

Is í Céim 5 an chéim oibríochta den Tionscadal.

### 12.4.2 Céim na Tógála

Is iad seo a leanas na príomh-shaintréithe de chéim tógála an Tionscadail lena mbaineann an fhéidearthacht go dtarlódh tionchar tírdhreacha agus amhairc dá mbarr, agus na hathruithe a rinneadh ar an Tionscadal ó TMTT 2018 á dtabhairt faoi deara mar atá leagtha amach i gCaibidil 5 den TMTT nuashonraithe seo, lena n-áirítear páirceanna imeartha Ollscoil na Gaillimhe a bhaint (tá cead pleanála faighte ag Ollscoil na Gaillimhe le haghaidh páirceanna imeartha malartacha - Uimhir Thagartha ABP: 308412-20) agus na stáblaí sealadacha ag suíomh faiche malartach ag an ráschúrsa (Ar thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead pleanála ina leith i mí na Nollag Uimh. Thagartha Pleanála. :24/60279):

- Slógadh agus bunú an láithreáin tógála, leagan crann agus baint fásra, fálú tailte, soláthar compún ar an láthair
- Réadmhaoin, teorainneacha agus taitneamhachtaí a bhaint amach
- Gnáthghníomhaíocht agus cur isteach ar an tírdhreach, lena n-áirítear barrithir a bhaint amach, créfoirt ghinearálta agus trácht tógála i mbun oibre
- Créfoirt shuntasacha a thógáil, lena n-áirítear gearrthacha agus gearrthacha carraige (< 3m ar doimhne) agus claífoirt (< 3m ar airde)
- Tógáil bóthair nua, bóithre ceangail agus athailíniú gaolmhar ar bhóithre áitiúla, lena n-áirítear baic thorainn, soilsiú, comharthaí ar dhroichid soilsithe, *etc.*
- Struchtúir nua a thógáil, lena n-áirítear íosdroichid agus tardhroichid, tóchair, trasrian droichid c.650m ar fad d'Abhainn na Gaillimhe agus a gleann, tarbhealach c.310m ar fad, agus 2 phíosa ar leithligh de thollán – ceann c.270m ar fad ag Cairéal Leacaigh, agus an dara ceann c.240m ar fad ag Ráschúrsa na Gaillimhe
- Scartáil agus mionathrú ar chuid de Phailliún Spórt Ollscoil na Gaillimhe
- Stáblaí sealadacha agus buana a chur ar fáil (Ar thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead pleanála ina leith i mí na Nollag Uimhir Thagartha Pleanála. :24/60279 chun tionchair an N6 GCRR atá beartaithe ar oibriú an ráschúrsa a mhaolú agus chun a chinntiú gur féidir leis an ráschúrsa leanúint ar aghaidh ag oibriú le linn thógáil an N6 GCRR atá beartaithe agus ina diaidh)
- Oibriúcháin ghaolmhara eile a bhaineann leis an tionscadal, lena n-áirítear seirbhísí reatha a aistriú chuig áit éigin eile, seirbhísí nua a chur ar fáil, locháin tanúcháin agus locháin bhogaigh a sholáthar, áiseanna draenála, teorainneacha ar an mbóthar nua agus oibriúcháin tírdhreacha, *srl.*

### 12.4.3 An Chéim Oibríochta

Tá príomh-shaintréithe na céime oibríochtúla den Tionscadal a bhféadfadh tionchar tírdhreacha agus amhairc a bheith acu, curtha i láthair in TMTT 2018:

- An bóthar nua agus an trácht air agus é a bheith gar do réadmhaoin chónaithe, do thaitneamhachtaí agus do réadmhaoin eile
- Beidh claífoirt agus gearrthacha sa tírdhreach feiceálach
- Beidh struchtúir ardaithe amhail droichid agus an tarbhealach feiceálach
- Láithreacht bacainní torainn, comharthaíochta droichead, etc.
- Láithreacht soilsiú breise ar thaobh an bhóthair

- Gluaiseacht tráchta ar an N6 GCRR atá beartaithe, lena n-áirítear ar dhroichid, claífoirt, tairseacha tollán, etc.

## 12.5 Measúnú ar na Tionchair

### 12.5.1 Réamhrá

Trasnaíonn an Tionscadal tírdhreach éagsúil tuaithe / bruachbhailte siar, ó thuaidh agus soir ó ghnáthfhorbairt ar imeall na cathrach. Tá Céim 2, tógáil an N6 GCRR atá beartaithe, comhdhéanta den tsaintréith is suntasaí den Tionscadal, agus is uaithi a thagann an fhéidearthacht is mó go dtarlódh tionchair shuntasacha.

Dá bhrí sin, déantar an mheasúnacht tionchair ar an Tionscadal ina iomláine, ach roinntear é ina gcodanna den N6 GCRR atá beartaithe ar mhaithe le héascaíocht na tagartha de réir leagan amach TMTT 2018.

Is gné choitianta í réadmhaoine cónaithe a bheith i láthair feadh roinnt mhór codanna den N6 GCRR atá beartaithe, go háirithe ag trasbhealaí na mbóithre áitiúla siar agus siar ó thuaidh ó Ghaillimh, ag trasbhealach Bhóthar Mhaigh Cuilinn N59, ag an N84 ag Baile an Dúlaigh, ag an gCaisleán Gearr, agus ag Baile an Bhriotaigh, Dabhach Uisce agus Cúil Each-Cnoc Mhaoil Drise.

Laistigh den tírdhreach seo, tiocfaidh drochthionchair shuntasacha throma ón tógáil a bhaineann leis an N6 GCRR atá beartaithe i dtéarmaí shuaitheadh an tírdhreacha atá ann faoi láthair agus saintréithe amhairc an cheantair agus le haghaidh réadmhaoine atá suite gar don N6 GCRR atá beartaithe.

Cé gur le linn na gcéimeanna tógála agus luathoibríochtúla is measa a bheidh na tionchair thírdhreacha agus amhairc, beidh buantionchar iarmharach áirithe ag an N6 GCRR atá beartaithe freisin, mar is amhlaidh i gcás gach scéim bóithre, ar a thírdhreach agus ar a thimpeallacht amhairc.

### 12.5.2 Tionchair 'Gan Dada a Dhéanamh'

Ní bhainfeadh na drochthionchair thírdhreacha agus amhairc a bhaineann leis an N6 GCRR atá beartaithe do thírdhreacha agus réadmhaoine feadh an N6 GCRR atá beartaithe, agus ba bheag athrú nó athrú ar bith a bhainfí dóibh idir an gearrthéarma agus an meántéarma seachas ó fhorbairt chónaithe agus cathrach dhóchúil bhreise.

### 12.5.3 Tionchair Fhéideartha na Tógála

I gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála, leagtar amach sonraí na tréimhse tógála 5 bliana a bhfuil coinne leis don Tionscadal, agus tá coinne le tréimhse tógála 3 bliana le haghaidh Chéim 2.

Cuirtear síos ar ghnéithe ar a bhféadfaí dul i bhfeidhm agus tionchair amhairc an Tionscadail ar bhonn ó chuid go chéile, agus tagairt á déanamh don tslabhraíocht feadh an N6 GCRR atá beartaithe thíos. Tá an cur síos ar nádúr an tírdhreacha agus ar amhairc faoi chosaint tar éis athrú sa Phlean Forbartha Contae atá i bhfeidhm faoi láthair, agus dá réir sin táthar tar éis na fochodanna ábhartha maidir le Pleanáil Tírdhreacha agus Nádúr an Tírdhreacha sa mhéid seo a leanas a nuashonrú sa TMTT nuashonraithe seo. Mar sin féin, fanfaidh na measúnachtaí tionchair foriomlána mar a chéile agus a cuireadh i láthair in TMTT 2018 iad.

Pléitear ar leithligh measúnacht ar thionchar amhairc foriomlán na céime tógála i gCuid 12.5.3.6 den chaibidil seo. Léirítear réadmhaoine a d'fhéadfaí cur isteach orthu ar Fhíoracha 12.1.01 go 12.1.15 agus taifeadtar in Aguisín A.12.1 iad.

#### *12.5.3.1 Ch. 0+000 go Ch. 6+300*

Eascraíonn an fhéidearthacht do thionchair thírdhreacha agus amhairc laistigh den chuid seo den Tionscadal as na gnéithe foirgníochta seo a leanas:

- **Réadmhaoin:** Táthar chun deich réadmhaoin chónaithe a cheannach, agus tionchar dá réir ar an suíomh pobail agus tírdhreacha / amhairc atá ann faoi láthair (féach ar Fhíoracha 12.1.01 go 12.1.05). Tá siad sin suite den chuid is mó ag trasbhealach na mbóithre áitiúla mar a bhfuil forbairt chónaithe ar chruth ribín ina gné feadh na mbóithre sin

  <u>Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar suntasach áitiúil</u>

- **Fásra:** Beidh baint an fhásra an-teoranta, agus díreofar den chuid is mó é ar cheantair fásra scrobarnaí, ar chodanna gearra d'fhálta sceach le bearnaí iontu agus ar chrainn bheaga fhánacha – go minic timpeall ar na réadmhaoine atá le héadáil (féach ar Fhíoracha 12.1.01 go 12.1.05)

  Níl aon tionchar suntasach

- **Gnéithe Tírdhreacha:** Tá tionchar substaintiúil ar theorainneacha bhallaí cloiche idir páirceanna agus leagfar a lán de na ballaí. Cé gur minic drochbhail a bheith orthu agus iad fásta le scrobarnach, is gné shuntasach iad na ballaí sin den tírdhreach garbh cuibheasach oscailte seo

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar suntasach áitiúil

- **Claífoirt:** Níl mórán claífort suntasach (i.e. >3 ar airde) ann. Cé gur gá stráicí gearra de chlaífoirt ísle (i.e. < 3m ar airde) chun trasnú ag pointí ísle, is iad na príomhstráicí de chlaífoirt (c.2.55km in iomlán) agus na huasairdí garbha ná:

  - Ch. 0+550 go Ch. 1+150 (suas go c.6m ar airde)
  - Ch. 1+200 go Ch. 1+600 lena n-áirítear Ceangal Tardhroichid Throscaí / na bhForaí Maola (suas le c.7m in airde)
  - Ch. 1+900 go Ch. 2+250 (suas go c.7m ar airde)
  - Ch. 2+800 go Ch. 3+050 (suas go c.6m ar airde)
  - Ch. 3+900 go Ch. 4+000 (suas go c.7m ar airde)
  - Ch. 4+100 go Ch. 4+350 (suas go c.5m ar airde)
  - Ch. 4+750 go Ch. 5+000 (suas go c.6m ar airde)
  - Ch. 5+950 go Ch. 6+300 (suas go c.9m ar airde)

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchair shuntasacha go háitiúil

- **Gearrthacha:** Níl mórán gearrthacha suntasacha (i.e. >3 ar doimhne) ann. Cé go mbeidh roinnt codanna gearra eile de ghearradh éadomhain (i.e. < 3m ar doimhneacht) de dhíth chun dromanna / buaiceanna a thrasnú, is iad seo a leanas na príomhchodanna de ghearradh (c.0.95km san iomlán) leis an uasdoimhneacht iomchuí:

  - Ch. 3+150 go Ch. 3+900 (ag súil le suas go c.5m de ghearradh carraige ag doimhneachtaí níos ísle)
  - Ch. 5+350 go Ch. 5+530 (ag súil le suas go c.9m de ghearradh carraige ag doimhneachtaí níos ísle)

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar measartha áitiúil

- **Tionchair Fhísiúla:** Tagann drochthionchair amhairc shuntasacha aníos le haghaidh réadmhaoine cónaithe, go háirithe ag trasbhealach na mbóithre áitiúla (ag R336, Foraí Maola, Troscaigh, Ann Gibbons, Aille, An Cheapach, Baile an Mhóinín, Rathún agus Leitreach) agus ag an gCeangal Tardhroichid Throscaí / Fhoraí Maola atá beartaithe (Ch. 1+380). Féach Cuid 12.5.3.6 agus Fíoracha 12.1.01 go 12.1.05.

  Ar an iomlán, beidh drochthionchar gearrthéarmach suntasach ann ó thaobh amhairc de

- Pleanáil Tírdhreacha:

  Trasnaíonn an tógáil ar chuid den N6 GCRR atá beartaithe tailte criosaithe Talmhaíochta agus Áineasa agus Taitneamhachta (i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe) ag an gCeapach / Baile na hAbhann / Caorán (c.Ch. 4+700 go Ch. 5+300), agus tailte atá criosaithe mar thailte cónaithe idir Ch. 5+350 agus Ch. 6+300 (Bóthar Rathúin)

  Trasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe cuspóirí an cheangail glasbhealaigh ag Bóthar na Ceapaí (Ch. 4+450); ag Bóithrín na Buaile Bige (Ch. 4+550) agus ag Bóithrín an Chaoráin (Ch. 5+950).

Tiocfaidh srianta sealadacha mar thoradh ar ghníomhaíochtaí na céime tógála maidir le húsáid na mbóithre/rianta rochtana áitiúla sin

Cuirfidh tógáil mhórscála an N6 GCRR atá beartaithe seachmall ar amhairc, agus beidh sí neamhréireach ag tulra na n-amharc fadraoin ó dheas i dtreo chósta thuaidh an Chláir

Ar an iomlán, beidh drochthionchar gearrthéarmach suntasach ann ar phleanáil tírdhreacha

- **Nádúr an Tírdhreacha:** D'ainneoin mhéid na forbairtí cónaithe atá i bhfeidhm faoi láthair, tiocfaidh cur isteach substaintiúil ar nádúr an tírdhreacha ó thógáil an N6 GCRR atá beartaithe – go háirithe maidir le soláthar Cheangal Tardhroichid Throscaí / Fhoraí Maola. Beidh tionchar teoranta ag an tógáil ar an gCiumhais Cois Cósta atá níos íogaire ar bhonn áitiúil - go háirithe ó dheas ó R336 Bóthar an Chósta

  Ar an iomlán, beidh drochthionchar gearrthéarmach idir measartha agus suntasach ann ó thaobh nádúr an tírdhreacha áitiúil de

### *12.5.3.2 Ch. 6+300 go Ch. 8+000*

Eascraíonn an fhéidearthacht do thionchair thírdhreacha agus amhairc laistigh den chuid seo den Tionscadal as na gnéithe foirgníochta seo a leanas:

- **Réadmhaoin:** Táthar chun trí réadmhaoin chónaithe a cheannach, agus tionchar dá réir ar an suíomh pobail agus tírdhreacha / amhairc atá ann faoi láthair (féach Fíoracha 12.1.05 go 12.1.06 agus Fíoracha 12.1.12 go 12.1.13). Tá siad sin suite ag Leitreach (1) agus ag Acomhal Leitrí an N59(2)

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar measartha áitiúil

- **Fásra:** Beidh baint an fhásra teoranta, agus díreofar den chuid is mó é ar cheantair fásra scrobarnaí, ar chodanna gearra d'fhálta sceach le bearnaí iontu agus ar chrainn bheaga fhánacha – go hiondúil timpeall ar Acomhal na Leitrí an N59 atá beartaithe (féach Fíoracha 12.1.05 go 12.1.06 agus Fíoracha 12.1.12 go 12.1.13)

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar beag áitiúil

- **Gnéithe Tírdhreacha:** Tá an-tionchar ar theorainneacha bhallaí cloiche idir páirceanna agus leagtar a lán de na ballaí. Cé gur minic drochbhail a bheith orthu agus iad fásta le scrobarnach, is gné shuntasach iad na ballaí sin den tírdhreach cuibheasach oscailte seo

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar measartha áitiúil

- **Claífoirt:** Beidh roinnt claífort suntasach (i.e. > 3m ar airde) ann. Cé gur gá stráicí gearra de chlaífoirt ísle (i.e. < 3m ar airde) chun trasnú ag pointí ísle áitiúla, is iad na príomhstráicí de chlaífoirt (c.1.15km in iomlán) agus na huasairdí garbha ná:
  - Ch. 6+300 go Ch. 6+550 (suas go c.12m ar airde)
  - Ch. 6+800 go Ch. 6+950 (suas go c.10m ar airde)
  - Ch. 7+000 go Ch. 7+550 (claífoirt éagsúla atá bainteach leis an mbóthar isteach go hAcomhal Leitrí an N59 agus leis an acomhal féin – suas le c.6m in airde)
  - Ch. 1+500 go Ch. 1+700 ar Bhóthar Ceangail an N59 ó dheas (suas go 7m ar airde)

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar measartha áitiúil

- **Gearrthacha:** Beidh roinnt gearrthacha suntasacha (i.e. > 3m ar doimhne) ann. Cé go mbeidh roinnt codanna gearra eile de ghearradh éadomhain (i.e. < 3m ar doimhneacht) de dhíth chun dromanna / buaiceanna a thrasnú, is iad seo a leanas na príomhchodanna de ghearradh (c.0.85km san iomlán) leis an uasdoimhneacht iomchuí:
  - Ch. 7+550 go Ch. 8+000 (gearrthacha éagsúla atá bainteach le hAcomhal Leitrí an N59 – suas le c.11m gearrtha. Tá coinne leis go mbeidh carraig ann ag doimhneacht níos ísle)
  - Ch. 0+050 go Ch. 0+450 ar Bhóthar Ceangail an N59 ó thuaidh (gearradh suas go 8m)

Sa ghearrthéarma beidh drochthionchair shuntasacha go háitiúil

- **Tionchair Fhísiúla:** Drochthionchair shuntasacha ó thaobh amhairc de le haghaidh réadmhaoine cónaithe, go háirithe ag an trasbhealach ar na bóithre áitiúla ag Leitreach agus Rathún, agus ag an gceangal le Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ag an mBealach / Páirc na Sceach). Féach Cuid 12.5.3.6 agus Fíoracha 12.1.05 go 12.1.06 agus Fíoracha 12.1.12 go 12.1.13

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar físiúil suntasach ar an iomlán

- **Pleanáil Tírdhreacha:** Gabhann móramh na coda seo den N6 GCRR atá beartaithe trí thailte criosaithe talmhaíochta, le Bóthar Ceangail Theas an N59 ag gabháil trí chriosuithe cónaithe agus fiontraíocht. Gabhann cuid ghearr den N6 GCRR atá beartaithe trí thailte talmhaíochta Ardtaitneamhachta ag Bóthar Rathúin (Ch. 6+300 go Ch. 6+450). Tagann tógáil an N6 GCRR atá beartaithe laistigh de chomhthéacs Amharc Líneach 10 d'Abhainn na Gaillimhe ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59. Mar sin féin, níl aon tionchar suntasach ag teacht aníos le haghaidh Amharc 10

  Ar an iomlán beidh drochthionchar beag go measartha ar phleanáil tírdhreacha sa ghearrthéarma

- **Nádúr an Tírdhreacha:** D'ainneoin chineál tuaithe / imeall cathrach an tírdhreacha agus mhéid na bhforbairtí cónaithe, tiocfaidh cur isteach substaintiúil ar nádúr an tírdhreacha oscailte ardaithe áitiúil ó thógáil an N6 GCRR atá beartaithe

  Ar an iomlán beidh drochthionchar suntasach ar nádúr an tírdhreacha áitiúil sa ghearrthéarma

#### *12.5.3.3 Ch. 8+000 go Ch. 11+800*

Eascraíonn an fhéidearthacht do thionchair thírdhreacha agus amhairc laistigh den chuid seo den Tionscadal as na gnéithe foirgníochta seo a leanas:

- **Réadmhaoin:** Táthar chun trí réadmhaoin chónaithe dhéag a cheannach, agus tionchar suntasach dá réir ar an suíomh pobail agus tírdhreacha / amhairc atá ann faoi láthair (féach Fíoracha 12.1.06 go 12.1.08). Tá na réadmhaoine sin suite den chuid is mó ar gach aon taobh de Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ag Cnoc a Donaigh / Páirc na Sceach (2), Ard na Locha (3) agus Achadh an Churraigh (6) ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe, agus ag Bóthar Nua (2) ar an mbruach thiar. Táthar ag beartú éadáil shealadach a dhéanamh ar Phailliún Spórt Ollscoil na Gaillimhe freisin chun mionathrú an fhoirgnimh a chumasú chun foráil a dhéanamh don N6 GCRR atá beartaithe.

  Drochthionchar fíorshuntasach / trom gearrthéamach ar bhonn áitiúil ag Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 / Achadh an Churraigh, agus suntasacht ar bhealach eile

- **Fásra:** Roinnt mhór fásra a bhaint laistigh d'eastát cónaithe Achadh an Churraigh agus Campas Spórt Ollscoil na Gaillimhe ar an mbruach thiar; agus siar ó dheas ó Chaisleán Mhionlaigh; agus i gcodanna trasna thírdhreach aolchloiche Mhionlaigh / Chúil Each ar an mbruach thoir (féach na Fíoracha 12.1.06 go 12.108). Tá tionchar suntasach le sonrú ar bhloc coillearnaí ó dheas ó Chaisleán Mhionlaigh

  Drochthionchar fíorshuntasach / trom gearrthéarmach ar bhonn áitiúil

  **Gnéithe Tírdhreacha:** Tá tionchar suntasach ar theorainneacha bhallaí cloiche idir páirceanna agus ar ghlanadh teorainneacha bhallaí cloiche idir páirceanna ag An Chloch Scoilte, Cnoc na Brón agus Cnoc na Fosca, iad uile siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59. Tá tionchar níos lú ar bhallaí cloiche ar fud na limistéar aolchloiche i Mionlach / Cúil Each ar thaobh thoir na habhann

  Cur isteach agus ionradh ar thailte áineasa, taitneamhachta agus tailte spórt de chuid Champas Spórt Ollscoil na Gaillimhe; sruthchúrsa agus bruacha Abhainn na Gaillimhe; suíomh suaithinseach Chaisleán Mhionlaigh; agus na ceantair ina bhfuil pábháil aolchloiche mhaol san oirthear i Mionlach / Cúil Each

  Tionchar ar na páirceanna imeartha spórt atá ann faoi láthair ag Campas Spórt Ollscoil na Gaillimhe. Mar sin féin, tugtar dá aire freisin go bhfuair Ollscoil na Gaillimhe cead pleanála le haghaidh páirceanna imeartha malartacha (Uimh. Thagartha. ABP: 308412-20)

  Drochthionchar fíorshuntasach / trom gearrthéarmach ar bhonn áitiúil

- **Claífoirt agus Struchtúir:** Is gá claífoirt agus struchtúir an-suntasacha (i.e. > 3m ar airde) tríd an gcuid seo. Is iad seo a leanas príomhchodanna an chlaífoirt (c.1.575km go hiomlán) agus na struchtúir ardaithe (lena n-áirítear droichead 650m ar fad) agus uasairdí garbha na gclaífort:

  – Ch. 8+350 go Ch. 9+000 (suas go c.8m ar airde). San áireamh sa chlaífort tá droichead thar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus codanna suntasacha de na ballaí arda coinneála a théann trí limistéir chónaithe atá á gcoinneáil

  – Ch. 8+850 go Ch. 9+500 Mórstruchtúr droichid ardaithe thar Abhainn na Gaillimhe agus an tírdhreach mórthimpeall

  – Ch. 9+500 go Ch. 10+100 Ceangal thoir le Droichead Abhainn na Gaillimhe (suas le 18m ar airde)

  – Ch. 10+105 go Ch. 10+425 Tarbhealach thar phábháil aolchloiche

  – Ch. 10+425 go Ch. 10+550 (suas le c.10m ar airde)

  – Ch. 11+500 go Ch. 11+800 (suas le 9m ar airde - ach suite ar urlár tochailte Chairéal Leacaigh)

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar trom go háitiúil

- **Gearrthacha agus Struchtúir:** Tá líon teoranta gearrthacha le fáil ar fud na coda seo, agus téann siad i dtreo an tolláin atá beartaithe isteach go Cairéal Leacaigh

  Is iad iad seo a leanas príomhchodanna an ghearrtha (c.0.4km go hiomlán) agus na struchtúir eile le huasdoimhneacht gharbh na ngearrthacha:

  – Ch. 10+950 go Ch. 11+150 (gearradh ag dul i dtreo Chairéal Leacaigh – suas le c.8m gearrtha. Meastar go bhfuil carraig ag doimhneachtaí níos ísle) Ch. 11+150 go Ch. 11+350 Tollán isteach go Cairéal Leacaigh

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchair bheaga / mheasartha go háitiúil

- **Tionchair Fhísiúla:** Drochthionchair throma amhairc le haghaidh réadmhaoine cónaithe, go háirithe ar gach aon taobh de Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59; trí Champas Spórt Ollscoil na Gaillimhe; ag trasbhealach thar Abhainn na Gaillimhe, lena n-áirítear Caisleán Mhionlaigh; chomh maith le Bóthar Nua agus Seanbhóthar ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe. Beidh tionchar suntasach fisiúil ag tógáil an droichid, agus ag na claífoirt agus an tarbhealach lena nbaineann, agus tarraingeofar aird agus suim mhuintir na cathrach sa phróiseas. Féach Cuid 12.5.3.6 agus Fíoracha 12.1.06 go 12.1.08.

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar trom físiúil ar an iomlán

- **Pleanáil Tírdhreacha:** Ar thaobh thiar Abhainn na Gaillimhe gabhann an N6 GCRR atá beartaithe trí thailte Cónaithe Ísealdlúis ag an Daingean / Achadh an Churraigh agus tailte atá criosaithe d'úsáid Caithimh Aimsire agus Taitneamhachta ag Campas Spórt Ollscoil na Gaillimhe. Ar thaobh thoir na habhann gabhann an N6 GCRR atá beartaithe trí thailte Talmhaíochta agus Ardtaitneamhachta agus tailte criosaithe Talmhaíochta, lena n-áirítear Cairéal Leacaigh

  Trasnaíonn tógáil an N6 GCRR atá beartaithe tailte ag a bhfuil criosú caithimh aimsire agus taitneamhachta ar bhruach thiar Abhainn na Gaillimhe; agus tailte Talmhaíochta Ardtaitneamhachta ar an mbruach thoir

  Tá an trasbhealach abhann atá beartaithe suite laistigh de chomhthéacs cuspóirí féideartha glasbhealaigh feadh bhruacha thiar agus thoir Abhainn na Gaillimhe. Beidh tógáil an droichid agus na gcréfort comhghaolmhar atá beartaithe suaithinseach don tsúil, tarraingeoidh sí an aird agus beidh sí neamhréireach leis an limistéar

  Ar an iomlán beidh drochthionchar trom sa ghearrthéarma ar phleanáil tírdhreacha

- **Nádúr an Tírdhreacha:** Beidh tionchar suntasach ag tógáil an droichid agus ag na hoibreacha a bhaineann leis ar an mbruach thoir go háirithe, ar nádúr tírdhreacha áitiúil an ghleanna leathain seo, ar fhothrach an chaisleáin agus ar an suíomh breacnádúrtha ar an mbruach thoir.

Téann an tarbhealach atá beartaithe suas ar thaobh thoir chonair ghleann na habhann atá ardaithe san áit sin, agus mar sin de beidh tógáil an struchtúir infheicthe ó shuíomhanna níos airde ar bhruach thiar na habhann

Drochthionchar fíorshuntasach / trom trí chéile ar nádúr an tírdhreacha áitiúil

#### *12.5.3.4 Ch. 11+800 go Ch. 14+200*

Eascraíonn an fhéidearthacht do thionchair thírdhreacha agus amhairc laistigh den chuid seo den Tionscadal as na gnéithe foirgníochta seo a leanas:

- **Réadmhaoin:** Táthar chun cúig réadmhaoin chónaitheacha is fiche a cheannach, agus tionchar suntasach dá réir ar an suíomh pobail agus tírdhreacha / amhairc atá ann faoi láthair (féach Fíoracha 12.1.08 go 12.1.10). Tá na réadmhaoine sin suite den chuid is mó feadh Bhóthar Áth Cinn an N84 ag Baile an Dúlaigh / An Caisleán Gearr (14) Sráidbhaile an Chaisleáin Ghearr (8) agus Bóthar Thuama an N83 (3)

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar trom áitiúil ag an gCaisleán Gearr agus beidh tionchar suntasach ag Bóthar Áth Cinn an N84 agus ag áiteanna eile

- **Fásra:** Beidh baint theoranta fásra ann timpeall ar limistéir chónaithe ag Bóthar Áth Cinn an N84 agus An Caisleán Gearr agus feadh codanna teoranta eile (féach Fíoracha 12.1.08 go 12.1.10)

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar beag / measartha go háitiúil

  **Gnéithe Tírdhreacha:** Tá tionchar measartha ar theorainneacha bhallaí cloiche idir páirceanna agus ar ghlanadh teorainneacha bhallaí cloiche idir páirceanna tríd an gCaisleán Gearr.

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar measartha áitiúil

- **Claífoirt agus Struchtúir:** Sraith claífort. Is iad seo a leanas na príomhchodanna de chlaífort suntasach (i.e. > 3m ar airde) agus struchtúir ardaithe le huasairdí garbha na gclaífort (c.1.0km ar an iomlán):

  - Ch. 11+950 go Ch. 12+500 (suas go c.14m ar airde). San áireamh sa chlaífort tá droichead thar Bhóthar Áth Cinn an N84 mar atá
  - Ch. 13+650 go Ch. 14+150. San áireamh sa chlaífort (suas go 12m ar airde) tá droichead thar Bhóthar Thuama an N83 mar atá

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar an-suntasach áitiúil

- **Gearrthacha agus Struchtúir:** Gearrthacha suntasacha éagsúla (i.e. > ag doimhneacht 3m) tríd an gcuid seo – lena n-áirítear gearradh domhain ó dheas as Cairéal Leacaigh (Ch. 11+800 go Ch. 11+950)

  Is iad seo a leanas príomhchodanna an ghearrtha (c.1.0km go hiomlán) le huasdoimhneacht gharbh:

  - Ch. 11+800 go Ch. 11+950 (gearradh bainte de Chairéal Leacaigh – gearradh suas le c.18m. Meastar go bhfuil carraig tríd an gcuid is mó den doimhneacht)
  - Ch. 12+550 go Ch. 12+850 Trí dhroim ag an gCaisleán Gearr (suas go 7m ar doimhne- carraig ag na leibhéil íochtaracha)
  - Ch. 13+050 go Ch. 13+600 Trí dhroim ag an gCaisleán Gearr (suas go 12m ar doimhne- carraig ag na leibhéil íochtaracha)

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchair an-suntasacha go háitiúil

- **Tionchair Fhísiúla:** Drochthionchair fhíorshuntasacha / throma ó thaobh amhairc de le haghaidh réadmhaoine cónaithe, go háirithe soir ón trasbhealach ar Bhóthar Áth Cinn an N84 agus síos tríd an gCaisleán Gearr i gcoitinne. Féach Cuid 12.5.3.6 agus Fíoracha 12.1.08 go 12.1.10.

  Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar trom físiúil ar an iomlán

- **Pleanáil Tírdhreacha:** Gabhann an N6 GCRR atá beartaithe trí thailte atá criosaithe don Talmhaíocht den chuid is mó, agus limistéir Criosaithe chónaithe ag Bóthar Áth Cinn an N84, agus Bóthar Thuama an N83. Tá lonnaíocht sráidbhaile stairiúil an Chaisleáin Ghearr suite ó dheas ón N6 GCRR atá beartaithe

  Tá an tírdhreach timpeall ar Loch Bhaile an Dúlaigh díreach ó thuaidh ón N6 GCRR atá beartaithe ainmnithe mar Thalmhaíocht Ardtaitneamhachta

  Tagann tógáil an N6 GCRR atá beartaithe laistigh de chomhthéacs amhairc faoi chosaint V6 agus V19

  <u>Ar an iomlán beidh drochthionchar suntasach sa ghearrthéarma ar phleanáil tírdhreacha</u>

- **Nádúr an Tírdhreacha:** Beidh tionchar substaintiúil ag tógáil na gclaífort, na ngearrthacha chomh maith le déanmhas droichid c.650m ar fhad agus déanmhas tarbhealaigh c.320m ar fhad atá beartaithe, ar chineál réchnocach agus gleanna an tírdhreacha áitiúil

  <u>Drochthionchar suntasach / fíorshuntasach trí chéile ar nádúr an tírdhreacha áitiúil</u>

### *12.5.3.5 Ch. 14+300 go Ch. 17+540*

Eascraíonn an fhéidearthacht do thionchair thírdhreacha agus amhairc laistigh den chuid seo den Tionscadal as na gnéithe foirgníochta seo a leanas:

- **Réadmhaoin:** Táthar chun trí réadmhaoin chónaithe a cheannach, agus tionchar beag dá réir ar an suíomh pobail agus tírdhreacha / amhairc atá ann faoi láthair (féach Fíoracha 12.1.10, 12.1.11 agus 12.1.14). Tá na réadmhaoine sin suite feadh Ascaill an Ráschúrsa agus Bóthar Mhuine Meá R339

  <u>Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar beag áitiúil</u>

- **Fásra:** Beidh baint theoranta fásra scrobarnaí ann siar ó Chúil Each-Cnoc Mhaoil Drise (féach Fíoracha 12.4.10, 12.4.11 agus 12.4.14)

  <u>Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar beag áitiúil</u>

- **Gnéithe Tírdhreacha:** Tá tionchar substaintiúil ar theorainneacha bhallaí cloiche idir páirceanna agus ar ghlanadh teorainneacha bhallaí cloiche idir páirceanna ag Baile an Bhriotaigh agus Cúil Each-Cnoc Mhaoil Drise. Trasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe líne an tseanchosáin Aifrinn ag an bPáirc Mhór (Ch. 1+010 ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire)

  <u>Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar measartha áitiúil</u>

- **Claífoirt agus Struchtúir:** Sraith Claífort. Is iad seo a leanas na príomhchodanna de chlaífort (c.1.0km ar an iomlán) agus struchtúir ardaithe le huasairdí garbha na gclaífort suntasach (i.e. > 3.0m ar airde):

  - Ch. 14+200 go Ch. 14+400 (suas go c.6m ar airde). Claífoirt suas go 15m ar airde a bhaineann leis na cuarbhóithre lúibe
  - Ch. 15+550 go Críoch. Sraith claífort suas go 12m ar airde le droichid agus codanna de bhalla coinneála ag dul chuig Acomhal Chúil Each

  <u>Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar suntasach áitiúil</u>

- **Gearrthacha agus Struchtúir:** Gearrthacha suntasacha éagsúla (i.e. > 3.0m ar doimhne) tríd an gcuid seo - lena n-áirítear gearradh domhain isteach chuig Cairéal Leacaigh (Ch. 11+800 go Ch. 11+950)

- Is iad seo a leanas príomhchodanna an ghearrtha (c.1.0km go hiomlán) le huasdoimhneacht gharbh:

  - Ch. 14+150 go Ch. 14+950 (suas go c.10m ar doimhne). Gearradh go Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe
  - Ch. 14+950 go Ch. 15+200 Gearr agus clúdaigh struchtúr an tolláin ag Ráschúrsa na Gaillimhe
  - Ch. 15+200 go Ch. 15+400 (suas go c.8m ar doimhne). Gearradh ag teacht amach as Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe

  <u>Sa ghearrthéarma beidh drochthionchair shuntasacha go háitiúil</u>

- **Tionchair Fhísiúla:** Drochthionchair fhíorshuntasacha / throma ó thaobh amhairc de le haghaidh réadmhaoine cónaithe, ag Ascaill an Ráschúrsa / Corrán Bhaile an Bhriotaigh agus cinn shuntasacha ag Cúil Each-Cnoc Mhaoil Drise. Beidh drochthionchair fhísiúla bheaga - mheasartha ag Dabhach Uisce. Féach Cuid 12.5.3.6 agus Fíoracha 12.1.10, 12.1.11 agus 12.1.14

  Eascróidh tionchair logánta amhairc, nach suntasach iad, as na hoibreacha atá beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe i ndáil leis na stáblaí sealadacha agus buana (Céimeanna 1, 3 & 4 den Tionscadal)

  <u>Sa ghearrthéarma beidh drochthionchar fisiúil an-suntasach ar an iomlán</u>

- **Pleanáil Tírdhreacha:** Gabhann an N6 GCRR atá beartaithe trí mheascán criosuithe uirbeacha lena n-áirítear Cónaithe, Fiontraíocht, Tionsclaíocht, Tráchtálaíocht, agus limistéir bheaga Caithimh Aimsire agus Taitneamhachta (an dara ceann laistigh de PCÁ cheantar na nArdán). Tá tailte Ráschúrsa na Gaillimhe ag Baile an Bhriotaigh criosaithe le haghaidh talamhúsáid Caithimh Aimsire agus Taitneamhachta

  Tá an lonnaíocht stairiúil sráidbhaile i gCúil Each-Cnoc Mhaoil Drise suite díreach soir ó thuaidh ón N6 GCRR atá beartaithe. Tá an sráidbhaile suite os cionn acomhal níos lú an N6 atá ann cheana

  <u>Ar an iomlán beidh drochthionchar suntasach ar phleanáil tírdhreacha sa ghearrthéarma</u>

- **Nádúr an Tírdhreacha:** Beidh tionchar substaintiúil ag tógáil na gclaífort, na ngearrthacha agus na struchtúr atá beartaithe ar nádúr oscailte áineasa agus taitneamhachta Ráschúrsa na Gaillimhe. Beidh tionchar áitiúil nach tionchar suntasach é ag na hoibreacha atá beartaithe ag stáblaí Ráschúrsa na Gaillimhe (Céimeanna 1, 3, & 4 den Tionscadal) ar nádúr an tírdhreacha sa cheantar

  <u>Ar an iomlán beidh drochthionchar suntasach ar nádúr an tírdhreacha áitiúil</u>

#### *12.5.3.6 Tionchar Amhairc*

De ghnáth bíonn an tionchar fisiúil is feiceálaí le linn na céime tógála nuair a bhíonn an cur isteach i dtosach coimhthíoch agus substaintiúil agus is minic a bhíonn sé gar do réadmhaoin. Ag an am céanna, d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil maolú éifeachtach fisiúil teoranta agus dá bhrí sin, beidh drochthionchair shuntasacha fhísiúla sa ghearrthéarma.

Tarlóidh tionchair ag an gcéim thógála go príomha ón gcur isteach físiúil mar thoradh ar fhásra agus teorainneacha a bheith á gcailleadh; beidh tionchar freisin ag na claífoirt, ag athruithe ar leibhéil na talún agus ag gnáthghníomhaíocht tógála agus tráchta. Díreofar aird fhísiúil ar na hoibreacha freisin mar gheall ar an torann agus ar an ngníomhaíocht tógála agus ar shuíomh an ábhair thógála agus mar sin méadófar an tionchar fisiúil a mheastar a bheidh ann.

Rinneadh tionchar amhairc na céime tógála den Tionscadal a mheas agus leagtar amach ina mhionsonraí é i dTábla Sceideal na dTionchar Amhairc (VIS) in Aguisín A.12.1. Déantar achoimre ar na torthaí i dTábla 12.5 thíos.

Ar an iomlán, rinneadh timpeall ar 425 suíomh a mheasúnú feadh an Tionscadail, agus tugtar dá aire gur méadú é sin ó TMTT 2018 (i.e. 406 in TMTT 2018) de bharr achar méadaithe Theorainn na Measúnachta ag Ráschúrsa na Gaillimhe. Ina measc ceannófar 54 réadmhaoin chónaithe (44 acu a bheidh le scartáil), in éineacht le ceannach sealadach ar Phailliún Spórt Ollscoil na Gaillimhe, agus rinneadh measúnacht ar fhuílleach na 371 réadmhaoin agus suíomh tírdhreacha dá dtionchar amhairc le linn na tógála. Féach Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha – Neamhthalmhaíochta le haghaidh tuilleadh sonraí faoi réadmhaoine a fháil.

Beidh tionchar dobhraite ag 37 de na 371 suíomh (c.10%) le linn na céime tógála. Beidh tionchar gearrthéarmach neamhshuntasach, beag nó measartha le sonrú ag 175 suíomh breise (c.47%). Beidh tionchar suntasach nó fíorshuntasach ó thaobh amhairc de ag 113 suíomh (c.30.5%). Feicfear drochthionchar trom sealadach nó gearrthéarmach ó thaobh amhairc de sna 46 suíomh eile (c.12.5%) a bhaineann le céim tógála an Tionscadail.

**Tábla 12.5 Tionchair Amhairc le linn na Céime Tógála**

| Tionchar | An Chéim Thógála |
|---|---|
| Do-airithe | 37 |
| Neamhshuntasach / Beag | 84 |
| Measartha | 91 |
| Suntasach | 86 |
| An-Suntasach | 27 |
| Trom | 46 |
| **Iomlán** | **371** |

### 12.5.4 Tionchair Oibríochta Fhéideartha

Cuirtear síos ar ghnéithe ar a bhféadfaí dul i bhfeidhm agus tionchair thírdhreacha agus amhairc ghinearálta an Tionscadail de réir coda, agus tagairt á déanamh don slabhraíocht feadh an N6 GCRR atá beartaithe thíos. De réir na measúnachta ar Thionchair Fhéideartha na Tógála thuas, fanfaidh na measúnachtaí tionchair foriomlána oibríochtúla a d'fhéadfadh a bheith ann mar a cuireadh i láthair in TMTT 2018 iad, agus tugtar dá aire go léirítear sa mheasúnacht seo don TMTT nuashonraithe na pleananna forbartha nuashonraithe atá ann faoi láthair.

Pléitear ar leithligh measúnacht ar thionchar amhairc foriomlán na céime oibríochtúla i gCuid 12.5.4.6.

#### *12.5.4.1 Ch. 0+000 go Ch. 6+300*

- **Nádúr an Tírdhreacha:** I gcéim oibríochta an Tionscadail beidh codarsnacht mhór ann idir an Tionscadal, maille lena chodanna éagsúla claífort agus bonneagair ghaolmhar bóithre, agus cineál oscailte sceirdiúil an tírdhreacha atá ann faoi láthair, agus scála beag agus cineál cúng na mbóithre atá ann faoi láthair, agus méid na forbartha cónaithe atá suite feadh na mbóithre sin atá ann faoi láthair. Beidh an Tionscadal á chomhcheangal le himeacht ama leis an tírdhreach garbh seo a bhfuil scála beag leis den chuid is mó

  Leis an soilsiú ag R336 Bóthar an Chósta atá beartaithe agus leis an soilsiú ó thrácht tabharfar isteach gné nua freisin leis an gconair tírdhreacha den N6 GCRR atá beartaithe. Tá conair an R336 atá ann cheana – go háirithe ar an taobh tuaisceartach – á forbairt a thuilleadh, óna dtagann athrú leanúnach ar an nádúr tuaithe atá taobh thiar di

  Beidh tionchar ar an athrú ar an tírdhreach tuaithe sa chúlra ag tabhairt isteach réimsí gearrtha soilsithe ar thaobh an bhóthair ag an Timpeallán atá beartaithe i mBearna Thoir agus ag an Acomhal atá beartaithe ag Bóthar na Ceapaí. Ceanglófar soilsiú cois bóthair ag Acomhal Bhóthar Bhaile an Mhóinín atá beartaithe le soilsiú cois bóthair atá ann cheana díreach ó dheas feadh Bhóthar Bhaile an Mhóinín

  <u>Beidh drochthionchar suntasach áitiúil sa ghearrthéarma agus drochthionchar measartha áitiúil sa mheántéarma</u>

- **Tionchair Fhísiúla:** Leanfaidh tionchair dhiúltacha shuntasacha amhairc ag teacht aníos le haghaidh réadmhaoine cónaithe gar don N6 GCRR atá beartaithe, go háirithe ag trasbhealaí leis na bóithre áitiúla (ag R336, Foraí Maola, Troscaigh, Ann Gibbons, Aille, An Cheapach, Baile an Mhóinín, Rathún agus Leitreach) agus Ceangal Tardhroichid Throscaigh / na bhForaí Maola. Féach Cuid 12.5.4.6 agus Fíoracha 12.1.01 go 12.1.05

  <u>Ar an iomlán beidh drochthionchar suntasach go háitiúil sa ghearrthéarma agus drochthionchar measartha go háitiúil sa mheántéarma</u>

- **Pleanáil Tírdhreacha:**

  Ní bheidh tionchar suntasach ar an N6 GCRR atá beartaithe ar na limistéir mhóra le spásanna oscailte atá beartaithe soir ó Bhóthar na hAille (Ch. 3+850); agus ag an gCeapach / Baile na hAbhann / An Caorán (c.Ch. 4+700 go Ch. 5+300)

  Ní bheidh tionchar suntasach ag an N6 GCRR atá beartaithe ar chuspóirí an Cheangail leis an nGlasbhealach. Ceadóidh agus éascóidh an N6 GCRR atá beartaithe do thrasnú agus ceangal le cuspóirí an Cheangail Glasbhealaigh ag Sruthán Throscaí (Ch. 2+850); ag Bóthar Aille (Ch. 3+300) agus ag Bóthar na Ceapaí (Ch. 4+450); ag Bóithrín na Buaile Bige (Ch. 4+550) agus ag Bóithrín an Chaoráin (Ch. 5+950)

  Cé go dtabharfar isteach gné ghluaisteach agus gné lena dtarraingeofar aird i dtulra na n-amharc leis an trácht ar an N6 GCRR atá beartaithe, ní bhainfidh sé d'fhócas níos fadréimsí na n-amharc – is é sin ar an bhfarraige agus ar chósta thuaidh an Chláir. Ina theannta sin, leis an N6 GCRR atá beartaithe osclófar amhairc shuntasacha nua ar an gcósta agus ag an bhfarraige – go háirithe ag taisteal ó Na Foraí Maola Thoir, ó dheas chuig an R336

  <u>Beidh drochthionchar measartha ar phleanáil tírdhreacha sa ghearrthéarma agus drochthionchar beag sa mheántéarma</u>

### *12.5.4.2 Ch. 6+300 go Ch. 8+000*

- **Nádúr an Tírdhreacha:** I gcéim oibríochta an Tionscadail beidh codarsnacht mhór ann idir an Tionscadal, maille lena chodanna éagsúla claífort agus gearrthacha (an dara gné le fáil go sonrach ag an mBealach / Páirc na Sceach) agus a acomhal mór ag Leitreach, agus cineál oscailte sceirdiúil, agus iargúlta ardaithe in áiteanna, an tírdhreacha atá ann faoi láthair agus scála beag agus cineál cúng na mbóithre atá ann faoi láthair. Tá forbairt chónaithe fhorleathan feadh na mbóithre áitiúla mar atá agus tá an limistéar faoi thionchar na forbartha atá ag tarlú sa chathair, cathair atá ag leathnú go leanúnach. Beidh an Tionscadal á chomhcheangal le himeacht ama leis an tírdhreach seo atá ag teacht faoi thionchar uirbeach níos mó

  Leis an soilsiú cois bóthair ag Acomhal Leitrí N59 atá beartaithe agus feadh Bhóthar Ceangail Thuaidh an N59 atá beartaithe maille le soilsiú tráchta, tabharfar isteach gné shuntasach nua i gconair tírdhreacha an N6 GCRR atá beartaithe

  Tá soilse ar thaobh an bhóthair cheana ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ag an áit a bhfuil Acomhal Pháirc na Sceach beartaithe. Fearacht sin, tá soilsiú cois bóthair le fáil cheana féin idir Páirc Miondíola an Gateway – Bóthar Rathúin – Rosán Glas – Bun an Chnoic, rud a fhreagraíonn don chuid is mó den chonair de Bhóthar Ceangail Theas an N59

  <u>Beidh drochthionchar suntasach ar nádúr an tírdhreacha áitiúil sa ghearrthéarma agus drochthionchar measartha sa mheántéarma</u>

- **Tionchair Fhísiúla:** Leanfaidh drochthionchair shuntasacha ó thaobh amhairc de ar aghaidh le haghaidh réadmhaoine cónaithe, go háirithe ag an trasbhealach ar na bóithre áitiúla ag Leitreach agus Rathún, agus ag an gceangal leis an N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn ag an mBealach / Páirc na Sceach). Féach Cuid 12.5.4.6 agus Fíoracha 12.1.05 go 12.1.06 agus Fíoracha 12.1.12 go 12.1.13

  <u>Ar an iomlán beidh drochthionchar suntasach fisiúil sa ghearrthéarma agus drochthionchar measartha sa mheántéarma</u>

- **Pleanáil Tírdhreacha:** Tagann an N6 GCRR atá beartaithe faoi réir chomhthéacs Amharc Líneach 10 d'Abhainn na Gaillimhe ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59. Mar sin féin, ní bhainfidh an N6 GCRR atá beartaithe ón aird ó na hamhairc faoi chosaint (Abhainn na Gaillimhe agus Loch Coirib) ó na suíomhanna sin

  <u>Beidh drochthionchar beag ar phleanáil tírdhreacha sa ghearrthéarma agus ní bheidh aon drochthionchar sa mheántéarma</u>

### *12.5.4.3 Ch. 8+000 go Ch. 11+800*

- **Nádúr an Tírdhreacha:** Leis an N6 GCRR atá beartaithe, lena n-áirítear droichead mór nua c.650m ar fhad, claífoirt arda agus tarbhealach c.320m ar fhad, tabharfar isteach gné cheannasach nua ina chonair tírdhreacha. Beidh an droichead nua suaithinseach feadh Abhainn na Gaillimhe agus Champas Spórt Ollscoil na Gaillimhe agus ó Chaisleán Mhionlaigh, agus trasnaíonn na claífoirt agus an tarbhealach ar thaobh thoir Abhainn na Gaillimhe tírdhreach breacnádúrtha atá fíor-iargúlta agus ardaithe. Beidh an droichead agus an tarbhealach, agus go háirithe an trácht ar an struchtúr féin, infheicthe ina gceadaíonn pointí radhairc ardaithe ar thaobh thiar na habhann d'amharc trasna ghleann Abhainn na Gaillimhe

  I bhfianaise an chomhshaoil atá ann faoi láthair, agus chineál na coda seo den N6 GCRR atá beartaithe, beidh comhtháthú na forbartha mall agus rachaidh struchtúir amhail an droichead agus tarbhealach i bhfeidhm go buan ar nádúr an tírdhreacha

  Seachas ag an tslí isteach trí thairseach Thollán Leacaigh agus laistigh de Chairéal Leacaigh é féin, níl sé beartaithe soilsiú cois bóthair a chur ar fáil i dteannta na coda seo den N6 GCRR atá beartaithe. Dá ainneoin sin, tabharfar isteach leibhéal soilsithe ó ghluaiseachtaí tráchta go háirithe feadh na gcodanna ardaithe

  <u>Beidh drochthionchar trom ar nádúr an tírdhreacha áitiúil sa ghearrthéarma agus drochthionchar an-suntasach sa mheántéarma</u>

- **Tionchair Fhísiúla:** Leanfaidh drochthionchair throma amhairc ar aghaidh le haghaidh réadmhaoine cónaithe, go háirithe ar gach aon taobh de N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn; trí Champas Spórt Ollscoil na Gaillimhe; ag trasbhealach thar Abhainn na Gaillimhe, lena n-áirítear Caisleán Mhionlaigh; chomh maith le Bóthar Nua agus Seanbhóthar ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe. Coinnítear roinnt mhaith réadmhaoin gar don N6 GCRR ardaithe atá beartaithe soir agus siar araon ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 (Ch. 8+300 go Ch. 8+700) agus laistiar de. Mar sin is gá ballaí coinneála a úsáid chun an tógáil talún a íoslaghdú agus cuirfidh na ballaí coinneála leis an tionchar físiúil a bheidh ag an bhforbairt ar na limistéir seo. Tá bacainní torainn á gcur ar fáil freisin feadh codanna den N6 GCRR atá beartaithe. Cé go gcuirfear srian ar thrácht, sa chás go mbeifear lonnaithe ag barr claífoirt, beidh tionchar acu freisin ar an tionchar fisiúil foriomlán. Beidh na bacainní torainn atá beartaithe ar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe trédhearcach. Féach Cuid 12.5.4.6 agus Fíoracha 12.1.06 go 12.1.08.

  <u>Ar an iomlán beidh drochthionchar trom físiúil sa ghearrthéarma agus drochthionchar an-suntasach sa mheántéarma</u>

- **Pleanáil Tírdhreacha:** Trasnaíonn tógáil an N6 GCRR atá beartaithe tailte ag a bhfuil criosú caithimh aimsire agus taitneamhachta ar bhruach thiar Abhainn na Gaillimhe; an abhainn í féin maille lena siúlóidí atá ann cheana ar an mbruach thiar agus cuspóirí glasbhealaigh ar gach aon bhruach, agus tailte Talmhaíochta Ardtaitneamhachta ar an mbruach thoir. Cé go n-athrófar nádúr an cheantair leis seo, ní chuirfear cuspóirí leanúnacha as an áireamh leis an N6 GCRR atá beartaithe do phleanáil tírdhreacha an cheantair

  <u>Beidh drochthionchar suntasach ar phleanáil tírdhreacha sa ghearrthéarma agus drochthionchar measartha sa mheántéarma</u>

### *12.5.4.4 Ch. 11+800 go Ch. 14+200*

- **Nádúr an Tírdhreacha:** Trasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe, lena n-áirítear dhá acomhal mhóra (Bóthar Áth Cinn an N84 agus Bóthar Thuama an N83) agus claífoirt agus gearrthacha suntasacha tírdhreach gleanna droimníní réchnocacha, agus tá sé suite laistigh de shuíomh níos leithne Loch Bhaile an Dúlaigh. Beidh an trácht ar na claífoirt ardaithe an-suaithinseach ón talamh níos airde níos faide soir / soir ó thuaidh. Dá ainneoin sin, tá conair tírdhreacha an N6 GCRR atá beartaithe ag teacht faoi thionchar méadaitheach ó fhorbairt ar imeall na cathrach – go háirithe feadh Bhóthar Áth Cinn an N84 agus Bhóthar Thuama an N83

  Áirítear leis an gcuid seo tabhairt isteach riar mór soilse ar feadh an bhóthair atá beartaithe, ar fud an cheantair, atá faoi láthair lasmuigh de theorainn na soilse ar thaobh an bhóthair i gceantair uirbeacha in aice láimhe.

D’ainneoin neasacht na mbruachbhailte forbartha, rachaidh an soilsiú cois bóthair, chomh maith le soilsiú a bhaineann le trácht, i bhfeidhm ar chaoi ina dtreiseofar láithreacht an N6 GCRR atá beartaithe agus lena gcuirfear i dtábhacht an méid athruithe sa tírdhreach tuaithe / bruachbhailte imeallacha

Beidh drochthionchar suntasach ar nádúr an tírdhreacha áitiúil sa ghearrthéarma agus drochthionchar measartha sa mheántéarma

- **Tionchair Fhísiúla:** Leanfaidh drochthionchair fhíorshuntasacha / throma ó thaobh amhairc de ar aghaidh le haghaidh réadmhaoine cónaithe, go háirithe soir ón trasbhealach ar Bhóthar Áth Cinn agus síos tríd an gCaisleán Gearr i gcoitinne. Féach Cuid 12.5.4.6 agus Fíoracha 12.1.08 go 12.1.10

  Beidh drochthionchar trom fisiúil sa ghearrthéarma agus drochthionchar an-suntasach sa mheántéarma

- **Pleanáil Tírdhreacha:** Tiocfaidh tionchar aníos i gcás shuíomh ardtaitneamhachta Loch Bhaile an Dúlaigh agus lonnaíocht sráidbhaile stairiúil an Chaisleáin Ghearr

  Ní bheidh tionchar suntasach ag an N6 GCRR atá beartaithe ar Amhairc faoi chosaint V6 agus V19

  Beidh drochthionchar suntasach ar phleanáil tírdhreacha sa ghearrthéarma agus drochthionchar measartha sa mheántéarma

#### *12.5.4.5 Ch. 14+300 go Ch. 17+540*

Eascraíonn an fhéidearthacht as na gnéithe a leanas a bhaineann le hoibríocht do thionchair thírdhreacha agus amhairc sa chuid seo den Tionscadal:

- **Nádúr an Tírdhreacha:** Tá an chuid seo den N6 GCRR atá beartaithe suite laistigh de thírdhreach atá faoi thionchar uirbeach. Mar sin féin, beidh tionchar ag an mbonneagar suntasach bóithre ar an nádúr áitiúil - go háirithe ar nádúr oscailte áineasa agus taitneamhachta Ráschúrsa na Gaillimhe agus tionchar níos lú ná sin ag Dabhach Uisce agus Cúil Each-Cnoc Mhaoil Drise - a bhfuil tionchar orthu cheana ag an N6 agus ag forbairt na cathrach mar atá. Ní bheidh tionchar suntasach ag oibriú na stáblaí nua atá beartaithe (i.e. Céim 5) ag Ráschúrsa na Gaillimhe ar nádúr an tírdhreacha sa cheantar

  Cé go bhfuil soilsiú cois bóthair beartaithe tríd an gceantar sin, tá an-chuid den cheantar suite laistigh de chomhthéacs bruachbhailte cheana féin imeall na cathrach, mar a bhfuil soilsiú bóthair ina ghné den tírdhreach cúlra

  Beidh drochthionchar suntasach ar nádúr an tírdhreacha áitiúil sa ghearrthéarma agus drochthionchar beag sa mheántéarma

- **Tionchair Fhísiúla:** Leanfaidh drochthionchair an-suntasacha amhairc ar aghaidh do réadmhaoine cónaithe ag Ascaill an Ráschúrsa / Corrán Bhaile an Bhriotaigh agus ag Cúil Each-Cnoc Mhaoil Drise. Féach Cuid 12.5.4.6 agus Fíoracha 12.1.10 go 12.1.11 agus 12.1.14

  Ní bheidh tionchair shuntasacha amhairc ag oibriú na stáblaí nua atá beartaithe (i.e. Céim 5) ag Ráschúrsa na Gaillimhe

  Beidh drochthionchar fisiúil an-suntasach sa ghearrthéarma agus drochthionchar measartha sa mheántéarma

- **Pleanáil Tírdhreacha:** Gabhann an N6 GCRR atá beartaithe trí imeall an tírdhreacha chriosaithe caithimh aimsire agus taitneamhachta do Ráschúrsa na Gaillimhe, agus siar agus ó dheas tá sráidbhaile stairiúil Chúil Each-Chnoc Mhaoil Drise os cionn acomhal níos lú an N6 atá ann faoi láthair

  Beidh drochthionchar measartha ar phleanáil tírdhreacha sa ghearrthéarma agus drochthionchar beag sa mheántéarma

#### *12.5.4.6 Tionchar Amhairc*

Nuair a chríochnófar an obair thógála, beidh deireadh leis na tionchair fhisiúla amhail créfoirt, gníomhaíocht tógála agus cur isteach. Dá ainneoin sin is uile, tiocfaidh tionchair eile chun cinn mar gheall ar an Tionscadal a bheith ann, a bheidh fós suaithinseach sa tírdhreach go dtí go mbeidh na tograí tírdhreacha bunaithe agus go mbeidh feidhm leo.

Mar sin de, is tromchúisí iad na tionchair amhairc ag an gcéim oibríochtúil sa ghearrthéarma tar éis na tógála (*i.e.* an chéim réamhbhunaithe), ach mar sin féin, leanfaidh tionchar diúltach amhairc ag teacht aníos freisin le haghaidh réadmhaoine cónaithe agus eile atá suite gar do theorainn an Tionscadail nó in aice léi, go ceann tréimhse ama shuntasach (*i.e.* an chéim iarbhunaithe).

Le linn na céime oibríochta, leanfaidh tionchair amhairc ag teacht anuas ó láithreacht fhisiceach thógtha an Tionscadail féin, lena n-áirítear a dhéanmhais shuntasacha, claífoirt ardaithe, gearrthacha doimhne, úsáid tráchta agus soilseas breise seasta agus ó fheithiclí, go háirithe áit a dtéann an N6 GCRR atá beartaithe suas ar chlaífort nó ag suíomhanna acomhail agus droichead. I radhairc oscailte d'fhéadfadh cur isteach fisiúil agus bac suntasach fisiúil a bheith ag claífoirt. Féadfaidh gearrthacha doimhne athrú suntasach a dhéanamh ar nádúr fisiúil an leanúnachas tírdhreacha.

Beidh bearta le tionchar torainn a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú de dhíth ag roinnt suíomhanna feadh an N6 GCRR atá beartaithe, go háirithe in áiteanna ina bhfuil réadmhaoine cónaithe i bhfoisceacht an charrbhealaigh. Déantar na tionchair thorainn agus bearta maolaithe den sórt sin a mheas ina mionsonraí i gCaibidil 18 – Torann agus Creathadh. Ar na bearta maolaithe a bheidh in úsáid beidh bacainní fuaim-mhaolaithe nó bundaí cré nó meascán de na gnéithe sin. Cé go bhféadfaí láithreacht amhairc an N6 GCRR atá beartaithe a mhéadú ar dtús, déanfar foráil leo freisin maidir le sciathú amhairc láithreach don N6 GCRR atá beartaithe agus dá thrácht comhghaolmhar. Sa chuid is mó de na cásanna beifear in ann na gnéithe seo a thabhairt le chéile go cuí sna bearta tírdhreacha atá beartaithe.

Áirítear leis an N6 GCRR atá beartaithe freisin athailínithe / comhcheangail leis na bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla atá ann cheana, in éineacht le hoibreacha draenála agus bearta cóiríochta, a bhfuil an cumas iontu uile tionchar amhairc logánta a chruthú. Tá athailíniú na mbóithre áitiúla tábhachtach mar tá go leor réadmhaoin chónaithe suite feadh na mbóithre sin agus féadfaidh tionchair dhíreacha áitiúla tarlú.

Leagtar amach sceideal agus cur síos iomlán ar thionchair amhairc ar réadmhaoine i dTáblaí an Sceidil Tionchar Amhairc (VIS) in Aguisín A.12.1 agus ar Fhíoracha 12.1.01 go 12.1.15. Déantar achoimre ar na torthaí i Tábla 12.6 thíos.

Beidh tionchar dobhraite ag 72 de na 371 suíomh (c.19.5%) le linn na céime réamhbhunaithe. Beidh tionchar gearrthéarmach beag nó measartha le sonrú ag 175 suíomh breise (c.47%). Beidh tionchar suntasach nó fíorshuntasach ó thaobh amhairc de ag 93 suíomh (c.25%). Feicfear drochthionchar trom gearrthéarmach ó thaobh amhairc de sna 31 suíomh eile (c.8.5%) a bhaineann leis an Tionscadal a bheith i láthair agus lena luathoibríochtaí. Féach Fíoracha 12.1.01 go 12.1.15 le suíomh na réadmhaoin a fháil.

De réir mar a éireoidh na bearta tírdhreacha bunaithe agus aibí is ea a laghdóidh an tionchar amhairc de réir a chéile ionas nach mbeidh an tionchar inbhraite ag timpeall ar 159 suíomh (c.42.5%) ag an gcéim iarbhunaithe. Beidh tionchar meántéarmach measartha le sonrú ag 153 suíomh breise (c.41.5%). Beidh tionchar suntasach nó fíorshuntasach ó thaobh amhairc de le sonrú ag 36 suíomh (c.9.5%). Feicfear drochthionchar trom meánach agus níos fadtéarmaí ó thaobh amhairc de sna 23 suíomh eile (c.6.5%) a bhaineann leis an Tionscadal. Féach Fíoracha 12.1.01 go 12.1.15 le suíomh na réadmhaoin a fháil.

Tá na réadmhaoine ina mbeidh tionchar amhairc leanúnach suntasach agus fíorshuntasach suite i gceantair iargúlta agus ceantair thuaithe agus atá i bhfoisceacht an Tionscadail, nó i gceantair bruachbhailte agus atá suite díreach in aice leis an Tionscadal.

**Tábla 12.6 Achoimre ar na Tionchair Amhairc**

| Tionchar | An Chéim Thógála | An Chéim Réamh-shocraithe | An Chéim Iarshocraithe |
|---|---|---|---|
| Do-airithe | 37 | 72 | 159 |
| Neamhshuntasach / Beag | 84 | 88 | 76 |
| Measartha | 91 | 87 | 77 |
| Suntasach | 86 | 71 | 35 |
| An-Suntasach | 27 | 22 | 1 |
| Trom | 46 | 31 | 23 |
| Iomlán | 371 | 371 | 371 |

### 12.5.4.7 *Fótamontáisí*

Ullmhaíodh fótamontáisí de Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe agus le haghaidh limistéir eile feadh an Tionscadail.

Tá na fótamontáisí de Dhroichead Abhainn na Gaillimhe agus oibreacha bonneagair comhghaolmhara atá beartaithe ón tírdhreach ina dtimpeall le fáil in Aguisín A.12.2. Amhairc shamhraidh atá ann do shuíomhanna áirithe, amhairc gheimhridh do shuíomhanna eile agus tá amhairc shamhraidh agus gheimhridh do roinnt suíomhanna. Ar aon chuma, toisc go bhfuil an fásra tréan sa tírdhreach áitiúil is léir nach bhfuil féidearthacht mhór ann do léargas méadaithe geimhridh sa tírdhreach seo.

I gcás gach amharc a chuirtear i láthair in TMTT 2018, tugtar an t-amharc bonnlíne bunaidh 'Mar Atá', in éineacht le grianghraif bhonnlíne nua a glacadh don TMTT nuashonraithe seo. Cuireadh an lipéadú "Mar Atá in 2024" leis an mbonnlíne nuashonraithe. Ina dhiaidh sin, taispeántar amharc leis an Tionscadal 'forleagtha' go simplí thar an amharc 'Mar atá ann Cheana'. Is cúnamh é sin don amharcóir suíomh an Tionscadail a aimsiú go cruinn san amharc sula leagtar san íomhá é. Tá an leagan deireanach ina amharc 'Mar atá Beartaithe', agus léirítear ann na gnéithe, más ann dóibh, den Tionscadal a bheidh infheicthe.

Ní gá an leagan 'Mar atá beartaithe' d'amhairc nuashonrú, agus is diomaibhseach nó teoranta é an t-athrú ar amhairc bhonnlíne, rud a dtagann sciathú méadaithe don Tionscadal dá thoradh nuair a bhíonn sé le fáil.

Gné amháin de na radhairc uile níos cianda is ea a mhéad a shúitear an N6 GCRR atá beartaithe agus Droichead Abhainn na Gaillimhe isteach sa tírdhreach ó thaobh an amhairc de. Is leis an tsaintréith sin a chinntítear nach mbeidh an N6 GCRR atá beartaithe róshuntasach ina shuíomh tírdhreacha mhóir. Mar sin de, beidh sciath ag an N6 GCRR atá beartaithe agus Droichead Abhainn na Gaillimhe go hiomlán nó ní bheidh ach leathléargas orthu sna hamhairc ó Dhroichead na gCúig Chéad (Fótamontáis Amharc 1); ó Bhóthar Chúil Each-Mhionlaigh (Fótamontáis Amhairc 2, 3 & 4); ó Glenlo Abbey (Fótamontáis Amharc 8); ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 i bhfoisceacht Theach Pháirc na Sceach (Fótamontáis Amhairc 9, 10, 11 & 12); agus ó thuilleadh codanna deisceartach de Champas Spórt Ollscoil na Gaillimhe (Fótamontáis Amharc 15).

Tagann méadú ar shuaithinseacht an droichid sna hamhairc ag raon níos gaire, go háirithe ó bhruach na habhann (Fótamontáis Amhairc 6, 7, 16, 20, 21 & 22); ó Caisleán Mhionlaigh (Fótamontáis Amhairc 5, 6, 20 & 21); agus ó thailte Champas Spórt Ollscoil na Gaillimhe (Fótamontáis Amhairc 14, 16, 17, 18, 19). Toisc go bhfuil coill ag fás feadh na habhann tá an tírdhreach coillearnaí mar chúlra don droichead simplí aonréiseach a thrasnaíonn an abhainn leathan. Is é an toradh dá bharr amhairc oscailte a choinneáil feadh chonair na habhann agus chuig Caisleán Mhionlaigh agus uaidh.

Tagann an tionchar is mór ó thailte spórt atá ann cheana de chuid Ollscoil na Gaillimhe ar bhruach thiar na habhann ina bhfaigheann úsáideoirí na saoráidí spórt agus na dtaitneamhachtaí cois abhann rochtain dhíreach ar thaobh íochtar an struchtúir mhóir seo.

Táthar tar éis fótamontáisí a ullmhú freisin ó réimse limistéar eile feadh chonair an N6 GCRR atá beartaithe. Cuirtear na hamhairc sin, a áirítear le hAguisín A.12.3, i láthair sa dá fhormáid seo a leanas: an chéad fhormáid ar a dtaispeántar oibreacha tírdhreacha díreach tar éis plandaithe agus an dara formáid: maille le plandú bunaithe c.15 bliana tar éis plandaithe. Cuidíonn na hamhairc chun nádúr na n-athruithe fisiceacha agus físe a léiriú, chomh maith leis na hiarmhairtí comhbhainteacha is dócha a thiocfaidh anuas de thoradh an Tionscadail.

### 12.5.5 Tionchar ar an Tírdhreach agus Tionchar Amhairc na bhforbairtí gaolmhara nó comhbhainteacha

D'fhéadfadh tionchair thírdhreacha agus amhairc teacht ó ghnéithe eile de thógáil agus oibriú an Tionscadail. Gnéithe i ndáil le foirgníocht amhail bábhúin láithreán, trácht tógála ar na bóithre áitiúla, dúnadh agus atreorú sealadach bóithre, oibreacha a bhaineann leis na stáblaí ag Ráschúrsa na Gaillimhe, oibreacha a bhaineann le ceangail le bóithre áitiúla, soláthar cosán agus rotharbhealaí, atreoruithe sruthán, tóchair, oibreacha draenála, locháin draenála, atreoruithe seirbhísí, lena n-áirítear atreorú línte tarchuir lasnairde - beidh tionchair shealadacha logánta éadroma agus measartha ann dá mbarr.

Táthar chun línte tarchuir lasnairde 110kV de chuid BSL a mhionathrú go háitiúil agus / nó le hatreorú ag ceithre shuíomh, is iad sin An Cheapach, An Caisleán Gearr, An Pháirc Mhór, agus Cúil Each, Cnoc Maoil Drise, mar a shonraítear ar Fhíoracha 15.1.1 go 15.1.15 (e.g. Ch. 13+525; Ch. 14+200 go Ch. 14+450- Acomhal Bhóthar Ceangail na Páirce Móire; Ch. 16+20 go Ch. 17+100 - Acomhal Chúil Each). Tiocfaidh tionchair dhobhraite agus bheaga tírdhreacha nó amhairc ó na mionathruithe / hatreoruithe beaga seo.

Táthar ag beartú freisin mionathruithe a dhéanamh, lena n-áirítear athailínithe gearra, leagan faoin talamh, soláthar cuaillí nua agus ardú áitiúil na línte tarchuir ísealvoltais atá ann faoi láthair (10kV, 38kV) ag roinnt suíomhanna mar a léirítear ar Fhíoracha 15.1.1 go 15.1.15 (e.g. Ch. 3+780; Ch. 3+875; Ch. 6+675; Ch. 8+250 go Ch. 8+500; Ch. 2+025 – Bóthar Ceangail an N59 & Bóthar Ceangail na Páirce Móire), beartaítear coigeartuithe beaga, lena n-áirítear athailíniú gearr, cáblaí leictreacha lasnairde a chur faoi thalamh, cuaillí nua a sholáthar agus voltas na línte tarchuir mar atá (10kV, 38kV) a ardú go háitiúil. Sna cásanna seo ní bheidh drochthionchair tírdhreacha ná fisiúla. Féach Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta le tuilleadh sonraí a fháil.

I dteannta na príomhlíne, beidh tógáil na dtimpeallán, na n-acomhal comhréidh, na n-acomhal ilairde, na mbóithre áitiúla, na bhfoirgneamh seirbhíse tolláin agus tardhroichead fiadhúlra c.30m ar leithead ag an gCaisleán Gearr bainteach leis an N6 GCRR atá beartaithe (Ch. 12+700) le tógáil.

Tá soilse ar thaobh an bhóthar soir ó Abhainn na Gaillimhe le cur ar fáil ag na príomhacomhail idir Timpeallán an R336 Bearna Thiar agus Acomhal Leitrí an N59; feadh achar iomlán Bhóthar Ceangail Theas an N59, lena n-áirítear thart ar Acomhal Pháirc Mhiondíola an Gheata; feadh achar iomlán Bhóthar Ceangail Thuaidh an N59, lena n-áirítear ag Acomhal Pháirc na Sceach ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59. Tá soilse ar thaobh an bhóthair cheana féin feadh chuid de chonair an Bhóthair Ceangail Theas an N59 idir Páirc Mhiondíola an Gheata – Bóthar Rathúin – Rosán Glas agus Bun A Chnoic. Tá soilse ar thaobh an bhóthair cheana féin feadh Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ag Páirc na Sceach.

Siar ó Abhainn na Gaillimhe táthar le soilsiú cois bóthair a chur ar fáil ag Tairseach Thollán Leacaigh; feadh fhad iomlán phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe ó Thollán Leacaigh, trí mheán Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 chuig Bóthar Thuama an N83; feadh Bhóthar Ceangail Pháirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach; Bóthar Ceangail na Páirce Móire; ag Tairseacha Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe; agus feadh Bhóthar Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise, Acomhal Chorrán Bhaile an Bhriotaigh, Bhóthar Mhuine Mheá R339, Acomhal Uí Loinsigh, Bhóthar Ceangail Chnoc Mhaoil Drise, Acomhal Chúil Each agus chuid den R446 atá laistigh den N6 GCRR atá beartaithe. Tá soilsiú cois bóthair i láthair cheana féin feadh Bóthar Thuama an N83, laistigh de Pháirc Ghnó na Páirce Móire, feadh Chorrán Bhaile an Bhriotaigh, feadh Bhóthar Mhuine Meá R339, feadh Bhóthar Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise, agus feadh Bhóthar na dTreabh, ag Timpeallán Chúil Each, agus ar feadh 300m soir feadh an N6 atá ann cheana féin.

I gcás nach bhfuil sé ina ghné den tírdhreach cheana féin, cuirfear i dtábhacht le tabhairt isteach an tsoilsithe cois bóthair an méid athruithe ar thírdhreach na tuaithe a thagann leis an N6 GCRR atá beartaithe agus leis an úsáid tráchta chomhghaolmhar. In go leor ceantar lárnach agus oirthearach gabhann an N6 GCRR atá beartaithe trí thírdhreach bruachbhaile nó ar imeall bruachbhaile mar a bhfuil an soilsiú cois bóthair ina ghné cheana féin. Áirítear ar an gceantar is suntasaí de shoilse breise ar thaobh an bhóthair ó Choiréal Leacaigh Thoir go dtí Acomhal Bhóthar Thuama an N83 atá beartaithe.

Baineann gnéithe oibríochta mar seo a leanas le forbairt bóthair - droichid iompair agus comharthaí eile, cuaillí solais, bacainní torainn, bacainní sábháilteachta, teorainn agus fálú eile. Go ginearálta, sa ghearrthéarma beidh tionchair bheaga ag na gnéithe sin, ach méadóidh bacainní torainn níos airde (>2.5m) ar chodanna ardaithe den chlaífort atá lonnaithe ar an dá thaobh de Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 an tionchar fisiúil atá trom cheana féin do réadmhaoine cónaithe sa cheantar seo. Sna háiteanna a mbeidh siad, beidh tionchar tairbheach ag bacainní torainn ar infheictheacht an tráchta a laghdú ó réadmhaoine cónaithe. Úsáidfear bacainní torainn trédhearcacha ar an Droichead atá beartaithe ar Abhainn na Gaillimhe. Soláthrófar foirgnimh seirbhíse tolláin gar don dá thollán ag Cairéal Leacaigh (Ch. 11+300) agus ag Ráschúrsa na Gaillimhe (Ch. 14+950). Beidh an foirgneamh seirbhíse tolláin do Chairéal Leacaigh suite istigh sa tollán tochailte agus ní bheidh aon tionchar tírdhreacha ná fisiúil aige. Beidh an foirgneamh seirbhíse tolláin do Ráschúrsa na Gaillimhe gar don teorainn le Páirc Ghnó an Ráschúrsa, áit nach mbeidh tionchar tírdhreacha ná fisiúil aige.

Fearacht sin, na stáblaí agus an carrchlós atheagraithe atá beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe, atá faoi réir iarratas pleanála ar leithligh le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, tagann siad leis an gcomhthéacs mórthimpeall, agus ní bheidh drochthionchair thírdhreacha ná iarmhairtí amhairc dá dtoradh. Tá tairseacha tolláin i gceist leis an dá thollán – ach, tá na gnéithe sin suite isteach sa tírdhreach (mar atá i gCairéal Leacaigh) nó suite go híseal sa tírdhreach (mar atá i Ráschúrsa na Gaillimhe). An t-uasbhealach fiadhúlra atá beartaithe ag an gCaisleán Gearr (Struchtúr S12/02, Ch. 12+700) lena gcuirfear tírdhreach leathan / droichead plandaithe ar fáil le gnáthóga áitiúla a cheangal le chéile.

## 12.6 Bearta Maolaithe

### 12.6.1 Réamhrá

Tá an chuid seo den chaibidil nuashonraithe chun bearta breise maolaithe a áireamh ann a cuireadh i láthair ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus a áiríodh le sceideal na dtiomantas ag an tráth sin.

Rinneadh machnamh ar thionchair shuntasacha tírdhreacha agus amhairc a sheachaint le linn roghnú chonair an bhealaigh agus le linn an phróisis dearthóireachta don N6 GCRR atá beartaithe. Ach baineann tionchair áirithe thírdhreacha agus fhisiúla le gach tionscadal bóthair.

Leis an maolú ar thionchair thírdhreacha agus amhairc don Tionscadal féachfar don chur chuige mar a leagtar amach sna treoirdhoiciméid seo a leanas de chuid ÚBN / BIÉ, atá fós ábhartha don mheasúnacht sa chaibidil seo ar an TMTT nuashonraithe seo:

- A Guide to Landscape Treatments for National Road Schemes in Ireland (2006)
- Guidelines on the Implementation of Landscape Treatments on National Road Schemes in Ireland (2012)
- Guidelines for the Protection and Preservation of Trees, Hedgerows and Scrub Prior to, During and Post Construction of National Road Schemes (2006)
- Guidelines on the Management of Noxious Weeds and Non-Native Invasive Plant Species on National Roads (Athbhreithniú 1, 2010)
- *Design and Delivery of Soft Landscape Treatments in Urban Transport Environments (2024)*

Sna codanna seo a leanas leagtar amach bearta maolaithe sonracha don Chéim Thógála agus don Chéim Oibríochta

Maidir leis na bearta maolaithe tírdhreacha cuirtear san áireamh an cur chuige agus na prionsabail atá leagtha amach i gCaibidil 4: A Guide to Landscape Treatments for National Road Schemes in Ireland: Comhchodanna Tírdhreach Thaobh an Bhóthair; Caibidil 5: Tosca Tíreolaíocha Ithreach; agus Caibidil 6: Cóireálacha Tírdhreacha. Mura ndéantar iad a cháiliú sa mhéid seo a leanas nó i gCaibidil 8, Bithéagsúlacht (den TMTT nuashonraithe seo), déanfar tograí um chur síolta agus plandú, lena n-áirítear cineál speiceas agus plandaithe agus speiceas i gcomhréir le Caibidil 6 de na Treoirlínte maidir le Tírdhreach, arna gcur in oiriúint de réir mar is gá do na dálaí áitiúla comhshaoil agus tírdhreacha.

Áirítear leis an Ráiteas Tionchair Natura (RTN) nuashonraithe an beart sonrach seo a leanas atá ábhartha do chóireáil tírdhreacha an Tionscadail i gcóngaracht na Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC):

*"Níor cheart go n-áireofaí speicis ionracha neamhdhúchasacha leis an meascán síolta/plandaithe ag aon suíomh, ná laistigh de 250m ón SAC, táscspeicis dhiúltacha do phábháil aolchloiche ná d'fhéarach cailcreach, lena n-áirítear seagalach bhuan, seamair bhán, seiceamar, feá agus buaircínigh. I bhfoisceacht 100m den SAC beidh rialú ar tháscspeicis dhiúltacha eile mar a liostaítear ag Wilson agus Fernandez (2013), amhail feochadán reatha agus buachalán buí, agus an fásra á bhunú ar fhearann maoth go ceann dhá bhliain tar éis a shíolaithe."*

### 12.6.2 Céim na Tógála

I rith chéim na tógála, cuirfidh an Conraitheoir an Plean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) in Aguisín A.7.5 i gcrích agus glacfaidh sé leis. De réir ceanglas an chonartha ní mór cloí leis an CEMP agus cinnteoidh sé seo deachleachtais oibriúcháin chun drochthionchair shuntasacha comhshaoil, a tharlaíonn de

bharr tógála, a íoslaghdú agus a bhainistiú. Chomh maith le míreanna eile, áirítear leis an CEMP an maolú atá leagtha síos laistigh den chaibidil seo agus ionchorpraítear na bearta seo mar chuid dá gcur i bhfeidhm.

Cinnteoidh an maolú go ndéanfar monatóireacht leanúnach ar na hoibreacha faoin CEMP ionas go gcinnteofar go mbeidh dóthain cosanta ag limistéir lasmuigh de na hoibreacha tógála.

Cinnteoidh bearta sonracha:

- Oibreoidh innealra an tsuímh laistigh de lorg an limistéir thógála don N6 GCRR atá beartaithe
- Beidh limistéir stórála lonnaithe chun nach mbeidh aon tionchar breise acu ar mhaoin chónaithe reatha agus ar mhaoin eile, coillearnacha, crainn, fálta sceach, patrúin draenála, etc.
- Go soláthrófar clársconsaí soladacha ar íosairde 2.0m ag na hoibriúcháin tógála atá gar do réadmhaoin chónaithe nó do thaitneamhachtaí áineasa
- Go soláthrófar clársconsaí soladacha nó a leithéid ar iosairde 2.0m ar thaobh ar bith de na compúin tógála atá beartaithe, áit a bhfuil siad suite laistigh de 100m do réadmhaoin chónaithe
- Ag deireadh an chonartha cuirfear na compúin tógála as feidhm iomlán agus déanfar athchóiriú ar an láthair go dtí an caighdeán réamhthógála
- Ullmhófar taobhfhánaí agus limistéir eile tírdhreacha feadh an N6 GCRR atá beartaithe le hithir a chur orthu, agus plandófar agus / nó cuirfear síolta iontu a luaithe agus is féidir. Tá an seans ann go bhféadfaí síol agus plandaí a chur ar réimsí suntasacha roimh dheireadh na hoibre. Mar sin féin, de bharr chláreagrú na tógála agus srianta séasúracha, is dóchúil freisin nach dtabharfar faoi mhór-oibreacha curadóireachta go dtí deireadh mhór-chéim na tógála i gCéim 2 den Tionscadal

### 12.6.3 An Chéim Oibríochta

Déantar bearta atá beartaithe le tionchair thírdhreacha agus amhairc na céime oibríochtúla den Tionscadal a mhaolú faoi Bhearta ar fud an Tionscadail agus Bearta Sonracha. Cuirtear síos ar bhearta ar fud an Tionscadail sa chuid seo a leanas agus i Tábla 12.7, agus leagtar bearta sonracha amach ina mionsonraí i Tábla 12.8. Sainaithnítear na bearta freisin ar Fhíoracha 12.1.01 go 12.1.15.

#### *12.6.3.1 Bearta Tírdhreacha ar fud an Tionscadail*

Cuirfear na bearta ar fud an tionscadail i bhfeidhm i leith an Tionscadail ina iomláine, ag brath ar chineál na coda faoi leith. I gcás inarb indéanta áireofar leis na bearta sin cinn d’athnascadh na dteorainneacha páirceanna agus fálta sceach atá ann cheana feadh an Tionscadail. I gcás inarb iomchuí is amhlaidh i gcás na speiceas crainn mar a thugtar dá aire sa Mhaolú i Tábla 12.7agus Tábla 12.8, a bheidh spásáil randamach ar bhealach a mbeidh cuma nádúrtha air ó thaobh amhairc de laistigh d’fhálta sceach den sórt sin.

Athrófar an cur chuige seo chun cóireálacha eile tírdhreacha a thabhairt le chéile. I gcás mar sin is féidir nach mbeidh gá le fál sceach, *m.sh.* limistéar de choillte dúchasacha a phlandú (féach Treoirlínte Tírdhreacha, Cuid 6.2: Cóireálacha Crann agus Tor) nó móinéir bhreacnádúrtha (féach Treoirlínte Tírdhreacha, Cuid 6.1: Cóireálacha talamh féaraigh) áit a bhfuil sé oiriúnach codanna oscailte a bheith feadh an charrbhealaigh atá beartaithe. Trí na codanna oscailte beidh radhairc ar an tírdhreach mórthimpeall, aon áit nach gá sciathadh ar réadmhaoin chónaithe nó ar thaitneamhachtaí eile.

Leis na tograí cinnteofar go mbeidh an plandú déanta feadh an N6 GCRR atá beartaithe agus na n-athailínithe comhbhainteacha ar bhóithre áitiúla; agus go mbeidh éagsúlacht le fáil ann idir athphlandú fálta sceach atá oiriúnach don áit, maille le cur crann i gcásanna inarb iomchuí; agus planduithe níos forleithne planduithe tírdhreacha agus sciatha; agus limistéir scrobarnaí / planduithe tor níos mó agus coillearnach nua leis an bhforbairt a imeascadh leis an tírdhreach mór. Cuirfidh an cur chuige seo le dlús agus le héagsúlacht an phlandaithe agus feabhsófar struchtúr bithéagsúlachta an tírdhreacha nua (féach Treoirlínte Tírdhreacha, Cuid 6.2: Cóireálacha Crann agus Tor).

Tabharfar san áireamh sna cóireálacha an mheasúnacht agus na moltaí ó Chaibidil 8, Bithéagsúlacht; agus cinnteofar leo go mbainfear leas as speicis atá dúchasach don áit sna planduithe atá beartaithe. Pléifear na mionmholtaí i leith cur chuige agus nádúr an chomhshaoil áitiúil a raibh tionchar air agus maidir le speiceas

féadfar plandaí neamhionracha, neamhdhúchasacha a chur san áireamh, m.sh. i limistéir chónaithe ina mbeidh cur isteach ar ghairdíní mar atá.

Sna limistéir inar tharla gearradh nó líonadh bunófar báinseach nó móinéar ar an bhfána ach amháin i limistéir inar gearradh trí charraig dhaingean (féach Treoirlínte Tírdhreacha, Cuid 4.2: Gearrthacha agus Claífoirt). Ní bheartaítear na fánaí, a gearradh nó a líonadh, a phlandú go hiomlán ach spreagfar grúpaí plandaí nádúraíocha, áitiúla sa bháinseach bhreacnádúrtha. D'fhéadfadh go mbeidh gá le fánaí a shíolú ina bhféarach bláthanna fiáine chomh maith agus d'fhéadfaí leas a bhain as hidrea-shíolú chun fánaí géara a shíolú. Tá coinne leis go dtiocfaidh méid suntasach de ghearradh carraige aníos ar an N6 GCRR atá beartaithe. Coimeádfar fánaí carraige cobhsaí mar éadan nochta do choilíniú nádúrtha agus mar ghnéithe tírdhreacha áitiúil.

Feadh fhad an Tionscadail, caithfear ar bhealach éagsúil le limistéir thírdhreacha laistigh d'acomhail agus limistéir bheaga páirceanna scoite, ceapach agus réadmhaoine eile arna gceannach le haghaidh an Tionscadal a thógáil; lena n-áirítear a bplandú le roschoillte breacnádúrtha i bhfoirm planduithe scrobarnaí agus speiceas coillearnaí dúchasach (féach na Treoirlínte maidir le Tírdhreach, Cuid 4.6: Ceapacha Breise agus Limistéir Eile). Beidh bloic phlandaithe den chineál sin scaipthe feadh an N6 GCRR atá beartaithe ina gcúnamh le feabhsú ar nádúr amhairc fadtéarmach an N6 GCRR atá beartaithe agus mórthimpeall air. Tabharfar aird faoi leith ar mhéid agus scála cuí an phlandaithe in acomhail agus thart ar acomhail (féach Treoirlínte maidir leis an Tírdhreach, Cuid 4.3: Acomhail, Acomhail Mótarbhealaí agus Timpealláin) agus claífoirt (féach Treoirlínte Tírdhreacha 4.2.2: Claífoirt).

Tá limistéir áirithe feadh fhad an N6 GCRR atá beartaithe curtha ar leataobh le haghaidh riachtanais draenála / rialú ar thruailliú / maolúcháin. Sa chás ina mholfaí a leithéid, beidh siad seo fálaithe go daingean agus plandaithe le fálta sceach, toir /agus / nó scáthphlandáil atá cuibhiúil don áit, a bheidh suite feadh na fál-líne don N6 GCRR atá beartaithe chun aon tionchar amhairc ó limistéir sheachbhóthair a íoslaghdú. Féadfaidh na gnéithe seo bithéagsúlacht an tírdhreacha agus na gnáthóige a fheabhsú.

Maidir leis an bplandú atá beartaithe úsáidfear trasphlandú fréamh-loma, buinneáin agus plandaí craobhacha a théann i dtaithí go héasca ar dhálaí talún a bhfuil suaitheadh déanta orthu.

Bainfear úsáid as cion, ná lú ná 5% ar an iomlán de chrainn 'Leathchaighdeánacha' (giorta 6-8cm & 200cm-250cm ar airde) agus bainfear úsáid as 5% de chrainn 'Chaighdeánacha' (giorta 8-10cm & 250cm-300cm ar airde) chun an plandú sin a chomhlánú, go háirithe i gcomharsanacht na limistéar cónaithe. Tabharfar san áireamh i ngach meascán plandaithe speicis dhúchasacha agus áitiúla mar a shainaithnítear i gCaibidil 8, Bithéagsúlacht. Tá na ceanglais seo curtha in oiriúint agus mionsonraithe a thuilleadh de réir mar is cuí le haghaidh limistéir ar leith mar a leagtar amach i Tábla 12.8.

Nuair a chuirtear crainn roghnófar iad ó liosta de speicis atá dúchasach go príomha agus atá tugtha chun cineáil anseo, lena n-áirítear an fhearnóg, an fhuinseog (faoi réir srianta plandaithe ag am na n-oibreacha), an bheith, an dair, an caorthann, an péine Albanach agus an tsaileach. Beidh na crainn ó 75cm go 400cm ar airde agus iad á gcur agus cuirfear na speicis ar eatraimh de 2.0m ar an meán, laistigh den phlandú measctha.

Roghnófar speicis phlandaithe tor ó liosta speiceas bundúchasach agus nádúrtha, ar a n-áireofar draighean, trom, sceach gheal, coll, cuileann, caor chon, feoras, saileacha agus plandaí eile a fhaightear tugtha chun cineáil sna ceantair áitiúla lena mbaineann. Beidh méideanna plandaithe éagsúil ó 30 go 75cm in airde, agus plandófar speicis tor ag láir 1.0 agus 1.5m ag brath ar chineál an tírdhreacha, féach Tábla 12.8.

Beidh draighean agus sceach gheal i gceist i bplandú na bhfálta den chuid is mó agus beidh siad measctha le speicis eile amhail trom, coll, cuileann agus na cinn a fhaightear san cheantar áitiúil. Beidh na sceacha geala sna fálta idir 75 agus 90cm nuair a chuirfear iad agus beidh siad ar eatraimh 500mm in 2 líne dhúbailte mhírialta nó déanfar plandú níos leithne má bhíonn cuma níos tibhe ag teastáil. Beidh an fál sceach measctha go randamach le crainn lánairde amhail an fhearnóg, an fhuinseog agus an dair, de réir mar a oireann don cheantar áirithe.

Cuirfear barrithir thanaí (sraith de 5cm) ar na limistéir ina mbeidh móinéir agus cuirfear meascán síolta a bheidh oiriúnach don áit. Saothrófar ciumhaiseanna na bpríomhbhóithre agus na dtaobh-bhóithre, cuirfear íosdoimhneacht 200mm de bharrithir orthu. Cuirfear na clocha níos mó ná 25mm ar trastomhas síos sa talamh sula gcuirfear síol féir a bheidh furasta a choinneáil.

Áit ar bith a bhfuil soilse beartaithe, beidh an dearadh soilsithe de réir riachtanas BS EN 13201-2:2003 agus BS5489-1: 2003, Cód Cleachtais do Dhearadh Soilsiú Bóithre. Beidh Soilsiú Bóithre agus Limistéir Taitneamhachta Poiblí de réir riachtanas DMRB TD 34-91. Déanfar an dearadh soilsithe go cúramach chun dallrú a íoslaghdú agus chun a chinntiú go n-íoslaghdófar an solas ag titim ar áit nár chóir.

I suíomhanna sonracha d'fhéadfaí bacainní agus / nó bundaí a chur ar fáil le tionchar an torainn a laghdú. Déanfaidh na bacainní sin sciathadh fisiúil ar thrácht freisin. Beidh na gnéithe sin, nuair is féidir, comhtháite laistigh de na bearta tírdhreachaithe atá beartaithe. Tugtar breac-chuntas i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh ar mheasúnú an tionchair ó thaobh torainn de agus na ceanglais le haghaidh maolú den sórt sin.

**Tábla 12.7 Gnéithe agus Cóireálacha Tírdhreacha agus Maolaithe Amhairc ar fud an Tionscadail**

| Tagairt | Tuairisc ar na Bearta |
|---|---|
| Fánaí gearrtha ar phríomhbhóithre, ar bhóithre ceangail agus ar bhóithre áitiúla | Cuirfear bailchríoch le fánaí gearrtha chuig grádáin chothroma, a mbeidh barrithir curtha orthu mura sonraítear a mhalairt sa tábla seo nó in áit eile sa TMTT nuashonraithe seo. Beidh fánaí saor ó smionagar agus ó chlocha thar thrastomhas 50 mm. Bainfear nó cuirfear i dtalamh gach smionagar / cloch den sórt sin. Mura sonraítear a mhalairt cuirfear síolta ar fhánaí le féarach neamhthalmhaíochta a bheidh furasta a choinneáil nó le báinseach éagsúil meascáin féir/bláthanna fiáine, de réir mar is cuí. Féadfar fánaí géara a hidrea-shíolú.<br><br>Aon áit a mbíonn gearrthacha trí charraig dhaingean/fánaí atá nochta, coinneofar iad mar ghnéithe tírdhreacha feadh chonair an bhóthair atá beartaithe. |
| Claífoirt ar phríomhbhóithre, ar bhóithre ceangail agus ar bhóithre áitiúla | Cuirfear bailchríoch le fánaí gearrtha chuig grádáin chothroma, a mbeidh barrithir curtha orthu mura sonraítear a mhalairt sa tábla seo nó in áit eile sa TMTT nuashonraithe seo. Beidh fánaí saor ó smionagar agus ó chlocha thar thrastomhas 50 mm. Bainfear nó cuirfear i dtalamh gach smionagar / cloch den sórt sin. Mura sonraítear a mhalairt cuirfear síolta ar fhánaí le féarach neamhthalmhaíochta a bheidh furasta a choinneáil nó le báinseach éagsúil meascáin féir/bláthanna fiáine, de réir mar is cuí. Féadfar fánaí géara a hidrea-shíolú. |
| Ciumhaiseanna & Timpealláin ar phríomhbhóithre, ar bhóithre ceangail agus ar bhóithre áitiúla | Cuirfear ciumhaiseanna ar fáil feadh an dá thaobh de phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe. Soláthrófar gruaimhíní chomh maith thart ar acomhail agus feadh athailíniú bóithre áitiúla agus ceangal. Déanfar gruaimhíní agus timpealláin a bhailchríochnú go grádáin chothroma nó grádáin a shreabhann go réidh, agus beidh barrithir 200 mm ar a laghad orthu. Cuirfear na clocha faoi thalamh nó déanfar iad a rácáil sna limistéir agus beidh siad saor ó smionagar agus ó chlocha thar thrastomhas 25 mm. Cuirfear meascán síolta a bheidh furasta a choinneáil ar na ciumhaiseanna agus ar na timpealláin. |
| Locháin, claiseanna reatha, 'draenacha-V' srl. | Beidh na fánaí ar fad grádaithe go cothrom agus saor ó spallaí agus ó chlocha atá níos mó ná 50mm ar trastomhas. Déanfar fánaí a shíolú ina bhféarach neamhthalamhaíochta a bheidh furasta a choinneáil nó ina mbáinseach éagsúil fhéir/blátha fhiáin, rud a chumasóidh forbairt nádúrtha le himeacht ama. Féadfar fánaí géara ar imill lóchán agus 'V-dhraenacha' a hidrea-shíolú.<br><br>Beidh tírdhreach éagsúil le fáil sna limistéir timpeall ar locháin ina bhfaighfear féarach is furasta a choinneáil / báinseach meascáin féir agus bláthanna fiáine ar mhórán speiceas agus planduithe scrobarnaí agus / coillearnach ceannbhrait íseal agus plandú tor. Bunófar fálta sceach draighin agus sceiche gile, coil, agus cuilinn, gan speicis chrann, feadh teorainneacha nach bhfuil cois bóthair.<br><br>Úsáidfear fálú de chineál neamhshonnaigh (m.sh. palaidín nó adhmad agus fálú eangaí frithdhreaptha) le limistéir locháin a daingniú.<br><br>Is é is cuspóir foriomlán na cóireála don tírdhreach timpeall ar ghnéithe lochán tírdhreach inbhuanaithe, is furasta a choinneáil, agus éagsúil ó thaobh na héiceolaíochta de a chur ar fáil i bhfoirm féaraigh agus plandaithe mheasctha le fálta sceach nua feadh teorainneacha daingne. D'fhéadfadh na locháin cur leis an tírdhreach áitiúil, agus leis an éagsúlacht amhairc agus éiceolaíochta. |
| Bacainní torainn / bundaí | I gcás inar féidir bunófar plandú fálta sceach scrobarnaí agus tor agus / coillearnaí ceannbhrait íseal de speicis dhúchasach mar phlandú caol 3.0m ar a íosleithead nó fál sceach défhiartha feadh aghaidh seachbhóthair iomlán na mbacainní.<br><br>Bunófar plandú ceannbhrait íseal agus / nó speiceas dúchasach ar aghaidh na mbundaí amach ón mbóthar. Áireofar leis an bplandú fuinseog*, beith, draighean, trom, sceach gheal, coll, cuileann, crann caorthainn agus / nó speicis sailí de réir mar is cuí. Beidh na plandaí 90 go 120cm ar airde nuair a bheidh siad á bplandú. |

| Tagairt | Tuairisc ar na Bearta |
|---|---|
| | * Tabhair faoi deara: Mar gheall ar bhaol Chríonadh Siar na Fuinseoige (Chalara fraxinea) agus go dtí go dtabharfar fógra eile, níl fuinseog (speiceas Fraxinus) ceadaithe ag BIÉ a thuilleadh le haghaidh scéimeanna plandaithe. Ní rachaidh an méid sin i bhfeidhm ar úsáid an Chrainn caorthainn (Sorbus aucuparia).<br><br>Úsáidfear bacainní torainn trédhearcacha ar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe |
| Plandaí agus na limistéir curaíochta | Cuirfear taca le gach speiceas crann os cionn 150cm ar airde agus le gach péine agus ceanglófar iad mar is cuí. Déanfar na plandaí go léir a dteipfear orthu, a bheidh marbh nó lochtach a athsholáthar roimh dheireadh gach lae agus gach bliana den iarchúram lochtanna.<br><br>Beidh an limistéar curaíochta ar fad saor ó chlocha atá os cionn 50mm ar trastomhas. |
| Limistéir féir | Soláthróidh limistéir fhéir clúdach báinsí iomlán laistigh de 12 mhí ón síolú. Cuirfear síolta an athuair ar aon stráice inar theip ar an bplandú, atá maol nó fabhtach idir Márta – Bealtaine agus / nó Lúnasa – Meán Fómhair i ngach bliain d'iarchúram an fhabht. |
| Rochtain, páirceáil agus / nó campáil gan údarú | I dtograí tírdhreacha seachnófar limistéir a chruthú a meastar iad a bheith oiriúnach do pháirceáil neamhúdaraithe agus úsáidfear tograí tírdhreacha chun úsáid dá leithéid a dhíspreagadh agus a chosc. |
| Limistéir fuílligh | Déanfar réimse éagsúil tograí féaraigh agus / nó plandaithe ar aon fhuíoll-tailte iarthógála le líon íosta plandaithe 30% a áireamh ann, arna leasú de réir mar is iomchuí ar bhonn áitiúil. Caithfear leis an limistéar atá fágtha le báinseach féir / ar mhórán speiceas a bheidh furasta a choinneáil agus cuibhiúil don áit. |
| Ballaí Cloiche | I gcás ina mbaintear ballaí cloiche agus nach dtógtar arís iad mar chuid den Tionscadal, coinneofar an chloch agus cuirfear ar fáil do na húinéirí maoine in aice láimhe lena hathúsáid chun balla cloiche nua a thógáil ar a dtaobh de theorainn an Tionscadail más mian leo.<br><br>Is tionchar suntasach é codanna de sheanbhallaí cloiche a bhaint feadh codanna den N6 GCRR atá beartaithe. Tá roinnt mhaith díobh sin ina mballaí ísle, a bhfuil drochbhail orthu, agus fásra fite fuaite tríothu. Mar sin de, níorbh fhéidir ballaí leis an nádúr céanna a athsholáthar, agus nach ndéanfaí foráil leo do ghnéithe den sórt sin maidir le teorainn leormhaith leis an N6 GCRR atá beartaithe.<br><br>Chruthófaí fadhbanna ar leith ó thaobh amhairc de dá soláthrófaí teorainn chloiche nua feadh na príomhlíne, de bharr ghné thírdhreacha aonchineálach agus neamhréireach a bheith ann i gcodarsnacht leis na ballaí cloiche tirime atá sa cheantar cheana féin.<br><br>Dá bhrí sin, meastar gur fearr fálta adhmaid cuaillí agus ráillí agus plandú substaintiúil tírdhreachta a chur ar fáil – maille le hionadú roghnaitheach na mballaí teorann cloiche nó rindreáilte. Féach an chuid ábhartha i Tábla 12.8thíos freisin. |
| Soilsiú Bóithre | Mar a mhionsonraítear ag Cuid 5.4.1.2.4 de Chaibidil 5 den TMTT nuashonraithe seo, dearadh an soilsiú bóithre atá beartaithe chun teorainn a chur le sceitheadh solais agus áirítear leis na bearta na cinn seo a leanas:<br>• Úsáid feisteas nua-aimseartha LED ag a bhfuil dáileadh dea-shainithe rialaithe ar ghathanna solais<br>• Le húsáid feisteas soilsithe cothrománach scoite, rud a chuireann cosc ar astú soilse leis an spéir agus a íoslaghdaíonn treo an tsolais amach ón N6 GCRR atá beartaithe. |
| Bábhúin Tógála | Ag deireadh na tógála déanfar na bábhúin tógála a dhíchoimisiúnú, a ghlanadh agus na tailte a athbhunú nó a thírdhreachú. |

### *12.6.3.2 Bearta Sonracha Tírdhreacha*

Leagtar amach sainbhearta maolaithe ar Fhíoracha 12.1.01 go 12.1.15 agus i Tábla 12.8. I measc na mbeart tá gnéithe i ndáil le tógáil amhail seachaint / íoslaghdú an tionchair ar theorainneacha réadmhaoine agus ar ghnéithe tírdhreacha chomh maith le sciath-chlárlach soladach a chur ar fáil le linn na céime tógála do na réadmhaoine sin a bheidh buailte go mór leis na hoibreacha.

Cuirfear na bearta maolaithe sonracha seo a leanas san áireamh i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm na mbeart tírdhreacha:

- Suíomh draenacha lúblocha ag barr gearrthacha agus ag bun claífort

- An suíomh agus na riachtanais i gcomhair rochtain chothabhála feadh phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe
- Suíomhanna ina bhfaightear carraig i ngearrthacha. D'fhéadfaí éadain charraige den chineál sin a choinneáil mar ghnéithe geolaíochta de chonair an N6 GCRR atá beartaithe
- Suíomh agus comhtháthú na mbacainní torainn sa dearadh tírdhreacha
- Criosanna scóipe (TD19 - Caighdeáin Bhacainní Sábháilteachta)
- Amharclínte ag acomhail agus chuig comharthaíocht carrbhealaigh, *srl.*

Tá sraith ballaí coinneála agus droichead thar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 beartaithe i limistéar an Daingin idir Ch. 8+300 agus Ch. 8+670. Is ceantar cónaithe é seo mar atá agus is tairseach chun na cathrach é. I gcás inarb indéanta áireofar ballaí isteach cré atreisithe agus coinneála le go gceadófaí do bhailchríoch ghlas tírdhreacha ar gach cuid nó ar chuid éigin de na struchtúir choinneála. Bainfear úsáid as bailchríoch aolchloiche i gcás go dteastaíonn ballaí struchtúracha agus do na teanntaí don droichead atá beartaithe thar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59. Aolchloch nádúrtha a bheidh in úsáid ag teacht le nádúr na cloiche áitiúla, le hais láidir chothrománach idir 5 go 1 agus 7 go 1 (*i.e.* toise cothrománach go ceartingearach).

Tugtar san áireamh sna Bearta Tírdhreacha an chosaint ar leith agus na bearta maolaithe a mhionsonraítear i gCaibidil 8, Bithéagsúlacht. Áirítear ar na bearta sin, go sonrach:

- Cuirfear imfhálú ar ghnáthóga coinnithe, crainn agus fálta sceach ar theorainneacha tógála talún, *etc.* agus beidh siad faoi chosaint le linn oibreacha tógála
- Tá bearta sonraithe beartaithe ag líon suíomhanna chun an tionchar féideartha ar speicis Ialtóg a mhaolú. Ar na bearta seo tá:
  - faraí saorga ialtóg - agus plandú ar leith chun na hialtóga a mhealladh
  - soláthar tardhroichid fiadhúlra plandaithe (Ch. 12+700) agus plandú comhghaolmhar sna fálta sceach áitiúla agus plandú beartaithe ar theorainn an N6 GCRR atá beartaithe, rud a uasmhéadóidh an tairbhe agus úsáid fhéideartha
  - plandú tiubh, le crainn chun nascacht a fheabhsú feadh theorainn an N6 GCRR atá beartaithe:
    - siar ó thrasbhealach L1323 Leitrí (Ch. 7+200 – Ch. 7+280)
    - feadh na gclaífort ar gach aon taobh den droichead beartaithe thar Abhainn na Gaillimhe
    - idir chrosbhealach Bhóthar Áth Cinn an N84 ag Baile an Dúlaigh agus Bóthar na Scoile ag an gCaisleán Gearr
  - fálta sceach a chur chun comhcheangailteacht gnáthóg a fheabhsú soir ó Chaisleán Mhionlaigh
  - fálta sceach agus roschoill a chur chun gnáthóga sealgaireachta a fheabhsú ó thuaidh de Chaisleán Mhionlaigh
- D'fhonn Scréachóga Reilige a dhíspreagadh ó shealgaireacht gar don N6 GCRR atá beartaithe, claífoirt agus gearrthacha, seachas na gearrthacha carraige nó na fánaí gearrtha a fhágfar le hathghiniúint go nádúrtha, plandófar iad go tiubh le scrobarnach a fhásann go híseal (m.sh. draighean, sceach gheal) ó Ch. 8+550 go Ch. 17+500
- D'fhonn Scréachóga Reilige a dhíspreagadh ó eitilt thar an N6 GCRR atá beartaithe, bunófar plandú crann a bhfuil dlúthspásáil idir eatarthu (láir tuairim is 2m) níos mó ná 4m in airde feadh bharr na gclaífort idir Ch. 9+600 agus Ch. 10+100
- Déanfar an plandú maolaithe a luaithe is féidir le linn na céime tógála chun bunú a uasmhéadú roimh oscailt bhóthair

**Tábla 12.8 Cóireálacha agus Gnéithe Maolaithe Sonracha Tírdhreacha agus Amhairc**

| Tagairt | Suíomh | Tuairisc ar na Bearta |
|---|---|---|
| Scáthphlandáil 6.0m ar leithead | Beidh an scáthphlandáil ar eatraimh 1.0m agus beidh sí 6m ar íosleithead. Déanfar an plandú ar feadh 100m ar a laghad ar aon taobh d'aon réadmhaoin chónaithe nó fóntas comhtheagmhálach. (féach Fíoracha 12.1.01 go 12.1.15) | Áireofar leis an bplandú dlúthphlandú ag láir 1m de speicis fearnóige, beithe, draighin, troim, caoire con, cuilinn, sceiche gile, coill, caorthainn, agus sailí. Déanfar toir a phlandú ag idir 60cm go 90cm ar aired.<br>Cuimseoidh péine Albanach 60cm ar a laghad ar airde ag an bplandú 20% de na líonta plandaí foriomlána agus cuimseoidh cuileann 45cm ar a laghad ar airde 15% eile.<br>Déanfaidh speicis crann suas 10% den phlandáil, iad curtha go cothrom, crainn leatharda (6-8cm timpeall) agus crainn lánarda (8-10 timpeall). |
| Scáthphlandáil 3.0m ar leithead | Aon áit a bhfuil spás teoranta, beidh an scáthphlandáil ar eatraimh 1.0m agus beidh sí 3m ar íosleithead. Déanfar an plandú ar feadh 100m ar a laghad ar aon taobh d'aon réadmhaoin chónaithe nó fóntas comhtheagmhálach. (féach Fíoracha 12.1.01 go 12.1.15) | Áireofar leis an bplandú dlúthphlandú ag láir 1m de speicis fearnóige, beithe, draighin, troim, caoire con, cuilinn, sceiche gile, coill, caorthainn, agus sailí. Déanfar toir a phlandú ag idir 60cm go 90cm ar aired.<br>Cuimseoidh péine Albanach 60cm ar a laghad ar airde ag an bplandú 20% de na líonta plandaí foriomlána agus cuimseoidh cuileann 45cm ar a laghad ar airde 15% eile.<br>Cuimseoidh speicis chrann, a phlandálfar ag méid leathchaighdeánach (giorta 6-8cm) agus ag méid caighdeánach (giorta 8-10cm), 20% den mheascán ar a laghad. |
| Scáthphlandáil 3.0m ar leithead | Siar ó Ch. 1+760 ar ais go Ch. 1+580 (féach Fíoracha 12.1.01 go 12.1.15) | Tá sé beartaithe an crios scáthphlandála measctha 3m ar leithead atá beartaithe feadh thaobh maoine an N6 GCRR atá beartaithe a shíneadh. |
| Teorainneacha Balla Cloiche | Ballaí cloiche mar a léirítear ar Fhíoracha 12.1.01 go 12.1.15) | Is gné shuntasach iad na ballaí cloiche de chineálacha agus aois éagsúil timpeall ar réadmhaoine cónaithe agus eile feadh an Tionscadail.<br>Dá bhrí sin, i gcás ina léirítear amhlaidh, ionadófar ballaí cloiche feadh na gcodanna réadmhaoine ar a gcuirtear isteach agus feadh teorainneacha bóithre ar bhóithre áitiúla. Coimeádfar agus athúsáidfear clocha as codanna de na ballaí atá buailte (go ginearálta eibhear sa taobh thiar; aolchloch sa taobh thoir) nuair is féidir agus úsáidfear iad chun na teorainneacha nua a thógáil. Féadfar na ballaí teorainneacha a chlúdach le fálta sceach de speicis chuí áitiúla, *i.e.* draighean, sceach gheal agus cuileann sa taobh thiar agus coll, sceach gheal agus cuileann sa taobh thoir.<br>In áiteanna eile, i gcás ina mbainfear ballaí cloiche, coinneofar an chloch agus cuirfear ar fáil í lena hathúsáid ag úinéir na talún chun balla cloiche nua a thógáil ar a thaobh féin de theorainn an N6 GCRR atá beartaithe más mian leis.<br>Féach an chuid ábhartha i Tábla 12.7 thuas freisin. |
| Teorainn Fál Sceach | Gnáthfhál sceach ina líne dhúbailte mhírialta, plandáilte le crainn, mar is cuí go háitiúil | Siar: Fálta sceacha is draighean (30%), sceach gheal (40%) agus cuileann (10%) san iarthar measctha le speicis eile (20%) amhail trom, sail, agus na cinn úd atá le fáil go háitiúil.<br>Soir: Fálta sceacha is draighean (30%), sceach gheal (40%) agus cuileann (10%) san oirthear measctha le speicis eile (20%) amhail draighean, trom, sail, agus na cinn úd atá le fáil go háitiúil.<br>Beidh na plandaí sceiche gile thart ar 90cm ar airde agus beidh siad plandaithe ag láir 50cm i ngach ceann den dá líne dhúbailte chéimnithe, agus 25cm eatarthu. Meascfar plandaí eile de thart ar 50cm ar aired. |

| Tagairt | Suíomh | Tuairisc ar na Bearta |
|---|---|---|
| | | D'fhéadfadh an fál sceach a bheith measctha le fearnóg 'leath-ghnáthmhéide' (6-8cm timpeall), beith agus/nó crainn darach plandaithe ag spásálacha randamach ach ar íos-spás 1 chrann in aghaidh 25 mhéadar líneach ar an meán. D'fhéadfaí speicis chrann teoranta, amhail beith agus caorthann a bheith san áireamh chomh maith mar 'bhuinneáin' ag 150cm ar airde. |
| Ballaí Coinneála agus an struchtúr thar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 | Córais coinneála cré treisithe agus bailchríoch aolchloiche a úsáid le haghaidh gnéithe struchtúracha.<br><br>Struchtúir Balla Coinneála R08/01; R08/02; R08/07 & R08/04; agus Struchtúr Droichid S08/02.<br><br>(Ch. 8+300 go Ch. 8+670 ón N6 GCRR atá beartaithe). | Nuair is féidir cuimseofar balla coinneála ithreach treisithe chun go mbeifear ábalta bailchríoch tírdhreacha ghlais a chur ar cuid de na struchtúir choimeádta nó orthu go léir.<br><br>Soláthrófar plandú crann feadh bhonn an struchtúir chomh maith. Áireofar orthu sin speicis fáis níos lú amhail fearnóg, beith agus caorthann a bheidh plandaithe mar Chaighdeáin Roghnaithe (i.e. giorta 14cm nó níos mó).<br><br>Bainfear úsáid as bailchríoch aolchloiche do bhailchríoch seachtrach teanntaí an droichid atá beartaithe thar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus i gcás go dteastaíonn ballaí struchtúracha. Aolchloch nádúrtha a bheidh in úsáid ag teacht le nádúr na cloiche áitiúla, le hais láidir chothrománach idir 5 go 1 agus 7 go 1 (*i.e.* toise cothrománach go ceartingearach). |
| An Ghnáthóg Ialtóg a fheabhsú | Cuirfear fálta nua crann agus tor 2m ar leithead, agus roschoillte anseo is ansiúd ó thuaidh agus thoir de Chaisleán Mhionlaigh. | Cuirfear fálta nua de speicis dhúchasacha, beidh na plandaí ar eatraimh 0.5m i gcúig líne mhírialta, iad 0.5m óna chéile chun na páirceanna oscailte mar atá, a fhoroinnt.<br><br>Déanfar speicis chrann de mhéid caighdeánach (giorta 8-10cm, 2.4m ar airde ar a laghad) ag láir chéimnithe 15m i ngach ceann de na 3 líne láir. Cuirfear réimse ilchineálach tor idir na crainn sna línte lárnacha agus sa dá líne lasmuigh.<br><br>Cuirfear roschoillte c.15m ar trastomhas laistigh de na páirceanna oscailte ag baint úsáide as an gcur chuige céanna agus as na tiúis agus na speicis chéanna.<br><br>Cosnófar na plandaí le fál sábháilte d'ainmhithe, c.1.25m ar airde, suite 1.0m ar gach aon taobh de líne sheachtrach an fháil nua.<br><br>Áireofar ar na speicis chrann fearnóg, beith, dair, caorthann, a bheith plandaithe mar chaighdeáin (mar atá thuas) agus mar bhuinneáin (1.25m ar airde). Toir ina mbeidh draighean, sceach gheal agus coll (60% le chéile) den chuid is mó, le trom, cuileann, feoras, saileach etc.<br><br>Beidh an sceach gheal c.90cm ar airde agus beidh na toir eile ar fad c.60cm ar airde. |
| Uasbhealach Fiadhúlra | Baile an Dúlaigh / An Caisleán Gearr<br><br>Struchtúr S12/02 (Ch. 12+700 ón N6 GCRR atá beartaithe) | Beidh an t-uasbhealach fiadhúlra (c.30m ar leithead) tírdhreachaithe chun foráil a dhéanamh maidir le gnáthóg cheangailteach ar fud an N6 GCRR atá beartaithe. Cuimseofar sa phlandú conair chaol lárnach fhéir ceangailte ar gach taobh le fálta sceach agus crainn ar gach taobh díobh de speicis dhúchasacha.<br><br>Beidh an doimhneacht ithreach ó dhoimhneacht thart ar 45cm ag imill go doimhneacht thart ar 1.5cm feadh líne láir an dá fhál sceach. Beidh gné phlandaithe an dá líne fáil sceach thart ar 2m ar leithead le crainn de mhéid caighdeánach (giorta 8-10cm, 2.4m ar airde ar a laghad) plandaithe ag láir chéimnithe 3m i ngach ceann den 2 líne i ngach fál sceach. Déanfar réimse éagsúil speiceas tor a phlandú idir crainn feadh líne gach fáil sceach.<br><br>Tiocfaidh an plandú leis an bplandú atá beartaithe soir agus siar ar na fánaí uachtaracha de na díoga ar dhá thaobh an |

| Tagairt | Suíomh | Tuairisc ar na Bearta |
|---|---|---|
| | | N6 GCRR atá beartaithe. Beidh sé seo mar fhál sceach / ghréasán plandaithe leanúnach.<br><br>Áireofar ar na speicis chrann fearnóg, beith, dair, caorthann, a bheith plandaithe mar chaighdeáin (mar atá thuas) agus mar bhuinneáin (1.25m ar airde). Toir ina mbeidh draighean, sceach gheal agus coll (60% le chéile) den chuid is mó, le trom, cuileann, feoras, saileach etc.<br><br>Beidh an sceach gheal c.90cm ar airde agus beidh na toir eile ar fad c.60cm ar airde. |
| Plandú Crann don Scréachóg Reilige | Cuirfear gnáthlíne dhúbailte mhírialta de chrainn agus plandáil thiubh fúthu idir Ch. 9+600 agus Ch. 10+100 ón N6 GCRR atá beartaithe. | Plandú crann díspreagthach lena gcuimseofar fearnóg, beith agus / nó crann caorthainn atá plandaithe ag 4m in airde (íosmhéid 12-14cm timpeall) agus ag láir 2.0m i ngach ceann de 2 ró 1.5m óna chéile.<br><br>Cuirfear scrobarnach thiubh íseal le -draighean (50%), sceach gheal (20%), coll (10%) agus cuileann (10%), iad measctha le speicis eile (1%) amhail trom, saileach agus speicis áitiúla.<br><br>Beidh an sceach gheal c.90cm ar airde agus curtha ar eatraimh 50cm. Beidh plandaí an draighin c.50cm ar airde agus cuirfear iad ar eatraimh 50cm i línte mírialta, 50cm óna chéile. |
| Plandú Scrobarnach don Scréachóg Reilige | Plandáil scrobarnach íseal tiubh ar gach claífort agus fánaí gearrtha (seachas gearrthacha carraige nó fánaí gearrtha a fhágfar le teacht acu féin go nádúrtha) ó Ch. 8+550 go Ch. 17+540 ón N6 GCRR atá beartaithe. | Tor íseal-dlúis ina gcuimseofar draighean (50%), sceach gheal (20%), coll (10%) agus cuileann (10%) measctha le speicis eile (10%) amhail trom, saileach, agus na cinn a fhaightear sa cheantar áitiúil.<br><br>Beidh na plandaí sceiche gile thart ar 90m ar airde agus beidh siad plandaithe ag láir 50cm. Beidh plandaí an draighin c.50cm ar airde agus cuirfear iad ar eatraimh 50cm i línte mírialta, 50cm óna chéile. |
| Limistéir Gnáthóga Cúiteach(CHA) | Feadh an Tionscadail<br><br>Féach ar na suíomhanna 'CHA' ar Fhíoracha 12.1.01 go 12.1.15) | Limistéir atá aitheanta do ghnáthóg cúiteach chun tionchair éiceolaíochta féideartha a mhaolú. Féach Caibidil 8, Bithéagsúlacht chun tuilleadh sonraí a fháil. |
| Eastát Achadh an Churraigh | Ch. 8+530 go 8+680 ón N6 GCRR atá beartaithe<br><br>Eastát Achadh an Churraigh<br><br>(Féach an suíomh ar Fhíor 12.1.06) | Tugadh tiomantas ag an éisteacht ó bhéal thiar in 2020 agus áiríodh é le Sceideal na dTiomantas go gcuirfí colbha féir ar a mbeadh crainn bheithe curtha ar bun ar gach aon taobh den ascaill isteach nua chuig Eastát Cónaithe Achadh an Churraigh a bheadh ag teacht le saintréithe na slí isteach atá ann faoi láthair. |
| Réadmhaoine 539 & 540<br><br>Eastát Achadh an Churraigh | Ch. 8+670 go 8+800 ón N6 GCRR atá beartaithe<br><br>Eastát Achadh an Churraigh<br><br>(Féach Réadmhaoine Uimh. P008-066 & P008-067 ar Fhíor 12.1.06) | Tugadh tiomantas ag an éisteacht ó bhéal thiar in 2020 agus áiríodh é le Sceideal na dTiomantas cé is moite de na cásanna ina gcoinnítear an balla atá ann faoi láthair, go dtógfaí balla cloiche nua os comhair Réadmhaoine 539 agus 540 (siar ón N6 GCRR atá beartaithe) feadh thaobh na hascaille atá ann faoi láthair / athailínithe laistigh d'Eastát Cónaithe Achadh an Churraigh a bheadh ag teacht le saintréithe na mballaí cloiche atá le fáil san eastát faoi láthair. |
| Réadmhaoine 539 & 540<br><br>Eastát Achadh an Churraigh | Ch. 8+670 go 8+800 ón N6 GCRR atá beartaithe<br><br>Eastát Achadh an Churraigh<br><br>(Féach Réadmhaoine Uimh. P008-066 & P008-067 ar Fhíor 12.1.06) | Tugadh tiomantas ag an éisteacht ó bhéal thiar in 2020 agus tá sé curtha san áireamh i Sceideal na dTiomantas go n-ardófar leibhéil na talún laistigh de na tailte iarmharacha ag Réadmhaoine 539 agus 540 siar i dtreo an N6 GCRR atá beartaithe, agus plandófar 1000 crann orthu idir 1.0 agus 2.0m in airde i gcomhréir leis na sonraí a leagtar amach ar Fhíor 12.4.01<br>Ní chuirfidh an grádú ithreach agus an plandú isteach ar an Struchtúr Fara Ialtóg atá beartaithe i Réadmhaoin 540. |

| Tagairt | Suíomh | Tuairisc ar na Bearta |
|---|---|---|
| Ceapach 195 | Ch. 2+850 ón N6 GCRR atá beartaithe<br>Bóthar Bearna go Maigh Cuilinn an L1321<br>(Féach Réadmhaoin Uimh. P002-013A ar Fhíor 12.1.01) | Tugadh tiomantas ag an éisteacht ó bhéal thiar in 2020, a áiríodh le Sceideal na dTiomantas, go rachfaí i gcomhairle le húinéir talún Cheapach 195 i ndáil le tograí plandaithe a bheadh le bunú feadh theorainn a réadmhaoine. |
| Ceapach 229 | Ch. 5+800 ón N6 GCRR atá beartaithe<br>(Féach an suíomh ar Fhíoracha 12.1.04 & 12.1.05) | Tugadh tiomantas ag an éisteacht ó bhéal thiar in 2020, a áiríodh le Sceideal na dTiomantas, i gcomhréir leis na bearta dá bhforáiltear faoi Chuid 12.6.3.1 Bearta Tírdhreacha ar fud an Tionscadail agus Tábla 12.7 thuas atá comhghaolmhar, go ndéanfar aon limistéar atá fágtha laistigh de na codanna ceannaithe de Cheapach 229 a phlandú le speicis choillearnaí dhúchasacha a bheidh oiriúnach go háitiúil. |

*** Tabhair faoi deara:** Mar gheall ar bhaol Chríonadh Siar na Fuinseoige (*Chalara fraxinea*) agus go dtí go dtabharfar fógra eile, níl fuinseog (speiceas *Fraxinus*) ceadaithe ag TII a thuilleadh le haghaidh scéimeanna plandaithe. Níl tionchar aige sin ar úsáid an Chaorthain – ar a dtugtar caorthann (*Sorbus aucuparia*) chomh maith.

Go hachomair, mar a sonraíodh le linn na hÉisteachta ó Bhéal in 2020 is ionann an plandú iomlán sa TMTT nuashonraithe seo agus an méid seo a leanas:

- De thoradh **an phlandaithe fálta sceach teorann** plandófar os cionn 68km d'fhálta sceach nua le c.275,000 crann agus tor, lena n-áirítear os cionn 2,700 crann leath-ghnáthmhéide
- De thoradh na **scáthphlandála** plandófar os cionn 300,000 m$^2$ de scáthphlandáil le c.300,000 crann agus tor, lena n-áirítear c.40,000 crann gnáthmhéide / leath-ghnáthmhéide
- Ar an **iomlán**, is é an toradh a bheidh ar na moltaí tírdhreacha mar a shonraítear sa chaibidil seo den TMTT nuashonraithe agus, go mbunófar os cionn 500,000m$^2$ i.e. 50 heicteár de phlandú nua, ag úsáid thart ar mhilliún crann agus tom

## 12.7 Tionchair Iarmharacha

### 12.7.1 Réamhrá

Déantar achoimre ar na tionchair iarmharacha sna codanna seo a leanas faoi An Chéim Thógála agus An Chéim Oibríochta.

### 12.7.2 Céim na Tógála

I dtéarmaí tírdhreacha agus amhairc, beidh tionchar teoranta ag na bearta maolaithe le linn na céime tógála, ach baineann siad le forbairt eagraithe, le cosaint an tírdhreacha ar an tógáil talún agus lasmuigh di agus leis an tionchar fisiúil agus an cur isteach a íoslaghdú más féidir. Ar an gcúis sin, meastar go leanfaidh drochthionchair fhéideartha ó thaobh tírdhreacha agus amhairc de ar aghaidh, mar a thugtar breac-chuntas orthu i gCuid 12.5.3 den chaibidil nuashonraithe seo, fiú amháin le bearta maolaithe curtha i bhfeidhm, le linn na céime tógála sealadaí agus gearrthéarmaí den Tionscadal.

### 12.7.3 An Chéim Oibríochta

Le linn na céime oibríochta tosaigh leanfaidh tionchair thírdhreacha agus amhairc ar aghaidh ó láithreacht fhisiceach agus oibriú an Tionscadail. Beidh an N6 GCRR atá beartaithe ina ghné shuntasach agus shuaithinseach nua sa tírdhreach – ar a laghad go dtí an t-am a bheidh na tograí maolaithe tírdhreacha bunaithe agus de réir mar a thiocfaidh siad i bhfeidhm níos mó. Ag an tús, sa chéim oibríochta beidh na tionchair tírdhreacha agus fhisiúla soiléir agus diúltach sa ghearrthéarma (*i.e.* an chéim réamh-shocraithe). De réir mar a chuirfear plandaí agus mar a fhásfaidh siad, rachaidh cruas an tírdhreacha agus na tionchair fhisiúla in éag diaidh ar ndiaidh le himeacht ama.

Leanfaidh drochthionchar amhairc ag teacht aníos freisin le haghaidh réadmhaoine cónaithe agus eile atá suite gar nó in aice le teorainn an Tionscadail go ceann i bhfad (*i.e.* sa chéim iarbhunaithe).

Mar sin leanfaidh tionchair shuntasacha iarmharacha:

- Ag ciumhais Shruthán na Líbeirtí, Bearna
- Ar thírdhreach oscailte ardaithe ag an mBealach, Rathún, Leitreach, Barr na Crannaí agus ag an Daingean Uachtair
- Ar thírdhreach spórt caithimh aimsire agus taitneamhachta Champas Spórt Ollscoil na Gaillimhe
- Ar thalamh íseal ghleann Abhainn na Gaillimhe, agus ar shuíomh Chaisleán Mhionlaigh
- Ar thírdhreach aolchloiche ag Mionlach agus Cúil Each
- Ar thírdhreach réidh ag an gCaisleán Gearr, ó dheas de Loch Bhaile an Dúlaigh

Taispeántar suíomhanna na dtionchar suntasach tírdhreacha sin ar Fhíoracha 12.1.01 go 12.1.15.

Leanfaidh tionchair shuntasacha iarmharacha ar réadmhaoin:

- Ag crosbhealach na mbóithre áitiúla ó thuaidh agus soir ó thuaidh de Bhearna (Bóthar na bhForaí Maola, Bóthar Throscaigh, Bóthar Ann Gibbons, Bóthar na hAille)
- Ag crosbhealach na mbóithre áitiúla siar ó thuaidh de Ghaillimh (Bóthar na Ceapaí, Bóthar Bhaile an Mhóinín, Bóthar Rathúin agus Bóthar na Leitrí)
- Ar an dá thaobh den trasbhealach ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ó thuaidh ó Ghaillimh (An Fraoch Mór, Barr na Crannaí, Ard na Locha, Achadh an Churraigh agus Páirc na Sceach / An Bealach)
- Ar thírdhreach spórt caithimh aimsire agus taitneamhachta Champas Spórt Ollscoil na Gaillimhe
- Ar thalamh íseal ghleann Abhainn na Gaillimhe, agus ar shuíomh Chaisleán Mhionlaigh
- Ag an trasbhealach idir Bóthar Nua agus Seanbhóthar ó thuaidh / soir ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe
- Ag crosbhealach Bhóthar Áth Cinn an N84, ag an gCaisleán Gearr, (crosbhealach Bhóthar na Scoile san áireamh) agus ag Bóthar Thuama an N83, soir ó thuaidh de Ghaillimh
- Ag Baile an Bhriotaigh / An Pháirc Mhór, ag Ascaill an Ráschúrsa, Corrán Bhaile an Bhriotaigh, Bóthar Mhuine Mheá agus Cúil Each-Cnoc Mhaoil Drise soir ó Chathair na Gaillimhe

Tugtar sonraí na dtionchar amhairc i dTábla 12.6 thuas, in Aguisín A.12.1 agus léirítear iad ar Fhíoracha 12.1.01 go 12.1.15.

## 12.8 Tionchair Charnacha

Sa chuid seo den chaibidil cuirtear i láthair an mheasúnacht a rinneadh chun scrúdú a dhéanamh ar cibé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh tionchair shuntasacha amhairc agus/nó tírdhreacha a bheith ann de thoradh carnach an Tionscadail i dteannta aon tionscadal nó pleananna eile.

Meastar go dtiocfaidh tionchair shuntasacha, fhíorshuntasacha agus throma ó thaobh tírdhreacha agus amhairc de ag suíomhanna sonracha as tógáil agus oibriú an Tionscadail é féin. Tá na tionchair sin dírithe den chuid is mó ar gharchonair an N6 GCRR atá beartaithe ar imeall uirbeach/tuaithe na cathrach. Sainaithnítear roinnt mhaith de na tailte siar agus ó thuaidh ón gcathair le haghaidh úsáidí talmhaíochta agus/nó taitneamhachta.

Agus tionscadail fhéideartha á sainaithint le haghaidh tionchair charnacha a mheasúnú, rinneadh machnamh ar phleananna forbartha reachtúla cathrach agus contae agus na cláir phleanála, pleananna ceantair áitiúil, Straitéis Iompair na Gaillimhe etc. lena mbaineann, agus sainaithníodh na tionscadail i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i gCaibidil 21 den TMTT nuashonraithe seo. Ina dhiaidh sin, rinneadh scóip na dtionscadal atá beartaithe agus geallta a mheas do mheasúnacht sa chaibidil seo bunaithe ar fhogasacht choibhneasta agus nasc amhairc féideartha idir na forbairtí.

Rinneadh na foinsí seo a leanas a mheas agus tionscadail á sainaithint don liosta fada:

- Suíomh gréasáin an Bhoird Pleanála (ABP) (http://www.pleanala.ie/index.htm) – le mionsonraí a fháil faoi Fhorbairtí Straitéiseacha Bonneagair (SIDanna), Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta (SHDanna) agus ceadanna a thugtar ar achomharc
- Údaráis áitiúla (Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe) le haghaidh iarratais phleanála agus ainmniúcháin faoin bplean forbartha áitiúil

Na cineálacha tionscadail a ndearnadh a mheas:

- Iarratais Phleanála Áitiúla – na tionscadail úd dá ndéantar iarratas ar chead pleanála trí na húdaráis phleanála áitiúla iad féin, agus sainaithníodh iad ó liostaí iarratas pleanála leis na húdaráis áitiúla
- Forbairtí Tithíochta Straitéisí (SHDanna) – forbairtí cónaithe de chineál agus scála áirithe (e.g., 100 aonad tithíochta nó cóiríochta do mhic léinn) inar cuireadh iarratais go díreach faoi bhráid an Bhoird Pleanála
- Forbairtí Cónaithe Mórscála (LRDanna) – forbairtí cónaithe de chineál agus scála áirithe (e.g., 100 aonad tithíochta nó cóiríochta do mhic léinn nó níos mó lena gcuimsítear 200 spás leapa nó níos mó) ar a ndearnadh iarratas ar chead pleanála in leith trí na húdaráis phleanála áitiúla
- Forbairt Bonneagair Straitéisigh (SIDanna) - forbairtí móra bonneagair ag údaráis áitiúla agus eile ina gcuirtear iarratais go díreach faoi bhráid an Bhoird Pleanála

Measadh tréimhse chúig bliana a bheith is iomchuí le haghaidh cuardaigh pleanála, óir bheadh na ceadanna a tugadh níos mó ná cúig bliana ó shin tógtha, leath-thógtha nó á dtógáil den chuid is mó nuair a bhreathnaítear ar na cláir phleanála.

Rinneadh scagadh tosaigh le feidhmeanna a eisiamh nár measadh a bheith ábhartha sa ‘liosta fada’. Áiríodh leo sin iarratas nach bhfuil gníomhach i láthair na huaire (i.e. iarratais choinneála, neamhbhailí, tarraingthe siar, dhiúltaithe agus gan achomharc, dhiúltaithe ar achomharc), nó iarratais ar scála beag. Rinneadh cuardach ar na liostaí iarratas pleanála leis na mioniarratais sin a eisiamh ón liosta fada i bhfianaise a mhionchineáil nach dócha go mbeadh tionchar carnach leo a d’fhéadfaí a aithint iontu féin taobh amuigh de thionchair an Tionscadail. I measc na samplaí d’iarratais phleanála a eisíodh ón réamhliosta fada bhí iarratais chun grianáin, síneadh tithe, tiontuithe áiléar, athruithe úsáide le haghaidh foirgnimh aonair nó líon beag foirgneamh a thógáil nó a scartáil, tithe amuigh a thógáil, mionathruithe le cabhsáin agus iarratais choinneála.

Rinneadh na forbairtí a sainaithníodh sa liosta leasaithe sin a mheas leis an bhféidearthacht go mbeadh tionchair charnacha tírdhreacha agus amhairc ann leis na tionscadail phleanáilte / cheadaithe atá suite laistigh de chomhthéacs amhairc an Tionscadail. Baineann móramh na bhforbairtí atá beartaithe / ceadaithe le forbairtí ar scála beag, lena n-áirítear forbairtí cónaithe aonair, nó iad sin laistigh de na heastáit chónaithe, páirceanna gnó / eastáit thionsclaíocha atá ann faoi láthair – agus iad go léir ar thailte atá cuí-chriosaithe. Ní thagann aon fhéidearthacht le haghaidh tionchair shuntasacha charnacha ó thaobh tírdhreacha nó amhairc de ón Tionscadal de thoradh na bhforbairtí sin ar scála níos lú.

Ó thaobh an mheasúnaithe ar chomhthéacs na dtionscadal ábhartha, is dócha go mbeidh tuilleadh forbairtí i ndáil le hoideachas agus spóirt agus taitneamhachta ann laistigh de thailte Champas Spórt Ollscoil na Gaillimhe ar bhruach thiar na habhann. I mí na Nollag 2021 fuair Ollscoil na Gaillimhe cead pleanála le haghaidh 1 pháirc imeartha 3G amháin agus 1 pháirc imeartha féir CLG / sacair a fhorbairt chomh maith le gach bonneagar coimhdeach, fálú bactha liathróidí, tuilsoilsiú, draenáil, agus limistéar bithéagsúlachta feabhsaithe agus gach obair ghaolmhar chun an suíomh a fhorbairt (Uimh. Thagartha. ABP: 308412-20). Beidh an fhorbairt páirceanna imeartha atá beartaithe suite ó dheas ó na páirceanna imeartha sacair atá ann cheana agus díreach ó thuaidh ón N6 GCRR atá beartaithe.

Tá leagan amach na forbartha páirceanna imeartha deartha leis an N6 GCRR atá beartaithe a thabhairt san áireamh. Áirítear leis an bhforbairt páirceanna imeartha atá beartaithe freisin foráil maidir le limistéar feabhsaithe bithéagsúlachta do thuaisceart (cois abhann) na bpáirceanna imeartha atá ann cheana.

Tá an fhorbairt páirceanna imeartha atá beartaithe laistigh de Champas Spórt Ollscoil na Gaillimhe atá ann cheana suite ar pháirceanna imeartha atá ann cheana ar thalamh atá criosaithe d'úsáid caithimh aimsire agus taitneamhachta, agus ní thiocfaidh tuilleadh tionchar tírdhreacha agus amhairc carnach as an bhforbairt. Cé go gcuirtear tuilsoilsiú ar fáil freisin, níl sé sin neamhoiriúnach i gcomhthéacs an champais spóirt mórthimpeall.

Thug An Bord Pleanála cead do Mheánscoil Phaitríoch Naomh Seosamh i mí na Nollag 2024 le haghaidh suíomh ag Bóthar an Daingin díreach soir ó Achadh an Churraigh agus soir ón N6 GCRR atá beartaithe. Tá an fhorbairt scoile atá beartaithe in aice leis na tailte don N6 GCRR atá beartaithe, agus d'fhéadfadh tógáil an N6 GCRR atá beartaithe tionchair shuntasacha amhairc a chruthú don scoil. D'fhéadfadh an dá fhorbairt tionchair mheasartha charnacha amhairc le linn na céime tógála agus oibríochta a ghiniúint le haghaidh réadmhaoine cónaithe ag Arda an Daingin agus an Cuarbhóthar díreach siar ó Bhóthar an Daingin N59.

Tá roinnt limistéar den chriosú cónaithe ann ag Troscaigh Thoir, Baile an Mhóinín, Rathún, Leitreach, Baile an Dúlaigh agus An Caisleán Gearr; agus tá forbairt leanúnach chónaithe agus chomhghaolmhar i spás oscailte ina gné shuntasach feadh codanna den Tionscadal. Tá braislí forbartha cónaithe fós ar siúl freisin i mbailte fearainn Bhaile na hAbhann Thoir / Bhaile na mBúrcach / Bóthar Bhaile an Mhóinín, Mionchluain / Bóthar Rathúin, Leitreach, agus ag Barr na Crannaí / An Daingean Uachtair. Tá na príomhfhorbairtí, (mar a shonraítear i Tábla 12**Error! Use the Home tab to apply to the text that you want to appear here.**.9)) suite ar thailte criosaithe ar imeall forbartha na Cathrach mar atá faoi láthair nó i mBearna, agus ní thiocfaidh tionchair shuntasacha tírdhreacha agus amhairc ná tionchair charnacha dá dtoradh.

Tá limistéar fiontair agus tionscail agus an zónáil a bhaineann leis luaite ó thuaidh agus thoir de Ráschúrsa na Gaillimhe, ach tá cuid mhaith den talamh seo forbartha cheana féin laistigh de Pháirc Ghnó na Páirce Móire.

Luíonn an ceann thoir den Tionscadal laistigh den limistéar atá cumhdaithe i nDréachtphlean Ceantair Áitiúil (PCÁ) na nArdán. (LAP). Sa Phlean LAP tá mórfhorbairt beartaithe sa limistéar seo, lena n-áirítear forbairtí nua cónaithe agus tionsclaíocha ar c.81 heicteár den limistéar iomlán- c.164 heicteár ar an taobh thoir den chathair. Ritheann an chonair M6/N6 atá ann cheana trí lár limistéar an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil agus ceanglaíonn N6 GCRR atá beartaithe isteach leis an mbonneagar bóithre atá ann cheana laistigh de cheantar an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil. Cé go bhfuil sé i gceist sa Phlean LAP go mbeidh athruithe suntasacha ar thírdhreach agus ar amhairc an cheantair, is dócha go gcuirfear na bearta i gcrích thar tréimhse fada ama. Ach mar sin féin, ag brath ar chathain a chríochnófar an tionscadal, tá an fhéidearthacht ann go dtarlóidh tionchair charnacha teoranta nó nach mbeadh chomh suntasach sin sa tírdhreach agus san amharc.

Tá tuilleadh forbairtí i gceist ag Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG), forbairtí a bhaineann le trácht, lena n-áirítear iompar poiblí agus bearta maidir le rotharbhealaí agus glasbhealaí. Mar sin féin, ní dócha go mbeidh aon drochthionchar eile ag na bearta sin ar an socrú tírdhreacha nó amhairc feadh an Tionscadail.

Tá an tionscadal maidir le Síneadh le Calafort na Gaillimhe ag an gcéim pleanála. Mar sin féin, má cheadaítear é, níltear ag súil go dtiocfaidh aon tionchar tírdhreacha nó amhairc carnach suntasach chun cinn mar gheall ar an achar deighilte idir an Tionscadal agus suíomh an chalafoirt.

Cead le haghaidh forbartha chun struchtúr laitíse teileachumarsáide 24m ar airde a chur suas lena n-áirítear ceannfhráma maille le haeróga, miasa agus trealamh teileachumarsáide comhghaolmhar a bheidh iniata uile le fálú slándála ag Bóthar na Ceapaí, Bearna (Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Uimh. Thagartha: 24/60137) Táthar á achomharc ag an mBord Pleanála (ABP tag.: 321367-24). Is limistéar é an suíomh ina bhfuil sciath láidir le fáil suite gar do Bhóithrín na Buaile Bige ó thuaidh ón N6 GCRR atá beartaithe ag tuairim is Ch. 4+650. Mar sin féin, má cheadaítear é, níltear ag súil go dtiocfaidh aon tionchair charnacha tírdhreacha nó amhairc shuntasacha eile chun cinn i bhfianaise chomhthéacs an tsuímh cóngarach don N6 GCRR atá beartaithe, rud a mbeidh tionchair shuntasacha aige ar thírdhreach agus nádúr amhairc an cheantair.

Déantar tionscadail eile, cosúil le Tionscadal Bóthair N59 ón Teach Dóite go hUachtar Ard (toilithe agus réamh-thógáil) a mheas mar chinn atá rófhada ón Tionscadal chun tionchair charnacha tírdhreacha agus/nó amhairc a chruthú.

I measc na dtionscadal suntasach a ndearnadh a mheas laistigh den mheasúnacht seo tá na cinn úd i Tábla 12**Error! Use the Home tab to apply to the text that you want to appear here.**.9.

**Tábla 12**Error! Use the Home tab to apply  to the text that you want to appear here.**.9 Tionscadail  Shuntasacha a áirítear leis an Measúnacht ar an Tionchar Carnach**

| Tagairt an Iarratais Pleanála | Údarás Pleanála | Cineál na Forbartha | Seoladh | Tionchair Charnacha Shuntasacha Dhóchúla |
|---|---|---|---|---|
| 304762 | An Bord Pleanála | Cónaitheach<br>(238 aonad agus forbairt ghaolmhar) | Baile na mBúrcach, Gaillimh | Gan aon tionchar suntasach ag eascairt as an bhforbairt seo.<br>Tá tionchair shuntasacha ann cheana a sainaithníodh don Tionscadal féin. |
| 23/129<br>318465 | Comhairle Cathrach na Gaillimhe<br>An Bord Pleanála | Cónaitheach<br>(148 aonad agus forbairt ghaolmhar) | Rathún, Leitreach, Gaillimh | Gan aon tionchar suntasach ag eascairt as an bhforbairt seo.<br>Tá tionchair shuntasacha ann cheana a sainaithníodh don Tionscadal féin. |
| 2460270 | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Cónaitheach<br>(156 aonad agus forbairt ghaolmhar) | Bóthar Bhaile an Mhóinín (L5024), An Caorán agus Baile na hAbhann Thoir, Gaillimh | Gan aon tionchar suntasach ag eascairt as an bhforbairt seo.<br>Tá tionchair shuntasacha ann cheana a sainaithníodh don Tionscadal féin. |
| 2460394 | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | (53 aonad agus forbairt ghaolmhar) | Bóthar Leitrí (L1000). Leitreach, Gaillimh | Gan aon tionchar suntasach ag eascairt as an bhforbairt seo.<br>Tá tionchair shuntasacha ann cheana a sainaithníodh don Tionscadal féin. |
| 2460056 | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | (20 aonad agus forbairt ghaolmhar) | Bóthar Leitrí, Gaillimh | Gan aon tionchar suntasach ag eascairt as an bhforbairt seo.<br>Tá tionchair shuntasacha ann cheana a sainaithníodh don Tionscadal féin. |
| 19/372<br>308412 | Comhairle Cathrach na Gaillimhe<br>An Bord Pleanála | Spóirt<br>(Páirceanna imeartha agus forbairt ghaolmhar) | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Tailte Spórt, An Daingean, Gaillimh | Gan aon tionchar suntasach ag eascairt as an bhforbairt seo.<br>Tá tionchair shuntasacha ann cheana a sainaithníodh don Tionscadal féin. |
| 24/60279 | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Spóirt | Ráschúrsa na Gaillimhe, Baile an Bhriotaigh, Gaillimh | Gan aon tionchar suntasach ag eascairt as an bhforbairt seo: (San áireamh sa |

| Tagairt an Iarratais Pleanála | Údarás Pleanála | Cineál na Forbartha | Seoladh | Tionchair Charnacha Shuntasacha Dhóchúla |
|---|---|---|---|---|
| | | (Stáblaí sealadacha a thógáil agus a scartáil, agus stáblaí buana a thógáil agus forbairt chomhghaolmhar) | | mheasúnacht ag Codanna 12.4 & 12.5 den Chaibidil seo)<br>Gan aon tionchar suntasach ag eascairt as an bhforbairt seo.<br>Tá tionchair shuntasacha ann cheana a sainaithníodh don Tionscadal féin. |
| 24/60137<br>321367 | Comhairle Cathrach na Gaillimhe<br>An Bord Pleanála | Bonneagar<br>(Déanmhas teileachumarsáide 24m in airde agus forbairt ghaolmhar) | Bóthar na Ceapaí, Bearna, Gaillimh | Gan aon tionchar suntasach ag eascairt as an bhforbairt seo.<br>Tá tionchair shuntasacha ann cheana a sainaithníodh don Tionscadal féin. |
| 22/271<br>315478 | Comhairle Cathrach na Gaillimhe<br>An Bord Pleanála | Cónaitheach<br>(Athrú ar an gceann a ceadaíodh roimhe seo (Uimh. Thagartha: 20/249) teaghais chónaithe dhá stór agus forbairt ghaolmhar) | Cnoc Dhroim na Gaoithe, Barr na Crannaí, Páirc na Sceach, Gaillimh | Gan aon tionchar suntasach ag eascairt as an bhforbairt seo.<br>Tá tionchair shuntasacha ann cheana a sainaithníodh don Tionscadal féin. |
| 23/141<br>320047 | Comhairle Cathrach na Gaillimhe<br>An Bord Pleanála | Oideachasúil<br>(Tógáil scoile agus forbairt ghaolmhar) | Go díreach soir ó Achadh an Churraigh, An Daingean Íochtair, Gaillimh | Tionchar measartha ag eascairt as an bhforbairt seo.<br>Tá tionchair shuntasacha ann cheana a sainaithníodh don Tionscadal féin. |

Mar achoimre meastar go bhfuil acmhainn theoranta ann le haghaidh aon tionchair charnacha shuntasacha le forbairtí eile atá pleanáilte nó a d'fhéadfadh a bheith ann, agus nach méadófar sa bhreis leo sin na drochthionchair nó na tionchair dhiúltacha atá ag an Tionscadal.

## 12.9 Achoimre

Gabhann an Tionscadal trí thírdhreach tuaithe / cathrach siar, ó thuaidh agus soir ó Chathair na Gaillimhe. Is gné shuntasach í forbairt chónaithe, go háirithe feadh na mbóithre áitiúla ó Bhearna aniar go Leitreach; i bhforbairtí bruachbhailte ag Barr na Crannaí agus an Daingean i dtuaisceart na cathrach; feadh Bhóthar Áth Cinn an N84 ag Baile an Dúlaigh agus timpeall ar lonnaíocht sráidbhaile an Chaisleáin Ghearr soir agus soir ó thuaidh ón gcathair.

Baineann cáilíocht agus íogaireacht fhíorard tírdhreacha agus amhairc le roinnt ceantar feadh an Tionscadail - go háirithe láraithe ar Abhainn na Gaillimhe agus ar a gleann leathan ísealchríoch, agus fothrach cois abhann Chaisleán Mhionlaigh agus taitneamhacht ardcháilíocht agus tailte spórt Ollscoil na Gaillimhe. Is limistéir íogaire tírdhreacha iad freisin na limistéir iargúlta, breacnádúrtha aolchloiche agus scrobarnaí ag Mionlach agus Cúil Each agus is tírdhreacha suntasacha iad Loch Bhaile an Dúlaigh agus Ráschúrsa na Gaillimhe freisin.

De bharr chineál an tírdhreacha bhunaidh, eascróidh réimse tionchar suntasach trom ó thaobh tírdhreacha agus amhairc de ó chéim tógála agus oibríochtúil an Tionscadail, ar a laghad go dtí an uair a bheidh na tograí fairsinge maolaithe tírdhreacha bunaithe agus éifeachtach i bhfeidhm. De réir mar a chuirtear plandaí agus mar a fhásann siad, rachaidh cruas an tírdhreacha agus na tionchair fhisiúla in éag diaidh ar ndiaidh.

Fiú amháin le forbairt an phlandaithe mhaolaithe, leanfaidh tionchar diúltach amhairc ag teacht aníos le haghaidh réadmhaoine cónaithe agus eile atá suite gar do theorainn an Tionscadail nó in aice leis, agus áit a dtrasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe lena n-áirítear Droichead mór Abhainn na Gaillimhe limistéir íogaire tírdhreacha.

Dá réir sin, leanfaidh an Tionscadal ar aghaidh ag cruthú tionchair amhairc níos fadtéarmaí do réadmhaoine atá suite díreach feadh an N6 GCRR atá beartaithe, mar a ritheann sé ar chlaífoirt arda agus mar a dteastaíonn ballaí coinneála uaidh. Is díol suntais ar leith é sin trí Bharr na Crannaí / An Daingean / Achadh an Churraigh agus ag Baile an Phoill agus An Caisleán Gearr chomh maith le suíomhanna scaipthe feadh an N6 GCRR atá beartaithe.

Beidh tionchar buan agus suntasach ag an droichead agus na claífoirt agus tarbhealach comhghaolmhar atá beartaithe ar bhruach thoir na habhann ar ghleann agus suíomh Abhainn na Gaillimhe ina bhfuil tírdhreach breacnádúrtha le fáil, chomh maith leis an taitneamhacht áineasa agus spórt atá le fáil ag ceann thuaidh Champas Spórt Ollscoil na Gaillimhe. Mar sin féin, tugtar dá aire go bhfuair Ollscoil na Gaillimhe cead pleanála le haghaidh páirceanna imeartha malartacha (Uimh. Thagartha. ABP: 308412-20).

## 12.10 Tagairtí


An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (2022) *Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Assessment Reports.*

Fáilte Ireland. (2009) *Determination of Waters of National Tourism Significance and Associated Water Quality Status.*

F.H.A. Aalen et. al. (Eagarthóirí). (1997) *Atlas of the Irish Rural Landscape*.

Comhairle Chontae na Gaillimhe. (2023) *Plean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2023-2029.*

Comhairle Cathrach na Gaillimhe & Comhairle Chontae na Gaillimhe. (2016) Straitéis na Gaillimhe.

Comhairle Chontae na Gaillimhe. (2022) *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028*.

Comhairle Chontae na Gaillimhe. (2022) *Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha* (Aguisín 4 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028).

Comhairle Chontae na Gaillimhe. Comhairle Cathrach na Gaillimhe. (2018) *Plean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018–2024*

Comhairle Chontae na Gaillimhe. (2006) *N6 Galway City Outer Bypass RTT*.

An Institiúid Tírdhreacha agus Institiúid um Bainistiú agus Mheasúnú an Chomhshaoil. (2013) *Guidelines for Landscape and Visual Impact Assessment,* an 3ú hEagrán.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (NRA). (2006a) *A Guide to Landscape Treatments for National Road Schemes in Ireland*.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (NRA). (2006b) *Guidelines for Protection and Preservation of Trees, Hedgerows and Scrub Prior to, during and Post Construction of National Road Schemes*.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (NRA). (2008) *Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar Scéimeanna Bóthair Náisiúnta – Treoir Phraiticiúil.*

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (NRA). (2010) *Guidelines on the Management of Noxious Weeds and Non-Native Invasive Plant Species on National Roads* (Athbhreithniú 1).

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (NRA). (2012) *Guidelines on the Implementation of Landscape Treatments on National Road Schemes in Ireland*.

Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) (2024) *Design and Delivery of Soft Landscape Treatments in Urban Transport Environments (GE-ENV-03002).*

Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) (2020a) *Landscape Character Assessment (LCA) and Landscape and Visual Impact Assessment (LVIA) of Specified Infrastructure Projects - Overarching Technical Document (PE-ENV-01101).*

Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) (2020b) *Landscape Character Assessment (LCA) and Landscape and Visual Impact Assessment (LVIA) of Proposed National Roads – Standard (PE-ENV-01102).* BIÉ, 2020.

Bonneagar Iompair Éireann. (TII). (2016-2017) *Project Appraisal Guidelines (Leasú 1).*

**Foinsí Leictreonacha**

www.osi.ie - Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann

www.buildingsofireland.ie- An Fardal Náisiúnta Oidhreachta Ailtireachta (NIAH) Historic Gardens and Designed Landscapes

www.googleearth.com - Tacar sonraí aerfótagraf

www.bingmaps.com - Tacar sonraí aerfótagraf

www.galwaycity.ie - Comhairle Cathrach na Gaillimhe

www.galway.ie - Comhairle Chontae na Gaillimhe

www.tiipublications.ie - Foilseacháin TII (NRA)